

# MEASÚNÚ I gCURACLAM NA BUNSCOILE

## Treoirlínte do Scoileanna

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| **Réamhrá** | | **03** |
| **Rannán 1** | **Measúnú a athshamhlú** | **06** |
| | Cad é is cuspóir don mheasúnú i *gCuraclam na Bunscoile*? | 07 |
| | Cad é atá i gceist le measúnú? | 07 |
| | Cén dóigh a forbraíodh measúnú ó foilsíodh *Curaclam na Bunscoile*? | 08 |
| **Rannán 2** | **Modhanna measúnaithe sa seomra ranga** | **12** |
| | Féinmheasúnú | 14 |
| | Comhdháil | 24 |
| | Measúnú ar fhillteáin tionscadail | 30 |
| | Léarscáiliú coincheapa | 36 |
| | Ceistiú | 42 |
| | Dírbhreathnú an mhúinteora | 46 |
| | Tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir | 54 |
| | Trialacha caighdeánaithe | 60 |
| **Rannán 3** | **Amharc níos dlúithe ar McF agus MdF** | **70** |
| | Eolas measúnaithe a bhailiú | 70 |
| | Eolas measúnaithe a thaifeadadh | 70 |
| | Eolas measúnaithe a léirmhíniú | 71 |
| | Eolas measúnaithe a úsáid | 71 |
| | Eolas measúnaithe a thuairisciú | 71 |
| **Rannán 4** | **Polasaí scoile ar mheasúnú** | **76** |
| | Ábhar an pholasaí measúnaithe | 77 |
| | Cén fáth ar chóir foghlaim na bpáistí a mheasúnú? | 77 |
| | Cad é ar chóir measúnú a dhéanamh air? | 77 |
| | Cen uair ar chóir foghlaim páistí a mheasúnú? | 77 |
| | Cén dóigh ar chóir foghlaim páistí a mheasúnú? | 78 |
| | Cén áit ar chóir eolas measúnaithe a thaifeadadh? | 79 |
| | Cén dóigh ar chóir eolas measúnaithe a thaifeadadh? | 79 |
| | Cé lenar chóir eolas measúnaithe a roinnt? | 80 |
| | Cén dóigh ar chóir eolas measúnaithe a roinnt le daoine eile? | 80 |
| | Cén fad ama ar chóir eolas measúnaithe a stóráil? | 80 |
| **Aguisíní** | **Aguisín A** | |
| | Tuilleadh eolais ar mhodhanna measúnaithe sa seomra ranga | 84 |
| | **Aguisín B** | |
| | Acmhainní ar féidir fótachóipeanna a dhéanamh díobh | 91 |
| | **Aguisín C** | |
| | Ceanglais reachtacha maidir le polasaí measúnaithe | 95 |
| | **Aguisín D** | |
| | Róil na n-eagraíochtaí seachtracha maidir le tacaíocht a thabhairt d’fhoghlaim páistí | 97 |
| **Leabharliosta** | | 99 |

# Réamhrá

Rinneadh an cháipéis seo, *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna*, a fhorbairt d'fhonn eolas agus tuiscint múinteoirí ar mheasúnú a thacú, agus d'fhonn cuidiú le scoileanna polasaí ar mheasúnú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Soláthraíonn na treoirlínte samplaí de na dóigheanna a mbailíonn múinteoirí eolas faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil na bpáistí, an dóigh a n-úsáideann siad an t-eolas seo chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú, agus an dóigh a dtuairiscíonn siad an t-eolas seo do gach duine atá bainteach le hoideachas páistí.

Cuimsíonn an cháipéis ceithre rannán. I rannán 1, *Measúnú a athshamhlú*, cuirtear dhá mhodh measúnaithe i láthair—measúnú chun foghlama (McF) agus measúnú den fhoghlaim (MdF). Cuireann an dá chur chuige seo leis na ceithre chuspóir ar mheasúnú atá leagtha amach i *gCuraclam na Bunscoile* (1999)—cuspóir múnlaitheach, suimitheach, meastóireachta agus diagnóiseach. Déanann an rannán seo mionchur síos ar McF agus MdF agus tá tuilleadh sonraí ar fáil i Rannán 3.

I Rannán 2, *Modhanna measúnaithe sa seomra ranga*, déantar cur síos ar raon modhanna a úsáideann múinteoirí d'fhonn foghlaim páistí a mheasúnú. Chomh maith leis seo, cuimsítear cur síos ar an dóigh a n-úsáideann múinteoirí na modhanna seo chun tacú le foghlaim páistí, agus lena dteagasc.

I Rannán 3, *Amharc níos dlúithe ar McF agus MdF*, déantar comparáid agus codarsnacht idir an dá chur chuige ar mheasúnú. Sonraítear cúig ghníomhaíocht mheasúnaithe—bailiú, taifeadadh, léirmhíniú, úsáid, agus tuairisciú—le buntáistí an dá chur chuige a thaispeáint agus iad i bhfeidhm.

I Rannán 4, P*olasaí scoile ar mheasúnú*, soláthraítear comhairle ar fhorbairt polasaí na scoile ar mheasúnú. Cuirtear béim ar na riachtanais reachtacha a bhaineann le taifeadadh agus tuairisciú eolais faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil páistí.

Cuireann Aguisín A tuilleadh eolais ar mhodhanna measúnaithe sa seomra ranga i láthair d'fhonn acmhainní ar féidir fótacóipeanna a dhéanamh díobh a chur le Rannán 2 le haghaidh cuid de na modhanna seo atá in Aguisín B. In Aguisín C, déantar cur síos ar na riachtanais reachtacha a bhaineann le scoileanna maidir le polasaí ar mheasúnú. Déanann Aguisín D achoimriú ar róil na n-eagraíochtaí éagsúla maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim páistí.



# RANNÁN 1

# MEASÚNÚ A ATHSHAMHLÚ



# Rannán 1 Measúnú a athshamhlú

## Gníomhaíocht shamplach 1 Measúnú á dhéanamh

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim/Ábhar | **Matamaitic** |
| Snáithe | **Tomhais** |
| Snáithaonad | **Fad** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go mbeadh an páiste ábalta fad a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a thaifeadadh bunaithe ar aonaid neamhchaighdeánacha.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a haon agus a dó** |
| Snáithe | **Uimhreacha** |
| Snáithaonad | **Oibríochtaí—Suimiú** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go mbeadh an páiste ábalta uimhreacha a shuimiú ag athainmniú agus gan athainmniú a dhéanamh laistigh de 99.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a haon agus a dó** |

Cuireann Iníon Coffey na seisear páiste is fiche atá i rang a haon agus i rang a dó i gceithre ghrúpa—trí ghrúpa de chúigear i rang a dó agus grúpa mór amháin de dhuine dhéag i rang a haon. Le cur leis an obair phraiticiúil ar uimhreacha a shuimiú ag athainmniú agus gan athainmniú a dhéanamh laistigh de 99, a rinneadh le roinnt laethanta anuas, tugann Iníon Coffey roinnt gníomhaíochtaí uimhreacha agus ciseán acmhainní (cipíní líriceáin, ciúbanna unifix, stick-a-bricks, agus stiallacha uimhreacha) do gach grúpa as rang a dó. Oibríonn na páistí le chéile leis na fadhbanna a réiteach.

Idir an dá linn, oibríonn Iníon Coffey leis na páistí ó rang a haon d'fhonn a scileanna a fhorbairt maidir le fad a thomhas bunaithe ar aonaid neamhchaighdeánacha. Pléann sí an tábhacht atá le heolas a bheith acu faoi fhad, agus luann sí samplaí ó ghnáth-ghníomhaíochtaí laethúla. Léiríonn sí dóibh an dóigh le fad leabhair a thomhas ag úsáid boscaí cipíní, an dóigh le fad deisce a thomhas ag úsáid cleiteán, agus an dóigh le fad an tseomra ranga a thomhas ag úsáid coiscéimeanna. Iarrann Iníon Coffey ar na páistí oibriú i bpéirí (le grúpa amháin a bhfuil triúr ann) le fad rudaí a thomhas, rudaí mar a gcóipleabhair, a málaí scoile, réisí a lámh, agus leabharlann an ranga. Le linn na ngníomhaíochtaí, breathnaíonn sí ar na páistí ag obair agus labhraíonn sí leo faoina gcuid torthaí. Cuireann sí na straitéisí tábhachtacha a úsáidtear le rudaí a thomhas i gcuimhne do na páistí, mar shampla na haonaid tomhais a chur ó cheann go ceann, an chéad aonad a chur ar imeall an ruda atá á thomhas, agus pointeáil ar na haonaid tomhais agus iad á gcuntas.

Nuair atá a dtascanna tomhais déanta, iarrann Iníon Coffey orthu a dtorthaí a roinnt mar ghrúpa. Pléann siad na torthaí agus tugann sí aiseolas dóibh, rud a chuidíonn leo scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna go bhfuil difríochtaí suntasacha ina gcuid torthaí. Bíonn difríochtaí suntasacha de bhrí nach gcuireann na páistí na haonaid tomhais ó cheann go ceann agus bíonn earráidí cuntais ann in amanna freisin. Tugann sí faoi deara go bhfuil níos mó taithí ag teastáil ó chuid de na páistí i dtomhas cruinn a dhéanamh, agus socraíonn Iníon Coffey go dtabharfaidh sí tascanna comhchosúla dóibh an chéad lá eile.

Taispeánann an cuntas seo ar chleachtas seomra ranga a dhéanann múinteoir amháin go bhfuil *measúnú lárnach i ngach réimse den churaclam agus cuimsíonn sé gnéithe ilghnéitheacha foghlama*, mar a mholann *Curaclam na Bunscoile (Curaclam na Bunscoile, Réamhrá*, lch. 18). Sa sampla seo, soláthraíonn an measúnú an t-eolas don mhúinteoir atá de dhíth uirthi d'fhonn cinntí tábhachtacha a dhéanamh faoin bpróiseas teagaisc agus foghlama—cuspóirí curaclaim a roghnú, modheolaíochtaí cuí teagaisc a shainaithint, gníomhaíochtaí foghlama a dhearadh, acmhainní oiriúnacha a roghnú, foghlaim a idirdhealú, agus aiseolas a thabhairt do na páistí maidir le conas atá ag éirí leo. Tríd na gnáth-ghníomhaíochtaí laethúla seo a chur i bhfeidhm, bíonn measúnú lárnach don teagasc agus don fhoghlaim.

## Cad é is cuspóir don mheasúnú i gCuraclam na Bunscoile?

Baineann measúnú le léargas a fháil ar dhul chun cinn agus/nó ar ghnóthachtáil an pháiste san fhoghlaim i ngach gné de *Churaclam na Bunscoile*. Múnlaíonn eolas faoin **dóigh** a bhfoghlaimíonn an páiste (an próiseas foghlama) agus eolas faoin **rud** a fhoghlaimíonn an páiste (torthaí foghlama) an léargas sin. Úsáideann an múinteoir an t-eolas sin le foghlaim reatha an pháiste a shainaithint agus a cheiliúradh, agus leis an tacaíocht chuí a chur ar fáil do/di le haghaidh foghlama amach anseo.

## Cad é atá i gceist le measúnú?

Ó thaobh an mhúinteora de, baineann measúnú le bailiú eolais chun tuiscint níos fearr a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag gach páiste ar scoil agus an t-eolas sin a úsáid le foghlaim an pháiste a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá i bhfad níos mó i gceist le measúnú ná triail amháin. Baineann sé leis na hidirghníomhaíochtaí laethúla idir an múinteoir agus gach páiste, comhráite, dírbhreathnú agus gníomhartha nóiméad go nóiméad san áireamh.


> Is éard is measúnú ann ná an próiseas trína dhéantar eolas **a bhailiú**, **a thaifeadadh**, **a léirmhíniú**, **a úsáid** agus **a thuairisciú** faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil páiste maidir le forbairt a n-eolas, a gcuid scileanna agus a gcuid meonta.

Cé acu atá an múinteoir ag cur ceisteanna ar pháistí nó ag éisteacht leo, ag breathnú ar pháistí agus iad ag obair ar thasc, nó ag úsáid torthaí ó thriail sheachtainiúil mar bhonn eolais do theasgasc agus d'fhoghlaim, bíonn a lán gníomhartha forluiteacha agus is minic a bhíonn gníomhartha comhuaineacha i gceist le measúnú freisin—eolas a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. D'fhéadfaí go dtarlaíonn na gníomhartha seo laistigh de chúpla soicind nó i gcodarsnacht leis sin, thar thréimhse laethanta nó seachtainí ag brath ar chuspóir an mheasúnaithe agus ar na modhanna a úsáidtear. Nuair a bhailítear an t-eolas, bíonn tuiscint níos fearr ag an múinteoir ar an rud a fhoghlaimíonn an páiste agus ar an dóigh a bhfoghlaimíonn sé/sí.

Úsáideann an múinteoir an t-eolas sin le heispéiris foghlama a phleanáil, eispéiris atá bunaithe ar chuspóirí oiriúnacha ón gcuraclam agus ar fhoghlaim an pháiste roimhe seo: *Nuair a dhéantar measúnú, bíonn an múinteoir in ann léargas cuimsitheach a fháil de riachtanais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha an pháiste agus bíonn sé nó sí in ann obair a phleanáil dá réir* (*Curaclam na Bunscoile. Réamhrá*, lch. 17). Trí eolas a úsáid ar na bealaí seo, déanann an múinteoir foghlaim an pháiste a thacú agus a fhairsingiú.

Dá bhrí sin, tá measúnú mar chuid den mhéid a dhéanann an múinteoir gach lá ina sheomra ranga/seomra ranga, mar a thaispeántar i bhFigiúr 1.

**Figiúr 1: Measúnú mar chuid de chleachtas an tseomra ranga**




## Cén dóigh a forbraíodh measúnú ó foilsíodh Curaclam na Bunscoile?

Cuireann *Curaclam na Bunscoile* béim, i dtéarmaí ginearálta, ar thábhacht an mheasúnaithe a chuireann ar chumas an mhúinteora foghlaim páistí a fhairsingiú agus a fheabhsú i ngach gné den churaclam. Le blianta beaga anuas, tá béim níos sainiúla curtha ag taighde, teoiric agus cleachtas teagaisc ar **an dóigh** ar féidir leis an múinteoir measúnú a úsáid le foghlaim a dhéanamh níos pléisiúrtha, níos inspreagthaí, agus níos rathúla do gach páiste. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar na forbairtí seo, agus déanann siad cur síos ar *athshamhlú an mheasúnaithe* sa bhunscoil agus cuireann siad eolas agus samplaí ar fáil don mhúinteoir a thaispeánann an dóigh ar féidir measúnú a dhéanamh i gcleachtas laethúil sa seomra ranga.

Dar leis an gcuraclam, tá ceithre fheidhm ag measúnú—feidhm mhúnlaitheach, shuimitheach, mheastóireachta agus dhiagnóiseach. Trí mheasúnú a athshamhlú sa bhunscoil, cuireann na treoirlínte leis na feidhmeanna sin, agus díríonn siad ar dhá phríomhchur chuige ar mheasúnú:

- Measúnú chun Foghlama (McF)
- Measúnú den Fhoghlaim (MdF).

Cuireann an dá chur chuige idirghaolmhara agus comhlántacha seo béim ar dhá ghné de mheasúnú atá lárnach d’obair an mhúinteora:

- Úsáideann an múinteoir fianaise ar bhonn leanúnach mar bhonn eolais do theagasc agus d’fhoghlaim (McF).
- Déanann an múinteoir taifead ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil na bpáistí ar bhonn tréimhsiúil d’fhonn é a thuairisciú do thuismitheoirí[1], do mhúinteoirí agus do dhaoine ábhartha eile (MdF).

---

1 Sna treoirlínte seo, is éard is brí leis an téarma *tuismitheoirí* ná príomhchúramóirí agus príomhoideoirí an pháiste. Áirítear orthu seo athair agus máthair agus/nó caomhnóirí an pháiste.

## Measúnú chun Foghlama (McF)

Déanann coincheap an mheasúnaithe chun foghlama (McF) acmhainneacht an mheasúnaithe mhúnlaithigh a fhairsingiú. Cuireann sé béim ar ról gníomhach an pháiste ina ról foghlama féin, sa mhéid is go n-aontaíonn an múinteoir agus an páiste faoi na torthaí ba chóir a bheith ar an bhfoghlaim agus faoi na critéir leis an méid ar baineadh amach na torthaí sin a mheas. Go bunúsach, cuidíonn McF le páistí agus le múinteoirí díriú ar thrí phríomhcheist:

- **cad é atá á bhaint amach** ag páistí ina gcuid foghlama **anois**?
- **cad é a bheidh á bhaint amach** ag páistí ina gcuid foghlama **amach anseo**?
- **cén dóigh** a bhainfidh na páistí amach **an chéad leibhéal eile** ina gcuid foghlama?

Dá bhrí sin, is cuid lárnach de McF í aiseolas a thabhairt do na páistí. Tá an t-aiseolas seo bunaithe ar fhianaise faoin dóigh agus faoin rud a bhíonn i gceist agus na páistí ag foghlaim. Má tá aiseolas bunaithe ar an bhfoghlaim nó ar thasc atá á dhéanamh, d’fhéadfaí go gcuideoidh seo leis na páistí an méid dul chun cinn atá déanta acu agus a ngnóthachtáil a shainaithint agus a cheiliúradh, dúshláin a bhíonn os a gcomhair a aithint agus cinneadh a dhéanamh ar na céad chéimeanna eile ba chóir a ghlacadh. Má bhíonn an bhaint seo acu le múnlú a gcuid foghlama féin, d’fhéadfaí go méadóidh leibhéal feasachta na bpáistí fúthu féin mar fhoghlaimeoirí agus d’fhéadfaí go spreagfar iad le níos mó freagrachta pearsanta a ghlacadh as a bhfoghlaim féin agus lena bheith bródúil as a bhfoghlaim féin.

Go ginearálta, ní tharlaíonn McF ag deireadh píosa áirithe oibre nó ag deireadh tréimhse áirithe ama. Tarlaíonn sé de ghnáth sna hidirghníomhaíochta ó lá go lá, agus ó nóiméad go nóiméad idir na múinteoirí agus na páistí. D’fhéadfaí go gcuirfidh gach rud a dhéanann, a deir agus a chruthaíonn páistí eolas ar fáil don mhúinteoir agus do na páistí féin faoi na rudaí a thuigeann siad agus faoi na rudaí nach dtuigeann siad agus faoi na rudaí atá siad ábalta a dhéanamh agus faoi na rudaí nach bhfuil siad ábalta a dhéanamh. Áirítear leis seo, ceisteanna a chuireann páistí, obair ar thionscadal nó ar thasc a dhéanann páistí astu féin nó le páistí eile, súgradh, dearadh agus déanamh sampla, agus mar sin de. Le cuidiú McF, léirmhíníonn an múinteoir an t-eolas seo agus úsáideann sé/sí é le tacaíocht a thabhairt do na páistí ina gcuid oibre agus le réamhphleanáil a dhéanamh. Ar an dóigh seo, is féidir leis an múinteoir McF a chomhtháthú in idirghníomhaíochtaí idir an múinteoir agus an páiste agus b’fhéidir go mbreathnóidh páistí air mar chuid nádúrtha den dóigh a bhfoghlaimíonn siad ar scoil.

Is féidir le múinteoir eolas as McF a úsáid fosta lena t(h)eagasc féin a mheas. Is féidir le múinteoir athruithe a dhéanamh ar a p(h)leanáil, a straitéisí eagrúcháin, agus a m(h)odheolaíochtaí teagaisc, bunaithe ar eolas a bailíodh ó pháistí, d’fhonn foghlaim a dhéanamh níos rathúla do na páistí.

## Measúnú den Fhoghlaim (MdF)

I gcodarsnacht, díríonn measúnú den fhoghlaim (MdF) ar mheasúnú meántéarmach agus fadtéarmach. Go ginearálta, baineann MdF le foghlaim páiste a mheasúnú ag deireadh tréimhse faoi leith, bíodh sin ag deireadh aonaid oibre, seachtaine, téarma, nó bliana. I gcás MdF, cuirtear an béim ar dhul chun cinn carnach an pháiste a thomhas, maidir le cuspóirí curaclaim. Is é grád nó scór an t-aon aiseolas a fhaigheann páistí go minic. Cé go mbíonn na torthaí seo úsáideach don mhúinteoir, d’fhéadfaí nach mbeadh siad úsáideach don pháiste, ach amháin má shainaithníonn an múinteoir an t-eolas riachtanach a chuireann siad ar fáil faoi dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an pháiste agus má chuireann sé/sí seo in iúl don pháiste. Cuidíonn MdF leis an múinteoir obair a phleanáil don am atá le teacht, spriocanna úra a leagan síos, agus aiseolas agus eolas a chur ar fáil do mheasúnú deiridh bliana.

Úsáideann an múinteoir eolas ón MdF le haghaidh tuairisciú a dhéanamh le tuismitheoirí agus le múinteoirí eile go háirithe. D’fhéadfadh Cigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE) rochtain a fháil ar thaifid mheasúnaithe le caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a mheas, agus/nó le dul chun cinn i gcur i bhfeidhm an churaclaim a mheas mar chuid de phróiseas Meastóireachta Scoile Uile. D’fhéadfadh síceolaí de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) rochtain a fháil ar an eolas a bailíodh trí MdF fosta, d’fhonn comhoibriú le scoileanna chun riachtanais fhoghlama de pháistí aonair a bhaint amach.

I Rannán 3 sna treoirlínte seo, tá cuntas níos mionchruinne ar **McF** agus **MdF** agus cuirtear béim ar na hacrainmneacha i gcló dubh ionas gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir an dá cheann acu. Cuirtear an dá chur chuige i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile bunaithe ar na cúig ghníomhaíocht sa phróiseas measúnaithe: eolas faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil an pháiste a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú.





# RANNÁN 2

## MODHANNA MEASÚNAITHE SA SEOMRA RANGA

# Rannán 2 Modhanna measúnaithe sa seomra ranga

Sa rannán seo, déantar cur síos ar na modhanna éagsúla chun eolas a bhailiú agus a úsáid faoi cé chomh maith agus atá páistí ag foghlaim ar fud an churaclaim. Tá raon modhanna ann ó dhírbhreathnú agus ó cheistiú mar chuid de theagasc agus d'fhoghlaim laethúil go trialacha caighdeánaithe, an modh níos foirmiúla agus níos struchtúrtha. Trí theaglaim de mhodhanna a úsáid, bailíonn an múinteoir eolas faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil na bpáistí. Bunaithe ar an bhfianaise seo, pleanálann sé/sí an dóigh ar féidir an tacaíocht is éifeachtúla a thabhairt d'fhoghlaim amach anseo.

Ní féidir gach rud a fhoghlaimíonn páiste a mheasúnú agus ní gá gach rud a fhoghlaimíonn sé/sí a mheasúnú. I gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe, is féidir leis an múinteoir *Curaclam na Bunscoile* a úsáid chun cur in ord tosaíochta na rudaí ar chóir dó/di a chumasú don pháiste le déanamh nó le tuiscint i ndáil le heolas, le scileanna, le luachanna, le dearcadh agus le meonta. Díreoidh sé/sí ar fhoghlaim an pháiste in ábhar áirithe corruair ach amharcfaidh sé/sí ar fhoghlaim an pháiste trasna ábhar difriúil corruair eile. Nuair a bhíonn cinneadh déanta ag an múinteoir faoin **rud** a dhéanfar measúnú air, breathnaíonn an múinteoir ar an **dóigh** a ndéanfar é a mheasúnú agus ar an **dóigh** a n-úsáidfear an t-eolas measúnaithe.

Déantar cuid mhór de mheasúnú an mhúinteora go hiomasach agus déantar cuid eile de le haghaidh cuspóirí faoi leith. Tá measúnú iomasach agus measúnú pleanáilte comhlántach agus tá an dá cheann acu riachtanach más maith leis an múinteoir léargas cuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil gach páiste aonair. Mar shampla, nuair a bhíonn an múinteoir ag cuidiú le grúpa de naíonáin shinsearacha scéal a chumadh faoina gcuairt ar an bpáirc áitiúil, tugann sé/sí faoi deara go ndéanann páiste amháin 'a' go mícheart agus go ndéanann páiste eile an rud céanna le 'c' agus 'd'. B'fhéidir go spreagann sé seo an múinteoir chun roinnt dírbhreathnaithe fócasaithe a dhéanamh leis an mbeirt pháistí seo sna céad cúpla lá eile. Trí dhírbhreathnú fócasaithe, is féidir leis an múinteoir an gá atá le tacaíocht a thabhairt do cheann de na páistí a shainaithint agus iad a chur i ngrúpaí litreacha 'c, o, a, d agus p'. Trí léirmhíniú a dhéanamh ar chuid den eolas a roinneann na páistí trína bhfocail, trína gciúnas, trína ngíomhaíochtaí, agus trína n-idirghníomhaíochtaí, is féidir leis an múinteoir measúnú iomasach agus pleanáilte a chothromú sa dóigh is go rachaidh sé chun tairbhe gach páiste mar fhoghlaimeoir.

Sa rannán seo, faigheann múinteoir an tseomra ranga tacaíocht mar tugtar freagraí ar na ceisteanna:

- Cén dóigh a ndéanfaidh mé **measúnú**?
- Cén dóigh a mbainfidh mé **úsáid** as an eolas a bhailím?

Soláthraíonn sé eolas ar ocht modh measúnaithe agus taispeánann sé an dóigh ar féidir na modhanna seo a úsáid le haghaidh McF agus MdF. (Féach Rannáin 1 agus 3.) Is iad na modhanna ná féinmheasúnú, comhdháil, measúnú ar fhillteán tionscadail, léarscáiliú coincheapa, ceistiú, dírbhreathnú an mhúinteora, tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir agus trialacha caighdeánaithe.

Cé go bhfuil níos mó modhanna measúnaithe ann ar féidir le múinteoirí a úsáid agus a úsáideann siad, tá na hocht modh seo luaite sna treoirlínte seo le héagsúlacht na modhanna measúnaithe a léiriú chomh maith leis na tairbhí a fhabhróidh má úsáidtear teaglaim de mhodhanna. Ní churifidh modh measúnaithe amháin eolas úsáideach imleor ar fáil don mhúinteoir ann féin. De ghnáth, úsáidtear modhanna eile ar bhealach áirithe i dteannta modha measúnaithe ar bith, mar shampla, b'fhéidir go ndéanfaí páistí a cheistiú agus a dhírbhreathnú mar chuid de thasc a dhear an múinteoir.

Sna treoirlínte seo, déantar cur síos ar gach modh mar fhreagra ar cheisteanna amhail na ceisteanna seo a leanas:


- **Cad is cuspóir don mhodh measúnaithe seo?**
- **Cén dóigh a n-úsáidtear an modh?**
- **Cén fhaisnéis a thaifeadtar?**
- **Cén dóigh a n-úsáidtear an bhfaisnéis seo?**

Léirítear na modhanna trí shamplaí ó chleachtas. Cuidíonn na samplaí seo, ar a dtugtar **gníomhaíochtaí samplacha**, leis an dóigh a bhfeidhmíonn na modhanna i bhfíorsheomraí ranga a thaispeáint. Díríonn na gníomhaíochtaí samplacha ar ábhair faoi leith nó réimsí faoi leith den churaclam agus ar leibhéil ranga faoi leith. Is féidir cuid mhór de na modhanna a úsáid le hábhair nó le réimsí eile den churaclam, áfach, agus is féidir iad a choigeartú de réir leibhéil ranga eile.[2] Tosaíonn na gníomhaíochtaí samplacha le breac-chuntas ar an réimse curaclaim, ar an ábhar, ar an snáithe, ar an snáithaonad, ar chuspóir(í) curaclaim, agus ar leibhéal/leibhéil an ranga ábhartha i *gCuraclam na Bunscoile*, agus is féidir seo a íoslódáil nó is féidir féachaint air ag **http://www.curriculumonline.ie**. I gcás gníomhaíochtaí samplacha a dhíríonn ar an mBéarla, úsáidtear comhartha '/' chun na snáitheanna agus na snáithaonaid cuí a chur i láthair. Cuireann an straitéis seo *English: Additional Support Material*, a foilsíodh in 2005, san áireamh.

Léirítear na hocht modh measúnaithe ar chontanam i bhFigiúr 2. Is iad na modhanna atá ar thaobh na láimhe clé na cinn ina nglacann an páiste príomhról i measúnú a c(h)uid oibre; maidir leis na cinn ar thaobh na láimhe deise den chontanam is é an múinteoir a ghlacann ról níos mó i stiúradh an mheasúnaithe. Cé nach bhfuil modh measúnaithe aonair ar bith eisiach do McF or MdF, bíonn fócas McF níos láidre ag na cinn atá ar thaobh na láimhe clé den chontanam go ginearálta (an príomhról ag an bpáiste) agus bíonn fócas MdF níos láidre ag na cinn ar thaobh na láimhe deise.

2 I gcás cuid de na gníomhaíochtaí samplacha, déantar tagairt de chéadainm na múinteoirí agus i ngníomhaíochtaí samplacha eile déantar tagairt do shloinne na múinteoirí. Léiríonn seo an éagsúlacht i gcleachtas ar fud bunscoileanna in Éirinn.

**Figiúr 2: Contanam de mhodhanna measúnaithe**




Tá an cur síos ar mhodhanna measúnaithe ar na leathanaigh a leanas de réir an oird a thaispeántar i bhFigiúr 2. Léirítear gach modh mar fhilleadh amach ón bpríomhdhoiciméad.


- Féinmheasúnú lch. 14
- Comhdháil lch. 24
- Measúnú ar fhillteáin tionscadail lch. 30
- Léarscáiliú coincheapa lch. 36
- Ceistiú lch. 42
- Dírbhreathnú an mhúinteora lch. 46
- Tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir lch. 54
- Trialacha caighdeánaithe lch. 60.

# Féinmheasúnú

## Cad is féinmheasúnú ann?

Déanann páistí féinmheasúnú nuair a dhéanann siad macnamh ar a gcuid oibre féin, sainaithníonn siad gnéithe den obair atá maith agus gnéithe a d'fhéadfadh siad a fheabhsú, agus leagann siad amach spriocanna foghlama pearsanta dóibh féin.

Bíonn meiteachognaíocht i gceist le féinmheasúnú—is é sin an próiseas ina mbíonn tú feasach ar d'fhoghlaim féin agus nuair a dhéanann tú machnamh uirthi. Cuimsíonn scileanna féinmheasúnaithe ceistiú éifeachtach, machnamh, fadhbréiteach, anailís chomparáideach, agus an cumas smaointe a roinnt ar bhealaí éagsúla. Is féidir le páistí de gach cumas féinmheasúnú a úsáid, agus is féidir é a úsáid i ngach réimse foghlama. Is féidir é a úsáid sa bhunscoil ar fad agus ar na hábhair ar fad ar bhealaí atá oiriúnach d'aois. Is bealaí iad díospóireachtaí ranga uile, cásanna grúpaí agus comhdháil duine le duine le haghaidh féinmheasúnaithe a dhéanamh.

Má bhreathnaítear ar shamplaí féinmheasúnaithe ar fud an churaclaim, is féidir leis an bpáiste scileanna féinmheasúnaithe a úsáid agus é nó í ag dréachtú, ag leasú, ag cur in eagar agus ag foilsiú píosa oibre scríbhneoireachta. Is féidir leis/léi na scileanna a úsáid d'fhonn na samplaí is fearr dá c(h)uid oibre a roghnú le cur i bhfillteán tionscadail don Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE), don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) nó d'Oideachas na nEalaíon. (Féach Rannán 2, lgh. 30-33 le haghaidh tuilleadh eolais ar mheasúnú ar fhillteáin tionscadail.) D'fhéadfaí go mbeadh ról ríthábhachtach ag féinmheasúnú ar chumadh agus ar thaifeadadh dréachtaí ceoil. Má choinnítear fillteán tionscadail mar thaifead pearsanta de dhul chun cinn agus má dhéantar athbhreithniú ar a bhfuil san fhillteán seo, spreagtar an páiste chun féinmheasúnú a dhéanamh mar bíonn cuspóirí foghlama níos soiléire agus bíonn an páiste ábalta spriocanna úra foghlama a bheartú. Is féidir é a úsáid le machnamh a chothú, cé acu atá sé briathartha nó neamhbhriathartha, agus le scileanna ardleibhéal smaointeoireachta a chothú. Is féidir logleabhar foghlama a úsáid le féinmheasúnú an pháiste a thaifeadadh agus le machnamh an pháiste ar a c(h)uid samplaí nó bailiúcháin oibre a thaifeadadh.

## An bhfuil an modh measúnaithe seo luachmhar?

Cuid riachtanach de McF is ea an féinmheasúnú. Cuireann sé ar chumas an pháiste níos mó freagrachta a ghlacadh as a f(h)oghlaim féin. Is féidir leis an bpáiste straitéisí éagsúla a úsáid agus é/í ag smaoineamh ar an méid atá foghlamtha acu agus sraith critéir a úsáid le breithiúnais a dhéanamh. Is iad na critéir is rathúla a úsáidtear ná na cinn a chomhaontaíonn an múinteoir leis an rang roimhré. Cuidíonn féinmheasúnú leis an bpáiste na céad chéimeanna eile ina f(h)oghlaim féin a aithint agus bíonn siad níos neamhspleáiche agus níos spreagtha mar gheall air. De réir mar a éiríonn an páiste níos féinmhuiníní, is féidir leis/léi a bheith níos sásta mura mbíonn sé ceart i gcónaí. Ar an dóigh seo, cuireann féinmheasúnú le timpeallacht dhearfach sa seomra ranga ina mbreathnaítear gur páirt lárnach den phróiseas foghlama í botúin a dhéanamh. Is féidir torthaí féinmheasúnaithe an pháiste a roinnt lena t(h)uismitheoirí le linn cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí (mar shampla, logleabhair fhoghlama, fillteáin tionscadail, píosaí scríbhneoireachta). Má dhéantar seo, bíonn níos mó eolais ag tuismitheoirí faoi fhoghlaim an pháiste ó pheirspictíocht an pháiste féin.

## Cén dóigh a n-úsáidtear féinmheasúnú?

Ní mór scileanna féinmheasúnaithe a fhoghlaim le himeacht ama. Próiseas fada, leanúnach atá pleanáilte ag leibhéal scoile agus ranga atá i gceist leis seo. Is féidir leis an múinteoir na scileanna atá de dhíth ag an bpáiste a theagasc nó a mhúnlú agus is féidir leis an bpáiste iad a chleachtadh go dtí go bhfuil sé/sí sásta iad a úsáid go neamhspleách.

Is féidir leis an múinteoir an páiste a spreagadh chun smaoineamh ar a c(h)uid oibre féin trí cheisteanna treoracha, trí uirlisí agus trí áiseanna a úsáid. Áirítear orthu seo, mar shampla, rúibricí, greillí *Know, Want to know, Learned* (KWL), léaráidí *Plus, Minus and Interesting* (PMI), dréimirí, soilsí tráchta, comhpháirtithe/cairde plé, seicliostaí agus gréasáin. (Féach Aguisín A, lgh. 84-85 le tuilleadh eolais a fháil ar uirlisí féinmheasúnaithe.) Is féidir leis an múinteoir spriocanna foghlama agus critéir rathúla a ionchorprú i ndíospóireachtaí an tseomra ranga. Is féidir leis an bpáiste a c(h)uid oibre féin a mheasúnú ansin de réir na spriocanna nó na gcritéar seo. Má thugtar aiseolas dearfach, faisnéiseach don pháiste, is féidir leis an múinteoir tacaíocht a thabhairt dó/di chun na chéad chéimeanna cuí eile san fhoghlaim a aithint agus a ghlacadh.



# Gníomhaíocht shamplach 2.1
# Ag úsáid rúibrice don fhéinmheasúnú

| | |
|---|---|
| **Réimse curaclaim** | **Oideachas na nEalaíon** |
| **Ábhar** | **Na hAmharcealaíona** |
| **Snáithe** | **Tógáil** |
| **Snáithaonad** | **Ag amharc agus ag freagairt** |
| **Cuspóir curaclaim** | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste amharc ar a c(h)uid oibre nó ar phíosa oibre a rinne páiste eile agus labhairt faoi.** |
| **Leibhéal ranga** | **Ranganna a trí agus a ceathair** |

Thug an tUas. Byrne tasc do na páistí i ranganna a trí agus a ceathair chun samhail droichid a thógáil. D'fhoghlaim siad faoi chineálacha áirithe droichid le linn roinnt ceachtanna. Tá an tUas. Byrne ag iarraidh orthu a thaispeáint go dtuigeann siad feidhmeanna bunúsacha droichid, an dóigh a dtógtar droichead, agus gnéithe droichid. Caithfidh na páistí plean den droichead a dhéanamh agus a thaispeáint don mhúinteoir, agus caithfidh said a mhíniú cén fáth ar tógadh an droichead ar an mbealach seo. Is féidir leo cineál ar bith ábhair oiriúnaigh a úsáid leis an droichead a thógáil. Tá na gnéithe tábhachtacha a bhaineann le pleanáil agus le tógáil na samhla seo pléite ag an múinteoir leis an rang. Úsáidtear an rúibric seo a leanas nuair a bhíonn an tsamhail tógtha.

**Rúibric shamplach**

| Gné | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|
| Plean | Rinne mé plean de mo shamhail le roinnt sonraí. | Rinne mé plean de mo shamhail le roinnt mhaith sonraí. | Rinne mé plean mionsonraithe de mo shamhail. |
| Dearadh | Níor léirigh mé gnéithe tábhachtacha an droichid. | Léirigh mé cuid de na gnéithe i mo shamhail. | Léirigh mé cuid mhór de na gnéithe nó na gnéithe go léir i mo shamhail. |
| Ábhair | Ní raibh na hábhair a d'úsáid mé oiriúnach. | D'úsáid mé roinnt ábhar oiriúnacha. | Bhí na hábhair go léir a d'úsáid mé oiriúnach. |
| An fáth ar tógadh an droichead mar seo | Níor mhínigh mé é seo. | Mhínigh mé cuid de. | Mhínigh mé go han-mhaith é. |
| Cuma | Tá cuma ceart go leor ar mo dhroichead. | Tá cuma mhaith ar mo dhroichead. | Tá cuma iontach ar mo dhroichead. |

Comhlánaíonn na páistí an rúibric trí thic a chur ar an leibhéal cuí cáilíochta a mheasann siad a léiríonn a gcuid samhlacha nó tríd an bhosca cuí a dhathú. Déanann an tUas. Byrne idirdhealú de réir cumais na bpáistí, agus cuidíonn sé le cuid acu an rúibric a úsáid. Léann sé na ráitis agus labhraíonn sé leis na páistí faoina dtuairimí ar cháilíochtaí a ndroichead.

I measc na rudaí ar féidir a dhéanamh le cur leis an rúibric seo, is féidir ceithre leibhéal cáilíochta a chur sa rúibric. Mar shampla, i gcás páistí a bhfuil níos mó taithí acu ar rúibricí measúnaithe, d'fhéadfaí a chur san áireamh iad a chur ar an eolas faoi na caighdeáin agus na leibhéil a mbeifí ag siúl leo sula dtosaíonn siad ar a n-obair ar an tsamhail, agus is féidir an chuma a bheadh ar a leithéid de leibhéil a léiriú trí obair chomhchosúil a thaispeáint a rinne páistí eile.

# Gníomhaíocht shamplach 2.2
# Ag úsáid ceisteanna don fhéinmheasúnú

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim/Ábhar | **Matamaitic** |
| Snáithe | **Cruth agus spás** |
| Snáithaonad | **Cruthanna 3-D** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste an gaol idir cruthanna 2-D agus 3-D a fhiosrú.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a haon agus a dó** |

Tá an scoil ina bhfuil Ray ag teagasc ag obair ar fhéinmheasúnú le páistí ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé. De bharr go bhfuil rang a haon agus rang a dó ag obair ar fhéinmheasúnú le tamall anois agus de bharr go bhfuil siad cleachta leis an bpróiseas, iarrann Ray go minic orthu obair a dhéanamh i bpéirí nó i ngrúpaí beaga chun a dtuairimí a chur in iúl faoina bhfoghlaim. Corruair oibríonn sé leis na páistí go léir le chéile.

Ag deireadh ceachta matamaitice ar chruth i mí Bealtaine, iarrann sé ar na páistí macnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim agus labhairt faoi. Tugann sé samplaí de roinnt ceisteanna leide dóibh, mar a leanas:

**Ceisteanna leide**

- Cén áit a raibh deacracht agam?
- Cad a rinne mé?
- Cé air ar chuir mé ceist?
- Cad is mó a chuidigh liom?
- Cad é an rud úr a d’fhoghlaim mé?

Molann sé roinnt freagraí féideartha agus tugann sé dhá nóiméad do na páistí le macnamh a dhéanamh. Oibríonn Ray leis an rang iomlán, agus éisteann sé le freagraí na bpáistí go léir ar gach ceist.

| | |
|---|---|
| **Ahmed** | (Tá cumas maith matamaitice aige): *Sílim go bhfuil sé deacair cuimhne a choinneáil ar an difríocht idir cruthanna 2-D agus cruthanna 3-D.* |
| **Tom** | (Oibríonn sé leis an múinteoir tacaíochta foghlama): *Tá cuid de na hainmneacha deacair a rá.* |
| **Ciara** | *Bhuel, d’amharc mise ar na cruthanna 3-D sa Choirneál Matamaitice le hainmneacha a fháil ar na cruthanna nach raibh mé ábalta cuimhneamh orthu.* |
| **Shane** | *Chuir mise ceist ar Dhara.* |
| **Marie-Claire** | *D’fhoghlaim mise an focal ciúbóideach.* |
| **Anna** | *Má tá rud ciúbóideach, tá sé cosúil le ciúb.* |

Breathnaíonn Ray ar thráchtanna na bpáistí agus ordaíonn sé tuilleadh leabhar ar chruth do leabharlann an tseomra ranga. Cuireann sé tuilleadh ríomhchlár ar an matamaitic ar bhailiúchán bogearraí an ranga. Spreagann sé na páistí chun na leabhair agus na cláir a chuardach le freagraí a fháil ar chuid dá gceisteanna.

Cuireann Ray na cúig cheist fhéinmheasúnaithe suas ar chlár na bhfógraí i litreacha móra ag barr an ranga. Tugann sé roinnt ama don rang i ndiaidh gach ceachta matamaitice le machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna sna chéad chúpla seachtain eile. De réir mar a fhreagraíonn na páistí, cinntíonn sé go bhfuil deis ag na páistí atá níos cumasaí leis na rudaí a raibh deacracht acu leo a insint. Sa dóigh seo, tuigfidh siad go mbíonn deacrachtaí ag gach duine nuair a bhíonn siad ag foghlaim agus tuigfidh siad go bhfuil sé sin ceart go leor!

## Gníomhaíocht shamplach 2.2 (leanaithe)

De ghnáth iarrann Ray ar na páistí a bhfreagraí a thabhairt ó bhéal. Corruair iarrann sé orthu a bhfreagraí a scríobh ach tuigeann sé go mb’fhéidir go laghdófaí féinmheasúnú na bpáistí go dtí an leibhéal atá furasta acu a scríobh. Corruair labhraíonn sé le páistí aonair faoina measúnú ar a gcuid oibre féin. B’fhéidir go marcálfadh sé seicliosta atá ullmhaithe aige cheana. (Féach an sampla thíos.)

**Seicliosta samplach**

**Dáta: 01.10.07**
**Ag ainmniú cruthanna 2-D**

| Ainm | cearnóg | dronuilleog | ciorcal | triantán |
|---|---|---|---|---|
| **Rang a 1** | | | | |
| Ciara | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Noor | bíonn sé measctha idir cearnóg agus dronuilleog | | ✓ | ✓ |
| **Rang a 2** | | | | |
| Juli | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Pat | bíonn sé measctha idir cearnóg agus dronuilleog | | níl sé ábalta é a ainmniú | níl sé ábalta é a rá |
| Jess | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

Cuidíonn an seicliosta seo le pleanáil seomra ranga Ray a threorú agus cuidíonn sé leis cuimhne a choinneáil ar an rud ar mhaith leis a lua le tuismitheoirí na bpáistí nuair a thiocfaidh siad chuig an scoil níos déanaí sa bhliain.

# Gníomhaíocht shamplach 2.3
# Ag úsáid bileoige meastóireachta don fhéinmheasúnú laistigh de ghrúpa

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)** |
| Ábhar | **Tíreolaíocht** |
| Snáithe | **Timpeallachtaí nádúrtha** |
| Snáithaonad | **Talamh, aibhneacha agus farraigí i mo chontae** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste ainmneacha agus suímh mórghnéithe nádúrtha sa chontae a fhoghlaim.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a trí agus a ceathair** |

| | |
|---|---|
| Snáithe | **Timpeallachtaí nádúrtha** |
| Snáithaonad | **Gnéithe fisiceacha na hEorpa agus an Domhain** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go mbeadh deis ag an bpáiste foghlaim faoi roinnt bheag mórghnéithe nádúrtha na hEorpa.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig agus a sé** |

Is múinteoir scoile í Bean Uí Cunningham i gContae na Gaillimhe. Bíonn fiche páiste á dteagasc aici i gceithre grúpa ranga—ranganna a trí, a ceathair, a cúig agus a sé. Tá ranganna a trí agus a ceathair ag foghlaim faoi chuid de na gnéithe fisiceacha i gContae na Gaillimhe. Tá ranganna a cúig agus a sé ag foghlaim faoi ghnéithe fisiceacha na hEorpa. Bíonn fáil ag an dá ghrúpa ar theilgeoir digiteach agus ar chlár bán idirghníomhach le zúmáil isteach agus amach ar ghnéithe ar na léarscáileanna ábhartha. Baineann na páistí i ranganna a trí agus a ceathair sult as zúmáil isteach ar aerghrianghraf dá scoil mar chuid den obair a dhéanann siad faoina gcontae.

Tugann Bean Uí Cunningham tascanna difriúla do na páistí lena fháil amach cad é atá foghlamtha ag na páistí sna ranganna éagsúla. Oibríonn na ranganna sóisearacha i ngrúpaí le gnéithe áirithe a aimsiú ar léarscáil fholamh. I measc na ngnéithe fisiceacha atá le haimsiú acu, tá Bá na Gaillimhe, Loch Coirib, na Sléibhte Maamturk, na Sléibhte Partry, Oileáin Árainn, Inis Bó Finne, agus ceithre ghné eile dá rogha féin i gContae na Gaillimhe. Oibríonn na páistí níos sine i ngrúpaí chun mórchuid de na gnéithe atá foghlamtha acu a aimsiú ar léarscáil fholamh den Eoraip. Tá cead ag na páistí ríomhaire an tseorma ranga a úsáid le cuidiú leo ina gcuid tascanna. Iarrann Bean Uí Cunningham ar an ngrúpa a n-obair a thaispeáint go cuí. Sula dtosaíonn an rang ar a dtascanna pléann siad na critéir rathúla a bheidh ann. Le roinnt cuidithe ó Bhean Uí Cunningham, comhaontaíonn siad ar thrí chinn:

**Critéir rathúla shamplacha**


- Caithfidh go mbeidh na gnéithe san áit cheart.
- Caithfidh go mbeidh na léarscáileanna furasta a léamh.
- Caithfidh go mbeidh na léarscáileanna daite.

Tosaíonn na ranganna ag obair i ngrúpaí beaga.

## Gníomhaíocht shamplach 2.3 (leanaithe)

Nuair atá obair gach grúpa ar taispeáint, tugann Bean Uí Cunningham am gairid do na páistí chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu, ar an dóigh ar oibrigh siad le chéile i ngrúpaí, agus ar an méid ar éirigh leo a gcritéir rathúla a bhaint amach. Scaipeann sí bileog mheastóireachta agus tugann sí roinnt ama do na páistí chun an bhileog seo a líonadh. Oibríonn sí le cuid de na páistí níos óige agus leis na páistí nach bhfuil chomh cumasach. Pléann sí a dtuairimí leo agus cuidíonn sí leo iad a thaifeadadh. (Féach an bhileog mheastóireachta a líon Aoife.)

**Bileog mheastóireachta shamplach**


Ainm Aoife O'Sullivan Dáta 10.9.'07

1. Cad é an t-ábhar a bhí tú a fhoghlaim sa tionscadal?

Bhí mé ag foghlaim faoin Eoraip

2. Déan liosta de thrí rud atá foghlamtha agat faoin ábhar seo.

3. An ball foirne maith a bhí ionat? Is ea

4. Tabhair cúis le d'fhreagra Thug mé faoi thaighde ar an idirlíon nuair a bhí na páistí eile ag déanamh taighde difriúil

5. Cad é arbh fhéidir le d'fhoireann a dhéanamh níos fearr an chéad am eile?

Trácht an mhúinteora:

Obair thionscadail mhaith, a Aoife. Maith thú! Bhí léarscáil d'fhoirne an-éasca a léamh!

Bíonn na bileoga meastóireachta go léir léite ag Bean Uí Cunningham roimh dheireadh na seachtaine. Tugann sí ar ais do na páistí iad maidin Dé hAoine agus tugann sí am dóibh chun iad a léamh. Nuair atá an rang ag léamh a mbileog féin ligeann Bean Uí Cunningham do na páistí ar mian leo na tráchtanna a phlé léi é sin a dhéanamh ar bhonn duine le duine.


# Gníomhaíocht shamplach 2.4
# Ag úsáid greille KWL don fhéinmheasúnú

| | |
|---|---|
| **Réimse curaclaim/Ábhar** | **Matamaitic** |
| **Snáithe** | **Uimhir** |
| **Snáithaonad** | **Codáin** |
| **Cuspóir curaclaim** | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste leaschodáin a léiriú mar uimhreacha measctha agus a mhalairt agus iad a chur ar an uimhirlíne.** |
| **Leibhéal ranga** | **Ranganna a cúig agus a sé** |

Bíonn Iníon Uí Mhurchú ag teagasc rang a cúig. Tá seacht bpáistí is fiche sa rang. Tá leibhéal íseal cumais sa Mhatamaitic ag cuid mhór de na páistí sa rang. Bíonn coincheapa teibí dúshlánach acu go háirithe. Maidin Aoine, míníonn Iníon Uí Mhurchú go mbeidh an rang ag déanamh oibre ar chodáin le linn na seachtaine atá rompu. Téann sí siar ar an méid atá foghlamtha ag an rang sa réimse seo cheana. Ag deireadh an athbhreithnithe iarrann sí ar an rang a ngreillí KWL a líonadh.

Taispeántar cuid de ghreillí KWL na bpáistí thíos.

**Greille KWL Sheáin**



Ainm: Seán


Dáta: Nollaig 3

Ceacht: Matamaitic-Codáin

| K (Cad atá ar eolas agam cheana) | W (Cad ba mhaith liom a bheith ar eolas agam) | L (Cad atá foghlamtha agam) |
|---|---|---|
| Tá codáin níos lú ná aon. | Ba mhian liom leaschodáin a thuiscint. Tá tuiscint mhaith ag Zita orthu | |

Comhlánaigh ag tús ceachta. — Comhlánaigh ag deireadh ceachta.

**Greille KWL Addi**



Ainm: Addi

Dáta: Nollaig 3

Ceacht: Matamaitic-Codáin

| K (Cad atá ar eolas agam cheana) | W (Cad ba mhaith liom a bheith ar eolas agam) | L (Cad atá foghlamtha agam) |
|---|---|---|
| Is féidir codáin a shuimiú go [illegible] | Ní thuigim cad is uimhir mheasctha ann. | |


Comhlánaigh ag tús ceachta. — Comhlánaigh ag deireadh ceachta.

Léann Iníon Uí Mhurchú na greillí líonta go gasta agus í ag pleanáil a ceachtanna matamaitice do na chéad seachtainí eile. Cuimsíonn sí cuid mhór de na rudaí atá luaite sa rannán faoi na rudaí ar mhian leo a fhoghlaim ar an ngreille, mar shampla, uimhreacha measctha i dtimpeallacht na bpáistí a shainaithint (méideanna bróg, pacáistiú bia) agus scrúdú a dhéanamh ar an gciall atá leo. Le linn na seachtaine, iarrann sí ar na páistí obair a dhéanamh ar an rud a bhfuil sé/sí ag iarraidh tuilleadh eolais a fhoghlaim faoi. Tugann cuid acu roinnt samplaí isteach as a mbaile, seiceálann cuid acu ríomhchláir, téann cuid acu ar líne le tuilleadh eolais a fháil, agus léann cuid eile acu leabhair leabharlainne nó téacsleabhair. Cuireann cuid acu ceist ar Iníon Uí Mhurchú nó ar chara sa rang. Sula gcríochnaíonn Iníon Uí Mhurchú an obair ar chodáin, iarrann sí ar gach páiste a g(h)reille a chomhlánú agus rud amháin ar a laghad atá foghlamtha aige/aice a thaifeadadh.


## Gníomhaíocht shamplach 2.4 (leanaithe)

Taispeántar cuid de ghreille KWL na bpáistí thíos.

**Greille KWL Sheáin**




**Greille KWL Addi**




Bailíonn Iníon Uí Mhurchú na greillí. Úsáideann sí na greillí atá líonta nuair a théann sí siar ar chodáin, nuair a leagann sí obair bhaile amach, agus nuair a dhéanann sí trialacha idirdhealaitheacha don rang.

**Obair bhaile shamplach**

**Obair Bhaile Matamaitice, Dé Luain, Eanáir 14**

1. Scríobh 5 uimhir mheasctha.
2. Liostáil 5 codán a dhéanann aon nuair a shuimíonn tú iad.
3. An ndéanann ¾ agus ½ aon?
4. An bhfuil leaschodáin > 1?
5. Scríobh 5 leaschodán.

Comhdaíonn sí na greillí mar chuid dá taifid ar gach páiste. Bíonn na greillí an-chuidiúil aici nuair a labhraíonn sí le tuismitheoirí faoi dhul chun cinn a bpáistí agus nuair a scríobhann sí cártaí tuairisce ag deireadh na scoilbhliana.

# Gníomhaíocht shamplach 2.5 Ag baint úsáide as léaráid PMI le haghaidh féinmheasúnaithe

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Teanga** |
| Ábhar | **Gaeilge** |
| Snáithe | **Labhairt** |
| Snáthaonad | **Ag úsáid teanga** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste cluichí teanga a imirt.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig is a sé** |

Tá féinmheasúnú mar chuid de ghnáthshaol SN Ballynogue. Ó na laethanta is luaithe spreagtar na daltaí le measúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin, ar bhealaí atá oiriúnách dá n-aois, chun a gcéad chéimeanna eile a phleanáil. Dá bhrí sin, tá na h-ardranganna sa scoil ar a gcompord leis an bpróiseas measúnaithe seo. Míníonn a múinteoir, Síle, rialacha cluiche béil teanga do ranganna a cúig is a sé. Iarrtar orthu treoracha simplí béil as Gaeilge a leanúint. Má leanann na daltaí na treoracha go cúramach ba chóir go mbeadh pictiúr de chruth matamaiticiúil acu ar deireadh. Pléann siad na focail a bheidh de dhíth orthu. Molann na páistí focail atá ar eolas acu cheana—díreach, líne, fada, ar dheis, ar chlé. Le cuidiú ón mhúinteoir cuireann siad na focail a leanas leis an méid sin: tarraing, níos faide, gearr, níos giorra. Scríobhann Síle roinnt frásaí úra ar an gclár dubh-cas, nócha céim, cosúil. Míníonn sí na frásaí. Sula dtosaíonn said, pléann Síle agus a rang na critéir rathúla a ghlacfar leo don tasc áirithe seo. Comhaontaíonn siad ar cheithre chritéar. Scríobhann Síle ar an gclár dubh iad.

**Ceithre chritéar**

- Éist go cúramach—cuimhnigh gan cur isteach ar dhaoine eile.
- Scríobh trí fhocal ar a laghad a chloiseann agus a thuigeann tú.
- Scríobh aimn an ruda thíos faoi.
- Déan an litriú a seiceáil (i bhfoclóir, i leabhair, ar chairteacha nó ar líne).

Go mall, léann Síle amach na treoracha le dronuilleog a tharraingt. Cuireann sí na critéir rathúla i gcuimhne do na daltaí agus iad ag obair. Nuair a bhíonn críochnaithe ag na páistí, iarrann Síle orthu a gcuid oibre a thaispeáint. Tá dronuilleog déanta ag cuid acu agus d'éirigh leo an focal dronuilleog a aimsiú i bhfoinsí éagsúla tagartha atá sa seomra ranga. Scríobh tromlach na bpáistí cuid de na focail a d'úsáid Síle. Díreach sula dtéann na páistí ar sos tugtar cúig nóiméad dóibh lena gcuid oibre a mheasúnú agus léaráidí PMI á n-usáid acu. Díríonn Síle a n-aird ar na critéir rathúla atá ar an gclár dubh. Dáileann sí léaráidí simplí PMI. Iarrann sí ar gach páiste rud dearfach agus rud diúltach faoin obair a chur san áireamh (rud amháin a bhfuil dúil aige/aici faoina c(h)uid oibre agus rud amháin nach bhfuil dúil aige/aici faoina c(h)uid oibre). Iarrann sí orthu leis rud amháin suimiúil faoin obair a lua. Scríobhann Zita ina cóipleabhar: *Bheadh mo phictiúr níos fearr dá mbeadh peann luaidhe géar agam. Níor thuig mé chuid mhór dá raibh á rá ag an múinteoir ach chuala mé 'arís' agus 'líne' agus litrigh mé i gceart iad!* Scríobhann Máirín: *Sheiceáil mé an litriú ar chuid de na focail ar líne ach bhí Simon ag iarraidh an ríomhaire a úsáid agus ní raibh mé ábalta teacht ar an Ghaeilge ar 'rectangle'. Is í 'cearnóg' an Ghaeilge ar 'square' áfach!* Scríobhann Dean: *Níor scríobh mé ach dhá fhocal—níl sé sin ró-mhaith—ach tá a fhios agam gur litrigh mé 'dronuilleog' mar is ceart. D'aimsigh mé é san foclóir! Bheadh mo chuid oibre níos fearr dá n-éistfinn níos cúramaí!*

Bailíonn Síle pictiúir agus léaráidí PMI na bpáistí. Cuireann sí i gcomhad iad d'fhonn comparáid a dhéanamh le ceacht atá ar intinn aici a thabhairt níos déanaí sa bhliain. Mar chuid dá n-obair bhaile an tráthnóna sin iarrann Síle ar na páistí trí abairt a scríobh ag úsáid focail a scríobh siad taobh lena bpictiúir.

# Comhdháil

## Cad is comhdháil ann?

Ciallaíonn comhdháil i gcomhthéacs an mheasúnaithe go roinneann na daoine a bhfuil baint acu le foghlaim an pháiste an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar obair an pháiste, agus ar phróisis agus ar thorthaí na hoibre sin ag cruinniú pleanáilte nó iomasach. D'fhéadfaí go mbeidh obair agus dul chun cinn an pháiste mar ábhar cruinnithe ag amanna ainmnithe le linn na scoilbhliana, cé acu ar chruinniú idir an páiste agus a m(h)úinteoir/múinteoir é, idir an múinteoir agus na tuismitheoirí é, nó idir na páirtithe go léir le chéile é.

## An bhfuil comhdháil luachmhar mar mhodh measúnaithe?

Soláthraíonn comhdháil deis le heolas a roinnt d'fhonn tuiscint ar fhoghlaim an pháiste a mhéadú. Is gníomhaíocht mheasúnaithe í an chomhdháil. Nuair a bhíonn an chomhdháil idir an múinteoir agus an páiste, faoin obair i bhfillteán tionscadail mar shampla, labhraíonn an múinteoir leis an bpáiste faoina c(h)uid láidreachtaí agus a c(h)uid buanna agus déanann sé/sí moltaí faoin áit agus faoin dóigh ar féidir feabhas a chur ar an bhfoghlaim. Nuair a dhéantar comhdháil, éisteann an múinteoir le tuairimí an pháiste ar na rudaí atá furasta nó deacair aige/aici san fhoghlaim, agus spreagann sé/sí an cineál seo oscailteachta sa pháiste. Is sampla é seo de McF; beidh toradh na comhdhála mar bhonn eolais i bpleanáil an mhúinteora do na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim an pháiste, agus beidh an páiste ábalta a fheiceáil cén dóigh ar féidir feabhas a chur ar a c(h)uid oibre.

## Cén dóigh a n-úsáidtear comhdháil?

***Comhdháil idir an múinteoir agus an páiste***

Cuireann an múinteoir am áirithe ar leataobh don chomhdháil, ar féidir athbhreithniú, nó cruinniú nó comhrá a thabhairt uirthi. Má dhéantar comhdháil go minic, gach seachtain mar shampla, bíonn an múinteoir ábalta cúpla nóiméad amháin a chaitheamh le gach páiste. Más próiseas nua é seo ag na páistí, d'fhéadfaí gur bealach úsáideach é seo chun tús a chur leis an bpróiseas. Ní bheidh an fad nó an minicíocht chomh tábhachtach le rannpháirtíocht an pháiste sa cheacht nó a luacháil ar an gceacht.

D'fhéadfaí gur táirge aonair foghlama é ábhar na comhdhála (scéal scríofa, pictiúr, tionscadal), nó d'fhéadfaí gur eispéiris ghinearálta foghlama é, amhail TFC a úsáid nó rannpháirtíocht i ndráma nó spórt páirce a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh an chomhdháil neamhfhoirmiúil agus neamhbhagrach. Is comhrá faoi obair scoile atá ann go bunúsach. Níos déanaí, nó le páistí níos sine, d'fhéadfaí go n-úsáidfeadh an múinteoir an chomhdháil le grád a thabhairt do phíosa áirithe oibre atá déanta ag an bpáiste. Bheadh plé ar na critéir riachtanach: *Cén fáth gur píosa maith oibre é? Cén dóigh ar féidir feabhas a chur air?* Bheadh rúibric shimplí measúnaithe úsáideach don ghníomhaíocht seo. Uirlis mheasúnaithe is ea an rúibric ar a bhfuil cur síos ar leibhéil éagsúla cáilíochta i bpíosa oibre faoi leith. (Féach Aguisín A, lch. 84 le tuilleadh eolais a fháil ar rúibricí.) Séard atá i ngníomhaíocht shamplach 2.6 ná sampla den dóigh ar féidir rúibric a úsáid le páistí i rang a sé le píosaí scríbhneoireachta a mheasúnú.

Bíonn baint mhór ag timpeallacht an tseomra ranga ar an bpróiseas comhdhála. Caithfidh na páistí a thuiscint nach bhfuil scrúdú á dhéanamh orthu i gcomhdháil leis an múinteoir, agus gur féidir leo rud ar bith a rá faoin dóigh a mothaíonn siad faoina bhfeidhmíocht i ngníomhaíocht nó i réimse foghlama. Éiríonn níos fearr leis an gcomhdháil i dtimpeallacht seomra ranga ina bhfuil meas ar thuairimí na bpáistí agus ina spreagtar iad chun na tuairimí sin a léiriú. Ba chóir go mbreathnódh na páistí ar an gcomhdháil mar dheis chun rud éigin a fhoghlaim fúthu féin mar fhoghlaimeoirí. Sa ghníomhaíocht shamplach 2.7 ar lch. 26, tá comhrá ann ar chuid de chomhdháil idir an múinteoir agus an páiste é i dtimpeallacht thacaíoch seomra ranga.



# Gníomhaíocht shamplach 2.6
# Ag úsáid rúibrice measúnaithe mar chuid de chomhdháil

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Teanga** |
| Ábhar | **Béarla** |
| Snáithe | **Inniúlacht agus muinín i dteanga a úsáid / Scríbhneoireacht** |
| Snáithaonad | **Scríbhneoireacht: inniúlacht, muinín agus cumas scríobh go neamhspleách a fhorbairt**<br>**Inniúlacht agus muinín in úsáid na teanga: inniúlacht, muinín agus cumas scríobh go neamhspleách a fhorbairt** |
| Cuspóirí curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste scríobh, gan athdhréachtú a dhéanamh, ar thopaic a thugtar nó a roghnaítear le srianta áirithe ama.**<br>**Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste cloí le gnásanna gramadaí, poncaíochta agus litrithe ina c(h)uid scríbhneoireachta féin.**<br>**Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste cuidiú a thabhairt do pháistí eile in eagrú a gcuid scríbhneoireachta.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig agus a sé** |

| | |
|---|---|
| Snáithe | **Glacacht ar theanga / Scríbhneoireacht** |
| Snáithaonad | **Scríbhneoireacht: an spreagadh le scríobh a cruthú agus a chothú**<br>**Glacacht ar theanga: an spreagadh le scríobh a cruthú agus a chothú** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste freagraí maithe ar scríbhneoireacht a ghlacadh agus a thabhairt.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig agus a sé** |

I rang a sé úsáideann páistí an rúibric seo thíos le scéal atá scríofa acu a mheasúnú. Tá na gnéithe áirithe sa rúibric bunaithe ar an fáth go mbíonn an scéal go maith faoi mar atá pléite agus comhaontaithe ag na páistí agus an múinteoir roimhré (na critéir rathúla maidir le scríobh scéil). Is féidir go n-úsáidfí rúibric eile i scríbhneoireacht ina dhiaidh sin le poncaíocht a mheasúnú, mar shampla, úsáid comharthaí athfhriotail, comharthaí uaillbhreasa, agus araile.

**Rúibric shamplach**

| Gné | Níor éirigh go maith liom | Bhí an iarracht go maith | Bhí an iarracht go han-mhaith |
|---|---|---|---|
| Struchtúr agus plota | Níl tús, lár nó deireadh soiléir i mo scéal. | Tá struchtúr agus plota sa scéal ach tá cuid de nach bhfuil soiléir. | Tá struchtúr agus plota soiléir i mo scéal. |
| Paragraif | Tá barraíocht (nó níl go leor) paragraph, nó ní thosaíonn siad in áiteanna oiriúnacha. | Tá cuid de na paragraif san áit cheart ach tá cuid acu nach bhfuil. | Tosaíonn na paragraif ag pointí athraithe sa scéal agus cuidíonn seo leis an léitheoir an scéal a leanúint níos fearr. |
| Suim | Níl mo scéal ró-shuimiúil. | Tá mo scéal measartha suimiúil. | Tá mo scéal an-suimiúil. |
| Carachtair | Ní dhearna mé cur síos láidir ar charachtar ar bith i mo scéal. | Rinne mé cur síos láidir ar charachtar amháin i mo scéal ar a laghad. | Tá cur síos maith ar na carachtair sa scéal. |

Cuidíonn macnamh an pháiste ar a c(h)uid oibre scríbhneoireachta féin a scileanna meiteachognaíochta a fhorbairt (machnamh a dhéanamh ar d'fhoghlaim féin). Is é príomhthoradh gach comhdhála ná gur féidir leis an múinteoir agus leis an bpáiste araon rud éigin nua faoi fhoghlaim an pháiste a thuiscint agus na chéad chéimeanna eile ar chóir a ghlacadh le tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim. Lena chois sin, de thairbhe go mbíonn nádúr aonair ar comhdhálacha, bíonn an múinteoir ábalta an tacaíocht atá oiriúnach do chumais agus do riachtanais gach páiste a idirdhealú.

# Gníomhaíocht shamplach 2.7
# Comhdháil idir an múinteoir agus an páiste

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Teanga** |
| Ábhar | **Béarla** |
| Snáithe | **Inniúlacht agus muinín i dteanga / Scríbhneoireacht** |
| Snáithaonad | **Scríbneoireacht: inniúlacht, muinín agus cumas scríobh go neamhspleách a fhorbairt**<br>**Inniúlacht agus muinín in úsáid na teanga: inniúlacht, muinín agus cumas scríobh go neamhspleách a fhorbairt** |
| Cuspóirí curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste taithí a fháil ar ghníomhaíocht teanga béil atá ilchineálaí agus seasta mar chuid den phróiseas réamhscríbhneoireachta.**<br>**Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste scríobh go neamhspleách trí phróiseas dréachtaithe, leasaithe, eagarthóireachta agus foilsithe.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig agus a sé** |

Úsáideann an tUas. Swift comhdháil go rialta leis na sé pháiste is fiche atá i ranganna a cúig agus a sé. Caitheann sé am ar an Aoine roimh an lón ag labhairt le grúpaí beaga páistí. Ar an mbealach seo, bíonn deis ag na páistí labhairt faoina gcuid oibre ar feadh trí nó ceithre nóiméad gach tríú seachtain. Seo é ag caint le Shane faoi phíosa scríbhneoireachta a rinne an rang níos luaithe sa tseachtain: *Thuirling UFO Anseo Inné:*

| | |
|---|---|
| **An tUas. Swift** | *Cad é do bharúil faoin scéal atá scríofa agat, Shane? An bhfuil tú sásta leis?* |
| **Shane** | *Níl me cinnte…b'fhéidir go bhfuil sé ró-ghairid.* |
| **An tUas. Swift** | *Ní dóigh liom go bhfuil sé ró-ghairid. Cad é faoin scéal? Ar léigh tú le do chara é?* |
| **Shane** | *Léigh. Shíl sé go raibh an tús maith ach bhí an deireadh leadránach.* |
| **An tUas. Swift** | *Agus cad é a shíleann tú féin?* |
| **Shane** | *Sílim go bhfuil an ceart aige. Bhí cúpla abairt maith agam ag an tús- na habairtí gearra a luaigh muid sular thosaigh muid ar an scríobh…le teannas a chruthú.* |
| **An tUas. Swift** | *Aontaím leat. Bhí an tús an-suimiúil. Agus d'úsáid tú cuid de na focail scanrúla a bhí ar an liosta. Ach an raibh plean agat don deireadh? Sílim go raibh an deireadh ró-thobann.* |
| **Shane** | *Tá a fhios agam. Ní raibh me ábalta smaoineamh ar a dhath ar bith eile. Mar sin chuir mé deireadh leis an scéal.* |
| **An tUas. Swift** | *Ceart go leor, tabhair faoin deireadh uair amháin eile. Cuimhnigh go bhfuil an léitheoir ag iarraidh a fháil amach cad é a tharla don dhá phríomhcharachtar. Scríobh paragraf dheireanach nua agus cuir níos mó eolais inti, sa dóigh is go mbeidh deireadh suimiúil ar an scéal. Má bhíonn deacracht agat abair liom amárach, agus amharcfaimid air arís.* |
| **Shane** | *Ceart go leor, a mhúinteoir, tá mé i ndiaidh smaoineamh ar dheireadh níos fearr!* |

Le linn na comhdhála, tugann an tUas. Swift Shane treoir do Shane maidir leis an rud ar féidir feabhas a chur air a shainaithint. Tá roinnt rudaí eile arbh fhéidir leis an múinteoir díriú orthu ach úsáideann sé an chomhdháil seo le béim a chur ar dheireadh an scéil, toisc go ndearnadh obair sa rang le déanaí ar struchtúr a fhorbairt i scéal. Scríobhfaidh Shane an dara dréacht den scéal anois. B'fhéidir go mbeadh cúpla athrú beag eile ann sula mbíonn an dréacht deiridh críochnaithe aige.

D'úsáid an tUas. Swift córas carad sa rang fosta ionas go léann páiste obair a chéile ar bhealach cuidiúil. Iarrtar ar gach páiste láidreacht amháin agus smaoineamh amháin ar rud a chuirfeadh feabhas ar obair an charad a lua leis/léi. Ní mhaireann comhdháil idir an múinteoir agus an páiste ach cúpla nóiméad, agus cuimsítear an grúpa iomlán i 50-55 nóiméad d'am ranga. Creideann an tUas. Swift gur fiú go mór an t-am a chaitear ar chomhdáil, mar go bhfuil feabhas mór feicthe aige in obair na bpáistí.

## Comhdháil don McF agus don MdF

Is ceacht luachmhar é an chomhdháil in McF má dhéantar é ar bhonn leanúnach le linn na scoilbhliana. Má dhéantar é, is féidir céimeanna a ghlacadh le tacaíocht níos fócasaithe a thabhairt don pháiste. Is dóichí go dtacóidh comhdháil dheireadh na bliana le MdF má bhreathnaíonn na páirtithe go léir ar an dul chun cinn atá déanta ag an bpáiste le linn na tréimhse foghlama, le linn na scoilbhliana iomláine go minic. B'fhéidir gurbh é atá i gceist leis seo ná labhairt faoi thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe, má rinneadh iad le linn na bliana sin.

## Cineálacha eile comhdála

***Comhdálacha/cruinnithe idir tuismitheoirí agus an múinteoir***

Déantar eolas measúnaithe a roinnt ag cruinnithe idir tuismitheoirí agus an múinteoir fosta. Bíonn cuid acu seo sceidealta; bíonn cruinnithe neamhphleanáilte eile ann idir an múinteoir agus tuismitheoirí an pháiste. Deis atá sa chruinniú seo, don mhúinteoir agus do na tuismitheoirí araon, le tuilleadh a fháil amach faoin *dóigh* a bhfoghlaimíonn an páiste sa bhaile agus ar scoil, agus le breathnú ar bhealaí inar féidir tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim sin. Is deis í cruinniú den sórt seo caint faoi shuimeanna, faoi bhuarthaí nó faoi mhíthuiscintí speisialta an pháiste maidir le hobair scoile nó obair bhaile.

***Comhdhálacha idir múinteoirí***

Is féidir le múinteoirí teacht le chéile le breathnú ar obair na bpáistí laistigh agus ar fud scoileanna. Is féidir leis an gcineál seo comhdála cuidiú le múinteoirí

- chun measúnuithe níos éifeachtúla a shocrú
- chun caighdeáin choitianta a fhorbairt trí thuiscint chomhaontaithe ar cháilíocht obair na bpáistí
- chun tuairimí ar chleachtas an tseomra ranga a bhailiú agus machnamh a dhéanamh orthu.

I gcomhdháil mar seo sainaithníonn an múinteoir na critéir le haghaidh cáilíocht na hoibre a mheas i réimsí curaclaim/ábhair éagsúla ag leibhéil éagsúla ranga trí shamplaí d'obair an pháiste a úsáid mar bhonn plé.

# Measúnú ar fhillteáin tionscadail

## Cad is fillteán tionsadail ann?

Is féidir le páistí scileanna féinmheasúnaithe a fhorbairt ó aois óg, agus glacann siad tuilleadh freagrachta de réir a chéile as caighdeán a gcuid oibre féin. Is bealach úsáideach chun na scileanna seo a chur chun cinn é cruthú fillteáin tionscadail. Is éard is fillteán tionscadail ann ná bailiúchán d'obair an pháiste, a léiríonn a f(h)oghlaim agus a f(h)orbairt thar thréimhse ama. D'fhéadfaí go gcuireann sé fianaise ar fáil faoin dul chun cinn i réimse curaclaim, in ábhar, i snáithe, nó ar fud roinnt acu seo, agus a bhfuil topaic nó téama mar fhócas aige. Molann *Curaclam na Bunscoile* fillteáin tionscadail a úsáid chomh maith le samplaí oibre agus tionscadail le foghlaim a mheasúnú i roinnt ábhar: Gaeilge, Béarla, an mhatamaitic, OSCE, OSPS, na hamharcealaíona, ceol agus dráma.

Ag brath ar a chuspóir, is féidir an fillteán tionscadail a úsáid ar feadh bliana, ar feadh téarma nó ar feadh tréimhse níos gairide. I gcás fillteán tionscadail, bíonn deiseanna ann chomh maith chun measúnú comhoibríoch a dhéanamh de réir mar a amharcann an múinteoir agus an páiste le chéile ar obair an pháiste agus a labhraíonn siad faoi. Sainaithníonn siad na gnéithe dearfacha agus na pointí a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu.

D'fhéadfaí go mbeadh cóip chrua d'fillteáin tionscadail agus/nó d'fhéadfaí go mbeadh cóip leictreonach de. Is éard is fillteán leictreonach tionscadail ann, ar a dtugtar r-fhillteán tionscadail nó fillteán digiteach tionscadail, ná bailiúchán d'obair an pháiste a cruthaíodh ag úsáid próiseála focal, cuir i láthair, údaraithe ilmheán, léarscáiliithe coincheapa, bunachair sonraí agus/nó bogearraí scarbhileoige, agus is é an páiste a chuireann le chéile é. Is féidir le páistí an-óga iontrálacha téacs-agus-léaráid atá simplí a chruthú. Soláthraíonn r-fhillteáin tionscadail scóip le haghaidh obair a nascadh laistigh den fhillteán tionscadail (mar shampla, físchomhad a nascadh le cáipéis) agus lasmuigh den fhillteán tionscadail (mar shampla, láithréan gréasáin a nascadh le cur i láthair). I dtreoirlínte na CNCM, *TFC i gCuraclam na Bunscoile* (2004) léirítear go méadóidh an raon samplaí leictreonacha oibre de réir mar a éiríonn na páistí níos eolaí ar fhorbairt agus ar chothabháil a r-fhillteán tionscadail. *Spreagfar iad chun TFC a úsáid le haghaidh foghlama, agus cothóidh sé a gcumas chun a n-obair féin a mheasúnú* (lch. 35). Is féidir r-fhillteáin tionscadail a nuashonrú agus a bhainistiú ar líne, rud a éascaíonn roinnt obair an pháiste le daoine eile agus stóráil sonraí measúnaithe laistigh den seomra ranga agus den scoil. Tá cur síos ar shampla r-fhillteáin tionscadail i ngníomhaíocht shamplach 2.9 a leanas.

## Cad a d'fhéadfadh an páiste a chur isteach i bhfillteán tionscadail?

Braitheann ábhair an fhillteáin tionscadail ar chupsóir(í) an fhillteáin tionscadail. Cinneann an múinteoir cuspóir(í) an fhillteáin tionscadail *sula* dtosaíonn sé/sí á úsáid. Ar na samplaí de na cuspóirí a d'fhéadfadh a bheith ann tá taispeáint feabhais ar obair na bpáistí, tá taispeáint raon oibre, tá taispeáint láidreachtaí agus suimeanna na bpáistí, nó tá taispeáint na hoibre is fearr a rinne siad. Is féidir le fillteáin tionscadail McF agus MdF araon a léiriú. Ag brath ar a chuspóir(í), b'fhéidir go mbeadh samplaí d'obair an pháiste ó gach réimse den churaclam nó ó ábhar faoi leith lena n-áirítear:

- Samplaí d'obair a scríobhadh ag céimeanna éagsúla forbartha (scéalta, litreacha, filíocht)
- Obair thionscadail in eolaíocht, stair nó tíreolaíocht
- Samplaí oibre sna hamharcealaíona
- Cairteacha nó léaráidí ón matamaitic nó ón eolaíocht
- Grianghraif nó físthaifid de rannpháirtíocht an pháiste i ngníomhaíocht chorpoideachais
- Taifid de shaothar ceoil.

## Cén dóigh a n-úsáidtear an fillteán tionscadail mar mhodh measúnaithe?

Nuair a bhíonn cuspóir(í) an fhillteáin tionscadail socraithe ag an múinteoir, míníonn sé/sí an coincheap do na páistí. Cuireann an múinteoir fillteáin nó coimeádáin de mhéid oiriúnach ar fáil, nó b'fhéidir go ndéanfadh an páiste a c(h)eann féin. Eagraíonn an múinteoir an stóráil (i bhfoirm páipéir agus/nó i bhfoirm leictreonach). Ó am go ham, roghnaíonn an múinteoir nó an páiste (nó an bheirt acu le chéile) píosa oibre don fhillteán tionscadail bunaithe ar na cuspóirí agus na critéir chomhaontaithe. Ceanglaíonn an páiste ráiteas gairid scríofa a thugann míniú ar an fáth gur roghnaigh sé/sí an píosa seo. (Ba chóir go mbeadh an bhéim ar a bhfuil foghlamtha ag an bpáiste.) Is féidir leis an múinteoir agus an leis an bpáiste grád nó trácht a thabhairt do gach píosa oibre bunaithe ar na critéir a bhaineann leis na spriocanna nó na torthaí foghlama, ach tá sé tábhachtach go bhfuil a fhios ag an múinteoir go n-athraítear ról measúnaithe an fhillteáin tionscadail má thugtar gráid seachas tráchtanna ar na píosaí oibre atá san fhillteán tionscadail.

D'fhéadfadh an rang na fillteáin tionscadail a chur ar taispeáint le haghaidh an chruinnithe tuismitheoirí/múinteora. B'fhéidir gur mhaith le cuid de na páistí labhairt faoina bhfillteáin tionscadail, faoi na tuairimí atá acu ar an obair atá istigh iontu, agus faoi na rudaí atá foghlamtha acu ón obair sin.

## Ceisteanna ba chóir don mhúinteoir a chur agus é/í ag iarraidh fillteáin tionscadail a úsáid

- Cén fáth a bhfuil fillteán tionscadail á úsáid agam?
- Cén cineál foghlama a ndéanfaidh mé measúnú air? Cén ábha(i)r/ scileanna/ coincheapa/ meonta a ndéanfaidh mé measúnú air/orthu?
- Cén dóigh a gcuideoidh an fillteán tionscadail le mo mheasúnú ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil an pháiste?
- Cén tréimhse ama a bheidh i gceist leis—téarma, mí, an bhliain iomlán? (Oireann tréimhsí níos gairide do pháistí níos óige.)
- Cén mhéid a bheidh na fillteáin tionscadail? Cá háit a stórálfaidh mé iad? An féidir iad a thaifeadadh go leictreonach?
- Cé a roghnóidh an t-ábhar don fhillteán tionscadail, agus cé chomh minic?
- Má tá sé ar intinn agam gráid nó tráchtanna a thabhairt do phíosaí oibre san fhillteán tionscadail, cad iad na critéir a úsáidfidh mé lena dtabhairt? Cén dóigh a mbeidh a fhios ag na páistí cad iad na critéir seo?
- Cad a tharlóidh don fhillteán tionscadail ag deireadh a úsáide? An dtaispéanfar na fillteáin tionscadail do dhaoine eile (mar shampla tuismitheoirí, páistí eile sa scoil, ag tionól scoile nó ag lá/tráthnóna oscailte?)

# Gníomhaíocht shamplach 2.8
# Ag cruthú fillteáin tionscadail do scríbhneoireacht

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Teanga** |
| Ábhar | **Béarla** |
| Snáithe | **Glacacht ar theanga / Scríbheoireacht** |
| Snáithaonad | **Scríbhneoireacht: an spreagadh le scríobh a chruthú agus a chothú / Glacacht ar theanga** |
| Cuspóirí curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste tuairimí a thabhairt agus a chur in iúl ar eispéiris léimh.**<br>**Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste eispéiris scríbhneoireachta a bheith aige atá suimiúil agus ábhartha.**<br>**Ba chóir go dtuigfeadh an páiste luach a scríbhneoireachta féin.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig agus a sé** |
| Snáithe | **Inniúlacht agus muinín i dteanga a úsáid / Scríbhneoireacht** |
| Snáithaonad | **Scríbhneoireacht: inniúlacht, muinín agus cumas scríobh go neamhspleách a fhorbairt**<br>**Inniúlacht agus muinín i dteanga a úsáid** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go mbeadh an páiste ábalta an múinteoir a bhreathnú agus é/í ag cur feabhais ar scríbhneoireacht.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a cúig agus a sé** |

Bíonn Iníon Kennedy ag teagasc rang a cúig agus úsáideann sí filltéain tionscadail le measúnú a dhéanamh ar obair na bpáistí sa Bhéarla le linn na bliana. Iarrann sí ar na páistí na fillteáin a dhéanamh (méid A3) agus na clúdaigh a dhearadh. Ón tús insíonn sí do na páistí gurb é cuspóir an fhillteáin tionscadail ná an feabhsú ar a gcuid oibre sa Bhéarla le himeacht na bliana a thaispeáint do dhaoine eile agus dóibh féin. Tugann Iníon Kennedy roinnt ama don rang le hamharc ar a bpíosaí oibre timpeall ar gach dara seachtain agus iarrann sí orthu píosa a roghnú a cheapann siad atá go maith. Ar chúl an phíosa oibre seo scríobhann siad abairt nó dhó ag míniú an ruda atá go maith faoi. Scríobhann Iníon Kennedy gnéithe/cáilíochtaí oibre maithe ar phóstaeir agus cuirtear ar bhalla an tseomra ranga iad ionas go mbíonn na páistí ábalta iad a fheiceáil. Cuireann siad bonn ar fáil do phlé úsáideach.

Fásann an bailiúchán oibre i ngach fillteán tionscadail thar na míonna. Faoi dheireadh na bliana bíonn thart ar chúig phíosa déag i ngach fillteán tionscadail lena n-áirítear dánta, píosaí scríbhneoireachta (cuid acu tuairisciúil agus cuid acu i bhfoirm scéil), athinsint mhíreanna nuachta a pléadh sa rang, agus cuntais ar shaoire agus ar imeachtaí scoile. Bíonn puzail agus quizeanna focal, jócanna agus cartúin ann chomh maith. Stórálann na páistí na fillteáin tionscadail ar sheilf i leabharlann an tseomra ranga.

Tá iontas ar Iníon Kennedy go dtugann na páistí aire mhaith dá bhfillteáin tionscadail. Ag deireadh na bliana déanann na páistí cur i láthair faoina bhfillteáin tionscadail agus bíonn nóiméad amháin ag gach páiste le labhairt leis an rang faoina (h)obair agus faoin bpíosa is fearr leo. Luann cuid mhór de na páistí gur tháinig feabhas ar a chuid oibre sa Bhéarla le himeacht na bliana. Bíonn an-suim ag tuismitheoirí sna fillteáin tionscadail nuair a bhuaileann siad leis na múinteoirí agus nuair a fhaigheann siad tuairiscí a bpáistí.

# Gníomhaíocht shamplach 2.9
# R-fhillteán tionscadail a chruthú

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim/Ábhar | **Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)** |
| Snáithe | **Mé féin** |
| Snáithaonad | **Féiniúlacht** |
| Cuspóirí curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste tuiscint a fhorbairt ar láidreachtaí, cumais agus tréithe pearsanta, agus labhairt fúthu.**<br>**Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste roghanna a dhéanann siad gach lá a aithint agus machnamh a dhéanamh orthu.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a haon agus a dó** |

| | |
|---|---|
| Snáithe | **Mé féin** |
| Snáithaonad | **Ag tabhairt aire do mo chorp** |
| Cuspóirí curaclaim | **Ba chóir go dtuigfeadh an páiste na rudaí éagsúla atá an corp ábalta a dhéanamh.**<br>**Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste scileanna sláinteachais a fhorbairt agus a chleachtadh.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a haon agus a dó** |

I gcéad téarma na scoile, chruthaigh na páistí fillteáin tionscadail dá bhfoghlaim faoi ainmhithe feirme. D'oibrigh Bean Uí Farrell leis na páistí chun cineálacha éagsúla fillteán tionscadail a chruthú agus a chothabháil. Bhí cuid de na fillteáin tionscadail i gceanglóirí fáinne le pócaí plaisteacha nó i bhfillteáin chomhad agus bhí cuid eile acu i mboscaí pizza.

D'fhonn foghlaim na bpáistí in úsáid TFC a chur chun cinn, tá sé ar intinn ag Bean Uí Farrell r-fhillteáin tionscadail a úsáid chun foghlaim na bpáistí in OSPS a mheasúnú le páistí sa chéad rang. Is é an cuspóir atá aici ná taifeadadh a dhéanamh ar thuiscint mhéadaithe na bpáistí maidir lena gcoirp chomh maith lena gcumas chun roghanna maithe a dhéanamh.

Tosaíonn Bean Uí Farrell trí chuidiú a thabhairt do na páistí le fillteán nua a chruthú ar dheasc ríomhaire an tseomra ranga. Úsáideann siad a n-ainmneacha féin le haghaidh a bhfillteán. Ag úsáid bogearraí próiseála focal, cruthaíonn Bean Uí Farrell réamhrá aonleathanaigh faoin r-fhillteán tionscadail (mar a léirítear thíos) agus cuidíonn sí le gach páiste é a chomhlánú agus a shábháil ina f(h)illteán féin.

**Réamhrá faoin r-fhillteán**

Fáilte chuig mo chéad r-fhillteán tionscadail. Tá sé go léir fúm féin.

Is mise ..........................................................................................

Tá mé i rang a ..........................................................................................

Is maith liom ..........................................................................................

Bím sásta nuair ..........................................................................................

## Gníomhaíocht shamplach 2.9 (leanaithe)

Úsáideann Bean Uí Farrell agus na páistí an ceamara digiteach le grianghraif a ghlacadh do gach páiste agus greamaíonn siad na grianghraif ar réamhrá na r-fhillteán tionscadail.

Chun cuidiú le páistí codanna den chorp a ainmniú agus a chuimhniú díríonn an chéad iontráil eile san fhillteán tionscadail ar na focail chearta a chur le léaráid coirp a bhfuil spásanna folmha air. Le himeacht na seachtainí leanann gach páiste ar aghaidh ag cur samplaí oibre ar a r-fhillteán lena n-áirítear grianghraif de na rudaí a dhéanann an páiste a dtaitníonn leis/léi, liosta de na rudaí atá an páiste ag iarraidh a fhoghlaim, closchomhad de ghearrscéal faoi rogha maith atá déanta ag an bpáiste, agus roinnt saothair ealaíne scanta de pháistí ag tabhairt aire dá gcoirp.

Éiríonn páistí níos eolaí maidir lena bhfillteáin féin a aimsiú agus a oscailt ar dheasc ríomhaire an tseomra ranga agus maidir le comhaid nua samplaí oibre a chur leo. Le linn an téarma, roinneann gach páiste a f(h)illteán tionscadail le páistí eile sa ghrúpa, agus pléann siad na rudaí a bhfuil dúil acu ann faoina samplaí oibre, agus na rudaí ar mhaith leo feabhas a chur orthu. Déanann Bean Uí Farrell measúnú ar scileanna na bpáistí i ndáil lena gcuid oibre féin a chur i láthair do na páistí eile. Tuigeann sí ó raon na scileanna a léiríonn na páistí gur gá tuilleadh oibre agus spreagtha a thabhairt do na páistí cotúla sa rang agus eagraíonn sí na grúpaí fillteáin tionscadail le tacaíocht a thabhairt do na páistí seo.

Ag deireadh an téarma tabharfaidh Bean Uí Farrell am do na páistí lena bhfillteáin tionscadail a chur i láthair agus le labhairt leis an rang faoin méid atá foghlamtha acu fúthu féin. Tá sé ar intinn ag Bean Uí Farrell cur i láthair na bpáistí a thaifeadadh mar fhíschomhaid ghairide a léiríonn machnaimh na bpáistí ar a bhfoghlaim agus ar a bhfillteáin tionscadail. Beidh siad seo ar na hiontrálacha deiridh i r-fhillteáin tionscadail gach páiste.

# Léarscáiliú coincheapa

## Cad is léarscáiliú coincheapa ann?

Is próiseas é léarscáiliú coincheapa (ar a dtugtar líonrú séimeantach fosta) a úsáidtear le léirithe spásúla tuairimí a dhéanamh agus le naisc a dhéanamh idir na tuairimí seo. Tá na léarscáileanna coincheapa (nó na líonraí séimeantacha) cosúil le graif ina bhfuil tuairimí agus línte lipéadaithe a léiríonn na caidrimh atá eatarthu. Is é cuspóir na léarscáileanna ná cuidiú leis an bpáiste na rudaí agus na bealaí a smaoiníonn sé/sí faoi thuairim a léiriú. Cé go bhfuil cineálacha éagsúla léarscáileanna ann, cuidíonn siad go léirleis an bpáiste a smaointeoireacht a eagrú agus a léiriú. Ar an mbealach seo, is éard atá sna léarscáileanna ná eagraithe grafacha nó achoimrí pictiúr de thuiscint na bpáistí ar thuairimí agus ar na naisc atá idir tuairimí.

## An bhfuil léarscáiliú coincheapa luachmhar mar mhodh measúnaithe?

Faigheann páistí eolas faoin timpeallacht thart orthu i gcónaí. Úsáideann siad an t-eolas seo le teoiricí a fhorbairt faoi na fáthanna go bhfuil rudaí mar atá siad agus faoi na fáthanna a dtarlaíonn rudaí mar a tharlaíonn siad. D'fhéadfaí go n-athraítear na teoiricí sin le himeacht ama mar thoradh ar eispéiris agus idirghníomhaíocht na bpáistí lena dtimpeallacht agus le daoine eile. Cuidíonn léarscáiliú coincheapa leis an múinteoir tuairimí na bpáistí a thuiscint. D'fhéadfaí go dtabharfaidh an t-eolas seo léargas maith ar na rudaí a fhoghlaimíonn páistí agus ar na dóigheanna a bhfoghlaimíonn páistí—na naisc a dhéanann siad idir tuairimí. Tá léarscáiliú coincheapa de leas na bpáistí féin chomh maith. Mar chuid den phróiseas, bíonn páistí i mbun foghlama níos suntasaí mar bíonn siad ábalta eolas nua a chomhtháthú le heolas a bhí acu roimhré agus bíonn fianaise acu maidir leis an tuiscint seo. Is féidir le páistí léarscáiliú coincheapa a úsáid mar threoracha staidéir fosta.

Nuair a bhailíonn an múinteoir eolas trí léarscáiliú coincheapa, is féidir go mbeidh pointí tábhachtacha tosaigh agus pointí tábhachtacha seiceála le haghaidh teagaisc agus foghlama. Trí léarscáil choincheapa a dhéanamh, bíonn na páistí ábalta an t-eolas atá acu agus a thuigeann siad cheana faoi thopaic nó faoi thuairim faoi leith a thabhairt le chéile, agus eolas nua a ionchorprú ina smaointeoireacht de réir mar a fhoghlaimíonn siad. Cuireann léarscáileanna coincheapa feabhas ar thuiscint na bpáistí faoi choincheapa aonair agus cuidíonn sé leo naisc a fheiceáil idir choincheapa. D'fhéadfaí go mbeidh siad úsáideach do pháistí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta acu go háirithe toisc go léiríonn na páistí na rudaí atá á bhfoghlaim acu i bhfoirm ghrafach. Má úsáideann an múinteoir fianaise d'fhoghlaim na bpáistí ó léarscáileanna coincheapa, is féidir leis/léi straitéisí, gníomhaíochtaí agus eispéiris theagaisc a shainaithint le foghlaim na bpáistí a mhionathrú i gcás nuair a bhíonn míthuiscintí ann, agus/nó is féidir leis an múinteoir smaointeoireacht na bpáistí a fhorbairt.

Tá léarscáiliú coincheapa úsáideach le haghaidh measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim páistí in eolaíocht, stair agus tíreolaíocht go háirithe. Is féidir é a úsáid le páistí ar fud leibhéal éagsúil ranga ach bíonn níos mó ionchuir ón múinteoir de dhíth i gcás páistí níos óige.

## Cén dóigh a úsáidtear léarscáiliú coincheapa?

Cuirtear tús le léarscáiliú coincheapa le plé faoin tuairim nó faoin gcoincheap ábhartha. Sa phlé seo, taifeadann an múinteoir nó an páiste eochairfhocail a léiríonn tuiscint na bpáistí faoin tuairim nó faoin gcoincheap. Úsáidtear na focail sin mar bhonn le léarscáileanna coincheapa a fhorbairt, agus bíonn an tuairim nó an coincheap mar fhócas lárnach na léarscáile. Is féidir le léarscáileanna coincheapa a bheith 3-D nó 2-D. Le léarscáileanna 3-D a dhéanamh, bíonn acmhainní cosúil le páipéar nó cárta agus sreang nó snáth de dhíth, agus is féidir léarscáileanna 2-D a chruthú le páipéir agus peann luaidhe nó le bogearraí ríomhaire cosúil le próiseáil focal nó bogearraí léarscáilithe coincheapa.

Cibé formáid a úsáidtear, tugann an múinteoir tasc do na páistí (go haonair, i bpéirí nó i ngrúpaí) agus caithfidh siad focail nó **coincheapa** a eagrú ar bhealach a gcuireann ar a gcumas cur síos a dhéanamh ar naisc idir coincheapa agus fochoincheapa. Is fianaise í líon na gcoincheapa a léirítear i léarscáil coincheapa an pháiste de fhairsinge tuisceana an pháiste ar an topaic nó ar an réimse staidéir. Léiríonn na leibhéil coincheapa a léirítear (coincheap, fochoincheap, fo-fhochoincheap) doimhneacht tuisceana an pháiste.

Úsaideann na páistí línte le **naisc** a léiriú idir na coincheapa agus na fochoincheapa le saigheada ag taispeáint treo an naisc. Iarrann an múinteoir ar na páistí an méid nasc a thaispeáint agus is féidir. Is fianaise í líon na nasc a léirítear i léarscáil choincheapa an pháiste den mhéid a chomhtháthaíonn an páiste tuairimí laistigh den topaic nó den réimse staidéir. Iarrann an múinteoir ar na páistí cur síos a dhéanamh ar na naisc ag úsáid an méid is lú focal agus is féidir. Is táscaire eile é cruinneas cuir síos an pháiste ar naisc den mhéid a thuigeann sé/sí.

Foghlamaíonn roinnt páistí an dóigh le léarscáileanna coincheapa a úsáid go gasta, go háirithe páistí a bhfuil cumas láidir amhairc-spásúlachta acu. Glacann sé níos faide ar pháistí eile an cumas a fhorbairt agus b'fhéidir go mbeadh orthu tosú le foirmeacha níos simplí eagraithe grafacha agus achoimrí pictiúr.

## Cathain ar chóir léarscáiliú coincheapa a úsáid mar mhodh measúnaithe?

Ag tús aonaid oibre is féidir le léarscáileanna coincheapa eolas a thabhairt do mhúinteoiri faoi leibhéal tuisceana (agus míthuisceana) reatha an pháiste ar choincheap áirithe. Leis an eolas seo bíonn an múinteoir ábalta rudaí a shainaithint a mbeidh air/uirthi díriú orthu le freastal ar riachtanais reatha foghlama an pháiste, agus mar sin léarscáiliú coincheapa a úsáid le haghaidh McF. Le linn nó ag deireadh tréimhse foghlama, tugann léarscáiliú coincheapa fianaise ar an dóigh a mionathraíodh nó a fairsingíodh smaointeoireacht an pháiste mar gheall ar eispéiris nó gníomhaíochtaí. Leis seo a dhéanamh, is féidir leis an múinteoir iarraidh ar na páistí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid léarscáileanna agus iad a choigeartú de réir mar is mian leo, nó is féidir deis a thabhairt do na páistí léarscáileanna nua a dhéanamh bunaithe ar an gcoincheap céanna. Ar an mbealach seo, is féidir léarscáiliú coincheapa a úsáid le haghaidh MdF. Leis an eolas seo, is féidir leis an múinteoir measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht a t(h)eagaisc i ndáil le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim páistí.


# Gníomhaíocht shamplach 2.10
# Ag úsáid léarscáilithe coincheapa le haghaidh MdF

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)** |
| Ábhar | **Eolaíocht** |
| Snáithe | **Nithe beo** |
| Snáithaonad | **Beatha phlandúil agus ainmhíoch** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste tuiscint mhéadaithe ar phlandaí agus ainmhithe ó mhórthimpeallachtaí a fhorbairt.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a trí agus a ceathair** |

Tá seacht bpáiste is fiche i rang a trí ag Iníon Daly. Tá na páistí ag foghlaim faoi chreimirí in Éirinn agus thar lear. Eagraíonn Iníon Daly seisiún "taispeáin agus inis" agus iarrann sí ar na páistí páirt a ghlacadh ann. Tugann Yuri a hamstar chuig an scoil agus tugann Síle muc ghuine léi a cheannaigh a seanathair di dá breithlá. Cuireann an rang ceisteanna ar an tréidlia áitiúil agus ar úinéir an tsiopa peataí, déanann siad taighde ar líne don obair bhaile, léann siad leabhair ó leabharlann an tseomra ranga agus ón leabharlann áitiúil, priontálann siad pictiúir ó CD-ROM ag úsáid ríomhaire an tseomra ranga agus cuireann siad lipéid orthu, agus déanann siad bileoga eolais faoina bpeataí ar féidir le páistí eile a léamh.

Agus í ag déanamh measúnaithe ar fhoghlaim na bpáistí, déanann Iníon Daly tasc an léarscáilithe coincheapa a dhifreáil trí dhá dhamhánléarscáil coincheapa a úsáid. I ndamhánléarscáil coincheapa cuirtear an tuairim lárnach i lár na léarscáile agus tagann na fo-thuairimí eile amach as. Tugann sí an chéad léarscáil do ghrúpa sé pháiste a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu (féach thíos). Iarrann sí ar na páistí amharc air agus smaoineamh faoin léarscáil agus tugann sí léarscáil eile don chuid eile den rang. Nuair a shocraíonn na páistí agus nuair a thosaíonn siad ag obair go neamhspleách ar an tasc filleann sí ar an gcéad ghrúpa le cuidiú leo. Cuidíonn Iníon Daly le heochairfhocail agus le heochairfhrásaí agus scríobhann sí do David a bhfuil Siondróm Down air.


**Sampla de theimpléad léarscála coincheapa**



## Gníomhaíocht shamplach 2.10 (leanaithe)

Comhlánaíonn an chuid eile den rang an dara léarscáil gan chuidiú (féach thíos). Sa léarscáil seo iarrtar ar na páistí fo-thuairimí a shainaithint agus an nasc a léiriú eatarthu seo agus an príomhthuairim.

**Sampla de léarscáil choincheapa pháiste**




Ag amharc ar na léarscáileanna, tugann Iníon Daly faoi deara an méid a d'fhoghlaim cuid de na páistí, na páistí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu go háirithe. Scríobhann sí an t-eolas seo ina taifid laethúla don rang. Stórálann sí na léarscáileanna coincheapa i gcomhaid lárnacha na bpáistí agus tá sé ar intinn aici iad a thaispeáint do na tuismitheoirí ag na cruinnithe tuismitheoirí/múinteora atá le teacht.


# Gníomhaíocht shamplach 2.11
# Ag úsáid léarscáilithe coincheapa le haghaidh McF

| | |
|---|---|
| **Réimse curaclaim** | **Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)** |
| **Ábhar** | **Eolaíocht** |
| **Snáithe** | **Fuinneamh agus fórsaí** |
| **Snáithaonad** | **Teas** |
| **Cuspóir curaclaim** | **Ba chóir go mbeadh an páiste eolach ar fhoinsí éagsúla fuinnimh theasa.** |
| **Leibhéal ranga** | **Ranganna a haon agus a dó** |

Úsáideann Henry léarscáiliú coincheapa leis an gceithre pháiste is fiche atá i rang a haon agus a dó. Suíonn na páistí go léir ar an urlár agus bíonn plé ranga acu faoi theas. De réir mar a thugann na páistí tuairimí a bhaineann le teas, scríobhann Henry ar an gclár bán iad.


Ar an lá dár gcionn tugann Henry sraith cártaí do gach grúpa de chúig pháiste a bhfuil na tuairimí priontáilte orthu. Léann na páistí na focail le Henry. Téann Henry ó ghrúpa go grúpa, ag cuidiú leis na páistí na cártaí a eagrú ar a dtáblaí ionas go gcuirtear focail le chéile a bhfuil nasc eatarthu. Greamaíonn na páistí na cártaí ar phíosa mór páipéir ag fágáil go leor spáis idir na cártaí le línte nasctha a tharraingt. Tarraingíonn siad línte idir na focail a cheapann siad a bhfuil nasc eatarthu. Ar gach líne scríobhann siad focal faoi nádúr an naisc idir an dá fhocal. Nuair is gá, scríobhann Henry do na páistí. Úsáideann grúpa trí pháiste atá níos cumasaí ríomhaire an tseomra ranga lena léarscáil choincheapa a chruthú. Nuair a bhíonn na léarscáileanna beagnach comhlánaithe, seiceálann na páistí cártaí ar bith nár úsáid siad go fóill, agus cuireann siad ceann ar bith eile acu a shíleann siad atá oiriúnach don léarscáil uirthi. Cuireann siad línte úra agus focail nasctha léi. Ainmníonn agus taispeánann na grúpaí a gcuid léarscáileanna.

**Sampla de léarscáil choincheapa pháiste (arna chruthú ag úsáid cártaí focal agus ag scríobh)**



## Gníomhaíocht shamplach 2.11 (leanaithe)


**Sampla de léarscáil choincheapa pháiste (arna chruthú ag úsáid ríomhaire an tseomra ranga)**




Sna chéad cúpla lá eile léirmhíníonn Henry léarscáileanna coincheapa na bpáistí agus tugann sé faoi deara nach bhfuil tuiscint iomlán ag cuid de na páistí ar an ngaol idir teolaí agus te. (Níl na focail seo ar a léarscáileanna). Chomh maith leis sin níl sé soiléir cén dóigh a mbraitheann na páistí an gaol idir teas agus an ghrian, go háirithe i gcás na bpáistí i rang a haon. Nuair a dhéanann siad níos mó oibre ar theas úsáideann Henry fiosrúcháin sa seomra ranga le breathnú ar choincheap na teochta agus comparáid a dhéanamh idir an teocht taobh istigh agus an teocht taobh amuigh den seomra ranga, agus fiosrúcháin a léiríonn gur foinse teasa í an ghrian san áireamh.

Faoi dheireadh an téarma bíonn na léarscáileanna coincheapa níos sofaisticiúla de réir mar a éiríonn na páistí níos cleachta leo.

**Sampla de léarscáil choincheapa pháiste**



# Ceistiú

## Cad is ceistiú an mhúinteora ann?

Cuireann ceistiú taca faoi mhodhanna measúnaithe uile an tseomra ranga. Cuireann múinteoirí ceisteanna ar na páistí faoina gcuid oibre go rialta lena fháil amach na rudaí atá déanta acu agus na fáthanna a rinne siad iad. Úsáideann na múinteoirí na ceisteanna seo chun eolas agus tuiscint a mheasúnú agus chun treoir a thabhairt do pháistí ina bhfoghlaim. Úsáideann páistí eolas fosta le cuidiú leo foghlaim, mar shampla, cuireann siad ceisteanna ar a múinteoir agus ar a bpiaraí. Is páirt d'obair an mhúinteora in úsáid ceistithe mar mhodh measúnaithe í léiriú ceistithe maith. Má dhéantar seo éiríonn na páistí níos sciliúla ag cur ceisteanna maithe a chuidíonn lena bhfoghlaim féin. (Féach Féinmheasúnú, lch.16.)

Tá cuid mhór cineálacha difriúla ceisteanna béil. Áirítear ar scóip na gceisteanna seo ceisteanna iata a mbíonn an múinteoir ag dúil le freagra amháin fíorasach uirthi agus ceisteanna oscailte a spreagann freagra níos criticiúla agus níos anailísí, agus a éascaíonn ilchosáin réitigh. (Féach Aguisín A, lgh. 86-87 le tuilleadh eolais a fháil ar na cineálacha ceisteanna.) Is féidir ceisteanna a úsáid fosta chun foghlaim a mheasúnú (MdF) agus chun cuidiú le foghlaim (McF) ach níl an t-idirdhealú glansoiléir agus d'fhéadfadh ceisteanna an dá fheidhm a chomhlíonadh ar bhealach éigin. Sna paragraif a leanas scrúdaítear roinnt samplaí de theicníochtaí ceistithe béil.

## An bhfuil an ceistiú luachmhar mar mhodh measúnaithe?

Má chuireann an múinteoir ceisteanna ar an bpáiste, is féidir leis/léi cumas foghlama na bpáistí a mheas mar spreagtar iad le mionléiriú a dhéanamh ar fhreagra, cé acu a dtugann siadsan an freagra nó a dtugann páiste eile an freagra. Tugtar **iniúchadh** air seo. Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná páistí a cheistiú faoin dóigh a dtáinig siad ar réiteach faidhbe nó faoin dóigh a bhfuil siad ag obair ar thasc faoi láthair. Is féidir le hiniúchadh soiléiriú a thabhairt, tuilleadh eolais a chur ar fáil, nó freagra an pháiste a atreorú i dtreo níos torthúla. Áirítear ar iniúchtaí ceisteanna amhail, *Cén dóigh a dtáinig tú ar an bhfreagra sin?* agus *Cén fáth sin?* Má úsáidtear iniúchadh mar mhodh measúnaithe is fiú ceist a chur ar féidir ceann ar bith de na hiniúchtaí a dhéanamh níos éifeachtúla maidir le tuiscint reatha an pháiste a dhéanamh amach agus más féidir, cén dóigh?

Is féidir le múinteoirí **leideanna** a úsáid chomh maith. Is éard atá i gceist le leideanna ná go n-iarrtar ar pháistí machnamh a dhéanamh ar ghnéithe taisc d'fhonn cuidiú leo teacht ar réiteach ceart nó modh níos oiriúnaí a úsáid. Áirítear ar leideanna ceisteanna amhail, *An féidir sin a úsáid le gach uimhir chothrom?* agus *Abair gur dronuilleog í an cruth, an ndéanfadh sé sin difear ar bith?*

Seo a leanas roinnt ceisteanna le cur san áireamh má bhíonn tú ag úsáid leideanna mar mhodh measúnaithe:

- An dtéann na leideanna i ngleic leis na deacrachtaí coitianta a d'fhéadfadh a bheith ag na páistí? Mura dtéann, cén dóigh a bhféadfaí na leideanna a athrú?
- An dtéann cuid de na leideanna thar fóir, is é sin an bhfuil tú ag rá do na páistí an rud ar chóir dóibh a bheith a dhéanamh seachas ag tabhairt treorach dóibh le hathmhachnamh a dhéanamh ar a bpleananna?

## Ag tabhairt freagra ar cheisteanna

Díríonn na samplaí thuas ar an múinteoir ag cur ceisteanna. Is féidir eolas a chur ar fáil a thacaíonn le MdF and McF chomh maith má spreagtar na páistí chun ceisteanna a chur ar an múinteoir. Is féidir é seo a dhéanamh mar a leanas:

- **Deiseanna a thabhairt do na páistí le ceisteanna a chur:** Stad i ndiaidh pointe tábhachtach a dhéanamh nó i ndiaidh topaic a mhíniú, nó cuir ceist, *Ceisteanna ar bith?* nó *An bhfuil sibh ag iarraidh orm níos mó a rá?* Tabhair am do na páistí a gceisteanna a chumadh sula dtéann tú ar aghaidh.
- **Iarracht a dhéanamh gan freagairt ar cheist a chur siar nó gan neamhaird a dhéanamh do cheist an pháiste:** Má bhíonn páiste amháin ag cur ceisteanna an t-am ar fad, d'fhéadfadh an múinteoir a rá, *An bhfuil ceist ag duine ar bith nár chuala mé go fóill*, nó *Vincent, thug mé freagra ar roinnt ceisteanna uait cheana, an bhfuil ceist ar bith ag duine ar bith eile ar dtús?*
- **Freagra a thabhairt ar cheistanna an pháiste go himleor:** Mura mbíonn an múinteoir ag iarraidh freagra a thabhairt ar an gceist go díreach d'fhéadfadh sé/ sí triail a bhaint as na rudaí seo a leanas:
  - an cheist a rá arís nó í a rá i bhfocail eile lena chinntiú go gcluineann an rang uile an cheist.
  - an cheist a atreorú chuig páiste eile nó chuig an rang ar fad, agus freagra nó trácht a iarraidh orthu, nó mionléiriú ar an gceist.
  - freagra a thabhairt ar cheist an pháiste trína (h)aird a dhíriú ar rudaí a bhaineann leis an bhfreagra amháin, d'fhonn cuidiú leis an bpáiste freagra a thabhairt ar a c(h)eist féin.
- **Éisteacht leis an gceist:** Amharc ar an bpáiste nuair a bhíonn sé/sí ag caint; taispeáin go bhfuil tú ag éisteacht trí do chloigeann a chlaonadh; déan cinnte go dtuigeann tú an rud atá sé/sí a rá tríd an cheist a athinsint.
- **Plé a chothú i measc na bpáistí:** Bíodh formhór an ranga páirteach i bhfreagairt roinnt ceisteanna.

# Gníomhaíocht shamplach 2.12
# Ceistiú chun tacú le MdF

| | |
|---|---|
| **Réimse curaclaim/Ábhar** | **Matamaitic** |
| **Snáithe** | **Uimhir** |
| **Snáithaonad** | **Codáin** |
| **Cuspóir curaclaim** | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste codáin agus foirmeacha comhchosúla codáin le hainmneoirí 2, 3, 4, 5, 6, 8, 9, 10 agus 12 a shainaithint.** |
| **Leibhéal ranga** | **Ranganna a trí agus a ceathair** |

Bíonn Bean Uí Bhriain ag teagasc fiche a seacht páiste i rang a ceathar. Tá seachtain caite ag na páistí ag obair ar chodáin le linn an ranga matamaitice. Ba mhaith léi a dtuiscint ar chodáin a iniúchadh trí na ceisteanna a leanas a chur ar an rang iomlán. Tosaíonn sí le ceist tosaigh le réamheolas a fháil.

**Bean Uí Bhriain** *Cad is codán ann?* (Fanann sí cúig shoicind sula nglaonn sí ar Anna chun freagra a thabhairt.)

**Anna** *Uimhir bheag is ea codán.*

**Bean Uí Bhriain** (Déanann sí freagra Anna a athrá.) *Uimhir bheag is ea codán.* (Cuireann sí ceist eile ansin d'fhonn freagra Anna a shoiléiriú.) *An féidir le duine ar bith a insint dom céard atá i gceist ag Anna le huimhir bheag?* (Arís fanann sí cúig shoicind. Glaonn sí ar Luke an uair seo nach bhfuil a lámh thuas chun freagra a thabhairt.)

**Luke** *Uimhir bheag is ea codán de bhrí nach bhfuil an rud iomlán agat.*

**Bean Uí Bhriain** (Iarrann Bean Uí Bhriain ar Luke a fhreagra a mhionléiriú trí cheist a chur) *An bhféadfá sampla a thabhairt dom?*

**Luke** *Má théann tú chuig cóisir breithlae agus bíonn cáca breithlae ann, chaithfí an cáca a roinnt leis na páistí go léir atá i láthair, agus ní fhaigheann gach duine ach codán den cháca.*

**Bean Uí Bhriain** *Ceart! Agus cén fáth a bhfuil dhá uimhir i gcodán mar sin?* (Déanann sí teagmháil súl le Pierre, rud a thaispeánann go bhfuil sí ag iarraidh air freagra a thabairt.)

**Pierre** *Má bhíonn cáca amháin ann, chaithfí é seo a thaispeáint mar 1 roinnte ar líon na bpáistí a mbeidh sé le roinnt leo. Mar shampla, dá mbeadh ocht bpáiste ann chaithfí é a thaispeáint mar* $\frac{1}{8}$ *(aon ochtú).*

**Bean Uí Bhriain** (Claonann Bean Uí Bhriain a cloigeann ag aontú le Pierre. Spreagann sí na páistí chun machnamh a dhéanamh ar an topaic trí seo a rá) *Anois tá mé ag iarraidh oraibh smaoineamh ar an gceist seo agus an freagra a scríobh. An bhfuil sibh réidh? Más rud é go bhfuair Anna* $\frac{2}{16}$ *den cháca agus go bhfuair Luke* $\frac{1}{8}$ *den cháca, cé acu páiste a bheadh níos mó acu?*

**Úna** *Sílim go bhfuair Anna an méid is mó mar tá 16 níos mó ná 8.*

**Bean Uí Bhriain** *An bhfuil freagra Úna ceart?*

**Tadhg** *Níl Úna ceart mar go bhfuil* $\frac{2}{16}$ *agus* $\frac{1}{8}$ *cothrom.*

**Bean Uí Bhriain** *Sin léargas maith, a Thaidhg.* (Tugann sí tasc dóibh d'fhonn na páistí a spreagadh lena n-eolas agus lena mbreithniúcháin féin a thabhairt ar thopaic na gcodán.) *An iarraidh seo ba mhaith liom go n-oibreodh sibh i ngrúpaí. Seo an cheist atá ag iarraidh ar gach grúpa a fhreagairt: Cén dóigh a mbíonn a fhios agat nuair a bhíonn dhá chodán cothrom. Tá páipéar agus pinn os bhur gcomhair. Tá deich nóiméad agaibh le bhur bhfreagraí a ullmhú i bhfoirm léiriúcháin teilifíse. Iarrfar ar gach grúpa léiriú a dhéanamh don chuid eile den rang.*

# Gníomhaíocht shamplach 2.13
# Ceistiú chun tacú le McF

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Oidedachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)** |
| Ábhar | **Eolaíocht** |
| Snáithe | **Fuinneamh agus fórsaí** |
| Snáithaonad | **Fuaim** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste raon cnaguirlisí simplí a dhearadh agus a dhéanamh.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a haon agus a dó** |

Tá an tUas. Traynor ag teagasc topaice na fuaime do dhá pháiste is fiche i ranganna a haon agus a dó. Tosaíonnn sé le ceisteanna aird-dhírithe. Tapálann sé spúnóg ar thaobh phróca suibhe atá folamh.

**An tUas Traynor** *Cén fhuaim a chluineann sibh? An fuaim ard nó fuaim íseal í?*
**Mario** *Is fuaim ard í.*

Líonann an tUas Traynor leath an phróca suibhe le huisce agus tapálann sé an phróca arís. Úsáideann sé ceist chomparáideach an t-am seo.

**An tUas Traynor** *An bhfuil an fhuaim níos airde nó níos ísle ná an fhuaim an t-am deireanach?*
**Sarah** *Níos ísle!*
**An tUas Traynor** *Cad a cheapann tú a tharlóidh don fhuaim má chuirim níos mó uisce sa phróca suibhe?*

Iarrtar ar na páistí an toradh a réamh-mheas. Déantar an próiseas seo roinnt uaireanta ag úsáid níos mó uisce agus níos lú uisce. Nuair a bhíonn na páistí eolach ar fhéidearthachtaí na leibhéal éagsúil uisce sa phróca suibhe cinneann an tUas Traynor go bhfuil siad réidh anois do cheisteanna fadbhréitigh. Tugann sé tasc do ghrúpa amháin de shé pháiste. Sa tasc seo caithfidh siad fonn a chumadh ag úsáid prócaí suibhe agus uisce amháin. Tugann sé roinnt bandaí leaisteacha agus boscaí cairtchláir do ghrúpa eile de shé pháiste. Tugann sé roinnt buailteoirí (spúnóga, rialóirí, agus mar sin de) agus nithe coitianta sa seomra ranga don tríú grúpa chun iniúchadh a dhéanamh ar fhuaimeanna a tháirgtear trí ábhair dhifriúla a úsáid.

Ag deireadh gach gníomhaíochta léiríonn gach grúpa a thorthaí, agus bíonn an tUas Traynor ábalta measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha ag gach ball trí níos mó ceisteanna a chur orthu agus níos mó dírbhreathnaithe a dhéanamh.

# Dírbhreathnú an mhúinteora

## Cad is dírbhreathú an mhúinteora ann?

Is féidir le dírbhreathnú an mhúinteora tarlú am ar bith a bhfuil idirghníomhú idir an múinteoir and an páiste, cé acu atá sé spontáineach nó pleanáilte. Nuair a dhéanann an múinteoir dírbhreathnú sa seomra ranga cuirtear cuid den eolas is láithrí agus is cruinne ar fáil faoi fhoghlaim an pháiste. Nuair a thaifeadtar dírbhreathnú an mhúinteora i bhfoirm scríofa bíonn an múinteoir ábalta cur síos ar fhoghlaim an pháiste a dhéanamh i gcomhthéacs. Má choinnítear na taifid seo is féidir go mbeidh pleanáil níos fócasaithe agus níos córasaí le haghaidh tuilleadh oibre do pháiste aonair, do ghrúpa nó don rang iomlán.

## An bhfuil dírbhreathnú an mhúinteora luachmhar mar mhodh measúnaithe?

Má thaifeadtar mionshonraí maidir lena ndeireann páiste, lena ndéanann páiste, agus níos tábhachtaí, maidir leis an dóigh a ndeireann nó a ndéanann an páiste rudaí is féidir leis an múinteoir eolas tábhachtach a bhailiú faoi fhoghlaim páiste. Is féidir leis/léi riachtanais agus roghanna an pháiste a shainaithint agus is féidir leis/léi a mheas cé chomh éifeachtach is atá an teagasc maidir le freastal ar na riachtanais seo sa rang. Soláthraíonn dírbhreathnú an mhúinteora eolas don mhúinteoir ar an gcaoi ina dtugann an páiste faoi idirghníomhú agus oibriú le páistí eile. Anuas air sin, cabhraionn sé leis an múinteoir measúnú a dhéanamh ar chumas an pháiste chun scileanna agus eolas a aistriú thar an gcuraclam chomh maith lena c(h)umas chun ábhair agus foinsí foghlama a úsáid freisin.

Cuidíonn dírbhreathnú leis an múinteoir na méideanna éagsúla ratha a fháil amach maidir leis na scileanna difriúla agus an t-eolas a ghnóthaíonn agus a fhaigheann páiste, agus ansin na comhthéacsanna teagaisc agus foghlama a choigeartú dá réir. Is fearr cuid den eolas agus cuid de na scileanna a ghnóthaíonn an páiste a bhreathnú níos fearr agus iad i mbun gníomhaíochta, agus de bharr sin is minic gurb é dírbhreathnú an mhúinteora an t-aon dóigh le measúnú cruinn a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste.

Molann *Curaclam na Bunscoile* dírbhreathnú an mhúinteora a úsáid i *ngach* ábhar. Tá roinnt bealaí comhchosúla ann le dírbhreathnú múinteora a dhéanamh. (Féach Figiúr 3 ar lch. 47.)

## Cén dóigh a n-úsáidtear dírbhreathnú an mhúinteora?

Cuid d'obair an tseomra ranga is ea dírbhreathnú an mhúinteora. Cuimsíonn sé éisteacht agus breathnú, agus éilíonn sé ar an múinteoir smaointeoireacht agus gníomhartha an pháiste a thabhairt faoi deara, a aithint agus a fhreagairt. D'fhéadfaí go ndíreodh an dírbhreathnú ar pháiste aonair nó ar ghrúpa, ach ní bhíonn an cineál céanna dírbhreathnaithe de dhíth ar pháiste i gcónaí. Tarlaíonn dírbhreathnú an mhúinteora ag amanna spontáineacha nuair a bhíonn na páistí i mbun gníomhaíochtaí foghlama agus is féidir an dírbhreathnú sin a thaifeadadh. Is éard atá i gceist le monatóireacht níos éifeachtúla ar pháiste nó ar ghrúpa a bhfuil cuspóir níos soiléire aici ná dírbhreathnú múinteora atá pleanáilte agus taifeadta ar bhealach struchtúrtha agus fócasaithe

## Cén uair ba chóir dírbhreathnú an mhúinteora a úsáid?

Is féidir dírbhreathnú an mhúinteora a úsáid ag am ar bith sa seomra ranga. Mar shampla, b'fhéidir go gcinnfeadh múinteoir dírbhreathnú a dhéanamh ar an bplé laistigh de ghrúpa faoi leith sa seomra ranga nó ar obair páiste a bhfuil deacrachtaí foghlama aige/aici. Déanann sé/sí socruithe oiriúnacha d'fhonn an páiste nó an grúpa a dhírbhreathnú, agus d'fhéadfadh sé/sí obair ghrúpa a eagrú do pháistí eile, ag fáil comhoibrithe ó chomhghleacaí eile, agus/nó seicliostaí a dhéanamh. Tarlaíonn dírbhreathnú taobh istigh de thréimhse ghairid ama de ghnáth. Déanann an múinteoir dírbhreathnú ar an bpáiste nó ar an ngrúpa nuair a bhíonn siad ag déanamh tascanna nó cleachtaí agus déanann sé/sí taifeadadh den eolas ábhartha. Má dhéantar dírbhreathnuithe ina dhiaidh sin is féidir monatóireacht leanúnach ar an bpáiste nó ar an ngrúpa a dhéanamh.



**Figiúr 3: Roinnt modhanna dírbhreathnaithe múinteora**

Díríonn **dírbhreathnú páiste sonraithe** ar pháiste amháin. Sraith breathnuithe le chéile a thugann pictiúr d'fhorbhairt uathúil an pháiste atá ann.

Is éard is **samplaí imeachtaí** ann ná breathnuithe taifeadta d'imeachtaí faoi leith a fhorbraíonn patrún d'iompar páiste i dtréimhse ama.

Breathnuithe gairide, fócsaithe ar fhobairt páiste is ea **samplaí ama**. Is féidir iad a úsáid le sonraí beachta a bhailiú thar thréimhse fada ama.



Is éard is **breathnú starógach** ann, cibé acu spontáineach nó pleanáilte é, ná scéal scríofa de rudaí suimiúla i bhforbairt nó in iompar an pháiste.

Is éard is **scáthstaidéar** ann ná breathnú taifeadta, pleanáilte córasach de ghnéithe foghlama nó iompair. D'fhéadfaí gur dalta aonair, grúpa sa rang, rang iomlán nó scoil atá i gceist ann.

# Gníomhaíocht shamplach 2.14
# Dírbhreathnú páiste sonraithe

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Teanga** |
| Ábhar | **Béarla** |
| Snáithe | **Cumas agus múinín in úsáid na teanga / Teanga labhartha** |
| Snáithaonad | **Teanga labhartha: cumas agus múinín a fhorbairt in úsáid na teanga** |
| | **Cumas agus múinín in úsáid na teanga** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste rudaí agus imeachtaí a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna naíonán** |

Tá Áine ceithre bliana go leith. Tá a múinteoir, Siobhán, buartha faoi fhorbairt teanga Áine, go háirithe a cuid scileanna in aithint dathanna. Tá sé de rún aici dírbhreathnú ar Áine agus ar a dlúthchara, Katie, nuair a bheidh siad ag súgradh an lá dár gcionn. Tá a fhios ag Siobhán go mbaineann Áine agus Katie sult as iad féin a ghléasú agus de bhrí sin tugann sí a lán éadaí daite dóibh le cur orthu. Piocann Katie cóta gealghorm ón ráille. Osclaíonn sí na cnaipí agus cuireann sí an cóta uirthi. Druideann sí na cnaipí go cúramach agus amharcann sí uirthí féin sa scáthán. *Is maith liom gorm*, a deir sí le hÁine atá ag streachailt le geansaí clúmhach bándearg. Cuireann Áine an geansaí síos thar a cloigeann ach níl sí ábalta a sciatháin a chur isteach sna muinchillí. Iarrann Siobhán an bhfuil cuidiú de dhíth uirthi. *Níl* a deir Áine, *déan mé féin é*. Déanann Katie gáire agus cuidíonn sí léi an geansaí a chur uirthi mar is ceart. *Cén dath atá do gheansaí clúmhach?* a deir Siobhán. *Tá sé glas*, a deir sí. *Níl*, a deir Katie, *tá do gheansaí bándearg! Tá cuma ghalánta orainn!*

Nuair a bhíonn an rang imithe an tráthnóna sin cuireann Siobhán iontráil isteach ina fillteán i ríomhaire an tseomra ranga. Osclaíonn sí an comhad a bhfuil Katie marcáilte air.

Scrollaíonn sí síos go dtí deireadh na cáipéise agus clóscríobhann sí:

**Taifead samplach múinteora ar Katie**

**21 Deireadh Fómhair**

Láimhseálann sí cnaipí go maith.
Tá eolas aici ar na dathanna gorm agus bándearg.
Tá sí cuidiúil lena cairde.

I gcomhad Áine clóscríobhann sí:

**Taifead samplach múinteora ar Áine**

**21 Deireadh Fómhair**

Taispeánann sí roinnt moillithe teanga.
Cuidiú de dhíth uirthi le gléasú.
Níl sí cinnte faoi na dathanna bándearg agus glas.
Is maith léi rudaí a dhéanamh go neamhspleách.

Sábhálann Siobhán an t-eolas nua agus dúnann sí na comhaid.

## Gníomhaíocht shamplach 2.14 (leanaithe)

Roimh dheireadh na seachtaine oibríonn Siobhán lena rang ar na dathanna a theagasc sí cheana. Nuair a chuireann sí tuilleadh ceisteanna orthu, tuigeann sí go gcaithfidh sí difreáil a dhéanamh idir na páistí atá eolach ar a lán dathanna agus na páistí atá ag streachailt leis na cinn atá clúdaithe sa rang cheana. Faigheann sí amach go n-aithníonn Katie agus trí pháiste eile na dathanna go léir a theagasc sí dá rang le linn na bliana sin agus go bhfuil siad ábalta iad a ainmiú. Agus na páistí seo ag obair i bpéirí ar ríomhchlár faoi dhathanna, téann Siobhán siar ar na dathanna a theagasc sí go dtí seo. Tugann sí aird bhreise ar Áine atá ag streachailt go fóill. Spreagann sí í le focail dathanna a ainmniú agus a úsáid chomh minic agus is féidir.

De réir mar a leanann Siobhán léi ag dírbhreathnú agus ag taifeadadh úsáide teanga labhartha Áine, tuigeann sí go bhfuil moill ar fhorbairt teanga Áine. Labhraíonn sí le príomhoide na scoile agus socraíonn siad ar bhuarthaí Siobháin a phlé le máthair Áine. Glacann máthair Áine go bhfuil uirthi Áine a spreagadh le foirmeacha níos fairsinge teanga a úsáid. Tugann Siobhán leabhair ar iasacht do mháthair Áine, leabhair ó leabharlann an ranga atá dírithe ar dhathanna. Cinneann siad go bhféadfaí go bhfuil sainchuidiú de dhíth ar Áine le teanga agus comhaontaíonn siad ar mhonatóireacht a dhéanamh ar a dul chun cinn sna chéad chúpla mí eile.

Seiceálann Siobhán comhaid na bpáistí go minic nuair a bhíonn sí ag pleanáil don seomra ranga. Sula mbíonn cruinnithe tuismitheoirí/múinteora na scoile ann amharcann Siobhán ar na comhaid a rinne sí ar gach páiste le seachtainí anuas. Tá na comhaid an-chuidiúil aici nuair a bhíonn sí ag scríobh cártaí tuairisce ar na páistí ag deireadh na bliana.

# Gníomhaíocht shamplach 2.15
# Scáthstaidéar

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)** |
| Ábhar | **Stair** |
| Snáithe | **Staidéir áitiúla** |
| Snáithaonad | **Mo dhúiche trí na haoiseanna** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste staidéar a dhéanamh ar ré nó réanna i stair an bhaile áitiúil, i stair na cathrach áitiúla, i stair an bhaile fearainn áitiúil, i stair an pharóiste áitiúil nó i stair an chontae.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a trí agus a ceathair** |

Tá ceithre pháiste agus fiche i ranganna a trí agus a ceathair ag an Uas. O'Grady. I mí Mheán Fómhair, roinneann an tUas. O'Grady a rang i bhfoirne le turas staire a dhéanamh sa mhúsaem áitiúil. Tá cumais na bpáistí i ngach foireann measchta agus tá ar a laghad páiste amháin ó rang a trí agus páiste amháin ó rang a ceathair i ngach foireann. Caithfidh na foirne leideanna a leanúint, freagraí a oibriú amach, agus teacht ar thaispeántais áirithe d'fhonn na bileoga oibre a d'ullmhaigh an tUas. O'Grady a chomhlánú. Sna chéad cúpla seachtain eile déanfaidh na foirne samhlacha de chuid de thaispeántais an mhúsaeim agus déanfaidh siad tuairisc ar dhearadh agus ar dhéanamh na samhla. Tugann an tUas. O'Grady cuireadh do thuismitheoir páiste amháin óna rang le dul leo go dtí an músaem. Téann dalta idirbhliana ó iar-bhunscoil áitiúil, atá ar thaithí oibre, in éineacht leis an rang fosta.

Tá sé ar intinn ag an Uas. O'Grady dírbhreathnú a dhéanamh ar fhoireann amháin agus iad i mbun oibre. De bhrí go bhfuil sé luath sa scoilbhliain tá sé ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar idirghníomhaíocht shóisialta bhaill na foirne lena fheiceáil an bhfuil siad ábalta oibriú go maith le chéile. Tá sé ar intinn aige dírbhreathnú a dhéanamh ar a roghanna foghlama aonair chomh maith. Tugann an tUas. O'Grady faoi deara go bhfuil tréithe ceannaire ag Gráinne le linn luathchéimeanna an tionscadail. Leithdháileann sí jabanna agus eagraíonn sí taifeadadh na dtorthaí. Tá an chuma ar pháiste eile, James, nach bhfuil suim aige i nglacadh nótaí nó i léamh leideanna. Tá Erin, a oibríonn leis an múinteoir tacaíochta foghlama gach lá, sásta na páistí eile san fhoireann a leanúint ó thaispeántas go taispeántas, ach ní thugann sí moltaí dá cuid féin. Cuireann Antonio ceist an bhfuil cead aige ceamara digiteach na scoile a úsáid, a thug an tUas. O'Grady leis go dtí an músaem d'fhonn seans a thabhairt do na páistí é a úsáid. Glacann Antonio gearrscannán físe den fhoireann i mbun oibre. Glacann sé grianghraf den taispeántas a bhfuil an fhoireann ag iarraidh samhla a dhéanamh de.

Is cosúil nach bhfuil suim ar bith ag James sa mhúsaem. Ar ais sa seomra ranga, áfach, molann sé roinnt bealaí leis an tsamhail a dhéanamh ag an gcéim deartha agus déanta. I ndiaidh roinnt plé tá baill eile na foirne sásta lena tuairimí. Glacann Antonio tuilleadh grianghraf den fhoireann i mbun oibre ar a samhail. Le roinnt cuidithe ón dalta idirbhliana uaslódálann Gráinne agus Antonio na grianghraif agus an gearrscannán físe ar ríomhaire an tseomra ranga, agus scanann siad a mbileoga oibre comhlánaithe. Nuair a bhíonn an tionscadal curtha i gcrích ag na páistí tugtar cuireadh do na tuismitheoirí teacht chuig an scoil leis an obair a fheiceáil. Tuairiscíonn Erin go bródúil don rang agus do na tuismitheoirí atá i láthair an dóigh ar oibrigh an fhoireann sa mhúsaem agus an dóigh ar thóg siad an tsamhail. Léiríonn James gnéithe speisialta na samhla. Déanann Antonio agus Gráinne taispeántas ríomhaire de na grianghraif agus na bileoga oibre scanta agus taispeánann siad an gearrscannán físe.

## Gníomhaíocht shamplach 2.15 (leanaithe)

Scríobhann an tUas. O'Grady gearrnótaí agus na páistí ag obair sa mhúsaem. Scríobhann sé tuilleadh nótaí agus iad ag obair sa scoil ina dhiaidh sin. Nótálann sé a roghanna agus a mbuanna éagsúla foghlama. Taifeadann sé an méid a chuir gach páiste le hobair an ghrúpa mar go léiríonn sé a c(h)umais agus a s(h)uimeanna

**Taifead samplach múinteora**

| | |
|---|---|
| Gráinne | is mian léi ceannas a ghlacadh—eagraithe—scileanna maithe ríomhaireachta |
| Antonio | scileanna maithe ríomhaireachta—grianghrafadóir an-mhaith—is maith leis oibriú leis féin |
| Erin | cur i láthair labhartha an-mhaith ar smaointe |
| James | is cosúil nach bhfuil mórán suime aige i léitheoireacht agus scríbhneoireacht—smaointe maithe aige faoi thógáil—ábalta ceannas a ghlacadh fosta |

Comhdaíonn an tUas. O'Grady na nótaí atá déanta aige. Spreagann sé gach páiste sa ghrúpa le hoibriú de réir a láidreachtaí sa chuid eile den téarma. Pléann sé cur i láthair labhartha Erin lena chomhghleacaí i dtacaíocht foghlama. Comhaontaíonn siad ar chuidiú a thabhairt d'Erin lena scileanna cuir i láthair a fhorbairt agus níos lú béime a chur ar a hobair scríofa ag an bpointe seo. Comhaontaíonn sé féin agus James ar bhealaí eile le nótaí a ghlacadh. Tá James sásta léarscáileanna coincheapa a dhéanamh agus ní bheidh air an oiread scríbhneoireachta a dhéanamh sa ghearrthéarma. Níos déanaí sa bhliain cuidíonn Gráinne le foilsiú nuachtlitreach na scoile. Úsáidtear scileanna grianghrafadóireachta Antonio go mór le linn imeachtaí speisialta na scoile cosúil leis an Lá Spóirt agus turais scoile.

Tá sé ar intinn ag an Uas. O'Grady dírbhreathnú a dhéanamh ar ghrúpaí eile agus iad ag déanamh tascanna le linn an téarma. Údáideann sé na nótaí a dhéanann sé mar bhonn eolais dá phleanáil ranga agus le haghaidh tuiriscithe do thuismitheoirí.

# Gníomhaíocht shamplach 2.16
# Sampláil imeachtaí

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim/Ábhar | **Corpoideachas** |
| Snáithe | **Cluichí** |
| Snáithaonad | **Ag cur, ag glacadh agus ag bogadh** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste raon scileanna láimhseála liathróide a fhorbairt agus a chleachtadh.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a trí agus a ceathair** |

Tá rang Liam, ranganna a trí agus a ceathair, ag obair ar scileanna reatha leis an liathróid agus ar scileanna pasála sa chispheil le roinnt seachtainí anuas. Sula dtéann siad ar aghaidh go dtí scileanna eile tá Liam ag iarraidh dul chun cinn gach páiste a sheiceáil.

Dearann sé seicliosta simplí ar ríomhaire an tseomra ranga. Áiríonn sé ar an seicliosta ainmneacha na bpáistí, an dáta, agus na scileanna a bhfuil sé ag iarraidh monatóireacht a dhéanamh orthu. Priontálann sé an seicliosta agus sna chéad dá cheacht corpoideachais eile, cuireann sé tic leis an mbosca cuí de réir mar a dhéanann sé dírbhreathnú ar an bpáiste ag taispeáint gach scile. Nuair is gá scríobhann sé nótaí an-ghairide le cuidiú leis lena phleanáil le haghaidh na chéad chéime eile de cheachtanna cispheile. (Féach na samplaí thíos.)

**Seicliosta samplach múinteora do rang a 3**

| **Rang a 3 Dáta: 25.09.07** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainm** | **rith leis an liathróid** | **pas lasnairde** | **preabphas** | **pas ón ucht** |
| Micheál | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Bryn | cailleann sé an liathróid mura mbíonn sé á faire i gcónaí | ✓ | ✓ | ✓ |
| Jane | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Brian | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mary | comhoibriú láimhe-súl lag | ✓ | níl smacht aici ar an liathróid | ✓ |

**Seicliosta samplach múinteora do rang a 4**

| **Rang a 4 Dáta: 25.09.07** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainm** | **rith leis an liathróid** | **pas lasnairde** | **preabphas** | **pas ón ucht** |
| Síle | cailleann sí an liathróid mura mbíonn sí á faire i gcónaí | ✓ | níl smacht aici ar an liathróid | ✓ |
| Oisín | comhoibriú láimhe-súl lag | ✓ | níl smacht aige ar an liathróid | ✓ |
| Claudia | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Khumar | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Olivia | comhoibriú láimhe-súl lag | ✓ | níl smacht aici ar an liathróid | ✓ |

Stórálann sé an seiclíosta le húsáid nuair a bhíonn sé ag labhairt le páistí aonair faoi leibhéal a scileanna, agus le haghaidh na comhdhála tuismitheoirí/múinteora níos déanaí sa bhliain. Úsáideann sé an seicliosta nuair a bhíonn sé ag scríobh tuairiscí ar na páistí fosta.

# Tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir

## Cad iad tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir?

D'fhéadfaí go mbeadh tascanna agus trialacha i bhfoirm measúnuithe scríofa nó béil nó i bhfoirm ceachtanna a fhorbraíonn an múinteoir d'fhonn obair na bpáistí a mheasúnú. Is féidir iad a úsáid le linn na scoilbhliana ar fad mar bhonn do mheasúnú leanúnach (McF). Is féidir tascanna agus trialacha a úsáid ag deireadh bliana acadúla nó ag deireadh tréimhse foghlama faoi thopaic áirithe chun críche MdF. Is féidir le tascanna agus trialacha freastal ar MdF agus ar McF ag an am céanna, áfach, toisc go bhféadfaí go dtuairisceodh múinteoirí torthaí na dtascanna agus na dtrialacha ar dtús agus ansin na torthaí a úsáid le cinneadh a dhéanamh faoin rud ar chóir dóibh a theagasc agus faoin dóigh ar chóir dóibh déileáil le gach topaic.

## An bhfuil tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir luachmhar mar mhodh measúnaithe?

Soláthraíonn tascanna nó trialacha deiseanna do pháistí leibhéal a dtuisceana (nó a míthuisceana) agus a scileanna a thaispeáint, agus tugann siad eolas luachmhar a d'fhéadfaí a úsáid le hobair a phleanáil atá dírithe ar riachtanais na bpáistí.

## Treoirlínte ginearálta don mhúinteoir maidir le triail pháipéir agus phinn luaidhe a dhearadh

- Sainaithin cuspóir na trialach ag an tús agus an triail a shocrú leis an gcuspóir seo a bhaint amach.
- Cuir ceisteanna san áireamh a bhaineann le suimeanna na bpáistí féin, rud a dhéanann an triail ábhartha agus spreagúil do na páistí.
- Tosaigh le roinnt ceisteanna furasta a mbeidh na páistí uile ábalta freagra a thabhairt orthu d'fhonn cuidiú leo gan a bheith neirbhíseach ach a bheith muiníneach gur féidir go n-éireoidh leo.
- Cuimsigh dhá chineál faidhbe ar a laghad i dtrialacha. Mura mbíonn ach cineál amháin faidhbe ar an leathanach feiceann páistí an patrún seo roimh i bhfad, agus ní léann siad na fadhbanna nó ní dhéanann siad machnamh orthu. Is féidir fadhbanna nua a mheascadh le cinn a mbíonn na páistí ábalta réiteach a fháil orthu d'fhonn deiseanna a chur ar fáil do pháistí méideanna éagsúla comhtháthaithe eolais agus leibhéil éagsúla chumais a léiriú.
- Scríobh ceisteanna ag úsáid struchtúir shimplí d'ábhár-briathar-cupsóir, a méid is féidir, fiú má úsáidtear níos mó focail dá thoradh. Mar shampla, seachas é seo a scríobh:

  Sampla A

  *Cuirtear péint ghorm i bpróca suibhe ina bhfuil uisce le dath buí air.*
  *Athraítear dath an uisce.*
  *Cad é an dath nua a bhíonn air?*

  Is féidir an cheist a chur mar seo:

  Sampla B

  *Tá próca suibhe ag Laura ina bhfuil uisce le dath buí air.*
  *Cuireann sí péint ghorm sa phróca suibhe.*
  *Athraíonn dath an uisce sa phróca suibhe.*
  *Cén dath atá air anois?*

  Nuair a úsáidtear ainm an pháiste i sampla B, is féidir struchtúir abairte níos simplí agus níos dírithe a úsáid.
- Seachain úsáid an dhiúltaigh dhúbailte i gceisteanna.
- Smaoinigh ar leagan amach iomlán na trialach agus ar an dóigh a gcuirfear an t-eolas i láthair. Mar shampla, ba chóir go mbeadh ceist amháin ar leathanach amháin le cuidiú leis na páistí na ceisteanna a thuiscint níos fusa.
- **Cuir príomheolas i gcló dubh.** D'fhéadfadh ceisteanna a bheith níos inrochtana má úsáidtear pictiúir agus léaráidí lipéadaithe.
- Éagsúlaigh na ceisteanna ionas go measúnaíonn siad scileanna réasúnaíochta na bpáistí maidir lena bhfreagaí agus na modhanna a úsáideann siad. (Féach Aguisín A, lgh. 89-90 le tuilleadh eolais a fháil faoi cheisteanna trialach a fhorbairt.)

## Cén dóigh a n-úsáidtear tascanna atá deartha ag an múinteoir?

Oibríonn páistí i ngrúpaí beaga i gcuid mhór de na tascanna atá deartha ag an múinteoir. Chun críche measúnaithe, moltar ardleibhéal idirghníomhaíochta idir an múinteoir agus an grúpa páistí. Má tá seo le tarlú, d'fhéadfadh an múinteoir a chinneadh go bhfuil sé riachtanach nach n-oibreodh ach grúpa amháin ar an tasc agus go mbeadh na páistí eile ag déanamh oibre eile nach bhfuil gá le mórán ionchuir nó maoirseachta ón múinteoir. (Féach Aguisín A, lch. 88 le haghaidh treorach maidir le húsáid bileoige samplaí pleanála tascanna, agus Aguisín B, lch. 94 le haghaidh bileoige pleanála ar féidir fótachóip a dhéanamh di.)

## Aiseolas ar thascanna agus ar thrialacha

Ní mórán cuidithe é gráid nó duaiseanna seachtracha cosúil le greamáin a úsáid le haghaidh aiseolais ar thascanna agus ar thrialacha do pháistí in McF. Is é an príomhchuspóir atá le haiseolas a thabhairt ná eolas a thabhairt do pháistí faoi na rudaí ar éirigh leo a dhéanamh maidir le cuspóirí foghlama agus faoi na rudaí a d'fhéadfadh siad a fheabhsú. Bíonn am de dhíth ar pháistí le haiseolas a léamh nó le labhairt faoi agus le feabhsúcháin a dhéanamh fosta atá bunaithe ar an aiseolas.

# Gníomhaíocht shamplach 2.17
# Ag úsáid trialach

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)** |
| Ábhar | **Eolaíocht** |
| Snáithe | **Nithe beo** |
| Snáithaonad | **Plandaí agus ainmhithe** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an bpáiste nithe beo a ghrúpáil agus a shórtáil i sraitheanna de réir tréithe áirithe.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a haon agus a dó** |

Bíonn Iníon Sawyers ag teagasc meascáin de rang a haon agus a dó a bhfuil cúig pháiste is fiche ann. Ag forbairt ar thaithí sórtála agus meaitseála na bpáistí cuireann sí tús leis an ngníomhaíocht agus suíonn na páistí go léir ar an urlár. Amharcann siad ar phictiúir éagsúla d’ainmhithe atá greamaithe ar bhord taispeána. Iarrann sí ar na páistí an ceann corr a phiocadh agus cúis a thabairt lena rogha. Roghnaítear na pictiúir d’ainmhithe d’fhonn díriú ar stór focal faoi leith (mar shampla, mamaigh, ainmhithe a rugann uibheacha, tréithe idirdhealaitheacha feithidí, agus araile). Tugann sí faoi deara go bhfuil sé níos fusa ag na páistí na difríochtaí a bhíonn bunaithe ar ghnéithe amhairc a shainaithint, agus mar sin de spreagann sí iad leis na cosúlachtaí comhfhreagracha a chur in iúl agus a mhíniú.

Socraíonn sí triail bheag neamhfhoirmiúil ina bhfuil gníomhaíochtaí difreáilte le measúnú a dhéanamh ar smaointeoireacht na bpáistí faoi na tréithe a bhaineann le rangú eolaíochta. Cuireann an triail seo deiseanna ar fáil do na páistí le stór focal faoi leith a úsáid ar bhealach a léiríonn a dtuiscint ar théarmaí atá tábhachtach don rangú.

Úsáideann sí cluiche ar a dtugtar ‘Istigh sa Chiorcal’ i gcás na bpáistí níos óige agus i gcás na bpáistí nach bhfuil chomh ábalta. Oibríonn na páistí i bpéirí le lúb sórtála agus roinnt cártaí le pictiúir ainmhithe orthu. Iarrann sí orthu ainmhithe feirme a aimsiú agus iad a chur isteach sa lúb. Cuireann sí ceisteanna faoi na hainmhithe sa lúb agus na cinn nach bhfuil sa lúb. Iarrann Iníon Sawyers ar na páistí na hainmhithe uile a bhaint amach agus ainmhithe eile a chur sa lúb (mar shampla, ainmhithe a bhíonn ina gcodladh i rith an gheimhridh).

Tugann sí greille (bord an chinn choirr) ar a bhfuil ainmneacha ainmhithe do na páistí níos sine agus dóibh siúd atá níos ábalta (féach thíos).

**Greille shamplach d’ainmneacha ainmhithe**


| | | |
|---|---|---|
| iora | béar bán | bó |
| gráinneog | piongain | ialtóg |
| fáinleog | féileacán | cearc |

Iarrann sí ar na páistí líne nó colún a roghnú agus teimpléad an chinn choirr a chomhlánú ag taifeadadh cosúlachtaí agus difríochtaí idir na hainmhithe agus ansin an ceann corr a phiocadh agus cúis a thabhairt dá rogha.

## Gníomhaíocht shamplach 2.17 (leanaithe)

Seo a leanas sampla de theimpléad comhlánaithe.

**Teimpléad comhlánaithe samplach**




Críochnaíonn John agus Fiona an tasc seo go gasta, agus tugann Iníon Sawyers tasc níos dúshlánaí dóibh. Iarrann sí orthu a mbord cinn coirr féin a dhéanamh agus rud atá ar chomhchosúil faoi dhá cheann de na hainmhithe a aimsiú agus rud éigin difriúil faoin tríú ainmhí a aimsiú.

Iarrtar ar ghrúpa de shé pháiste ó rang a dó ainmhí amháin an duine a roghnú ón ngreille agus tuairisc a dhéanamh bunaithe ar an teimpléad a thugann Iníon Sawyers dóibh. (Féach an tuairisc shamplach ar lch. 57.) Fiosraíonn siad eolas ar bith nach bhfuil ar eolas acu ar an ríomhaire. Cuireann Teresa an focal iora ar 'ghoogle' agus aimsíonn sí roinnt láithreán gréasáin faoin ainmhí. Tugann Iníon Sawyers faoi deara go bhfuil sí ábalta an t-eolas ar na láithreáin ghréasáin a léamh agus a thuiscint leis an gceact a chríochnú.

Nuair a bhíonn na trialacha agus na tascanna thart bailíonn Iníon Sawyers na greillí agus na tuairiscí uile. Ina taifid mhúinteora scríobhann sí gearrnótaí faoin rud atá déanta ag gach páiste agus faoi na deacrachtaí a bhí aige/aice. Mar shampla, feiceann sí nar fheidhmigh Clodagh chomh maith agus a bhí Iníon Sawyer ag súil leis. Cé gur luaigh Clodagh gnéithe cosúil le dath níor luaigh sí ceann ar bith de na gnéithe eolaíochta a raibh an rang ag obair orthu. Déanann Iníon Sawyers nóta maidir le hathbhéim a chur ar chuid de na príomhghnéithe rangaithe ainmhithe do Clodagh.

## Gníomhaíocht shamplach 2.17 (leanaithe)

**Tuairisc shamplach**

**Tuarascáil ar nithe beo**

| | |
|---|---|
| **Ainm:** Teresa | **Dáta:** 21/06/07 |
| **Teideal:** An t-iora | |
| **Sainmhíniú:** Is ainmhí beag é an t-iora. Is cineál mamaigh é. | |
| **Cuma:** Cén cuma atá air? | **Tá sé** beag le fionnadh liath nó rua agus le heireaball dosach. |
| **Gnáthóg:** Cá cónaionn sé? | **Cónaionn sé** i neadacha i gcrainn. |
| **Timthriall saoil:** Conas a rugtar é? Conas a athraionn sé? | **Thosaigh sé an saol mar** naíonán a bhí ar fhad orlaigh amháin, gan fionnadh, gan fiacla. Fasann fionnadh agus fiacla air agus éiríonn sé níos mó. |
| **Bia:** Cad a itheann sé? | Itheann sé cnónna, síolta agus torthaí. |
| **Tá a fhios agam go** ngeimhríonn siad. | |

Tugann Iníon Sawyers na greillí agus na tuairiscí ar ais do na páistí, agus sna chéad chúpla lá eile glacann sí cúpla nóiméad chun labhairt le gach páiste faoina c(h)uid oibre. Téann sí ar ais ar a lán de na pointí a tháinig chun cinn le linn na gcomhdálacha múinteora/páiste sin d'fhonn obair leantach ar shaolré ainmhithe a phleanáil. Ar cheann de na dírbhreathnuithe a rinne sí thug sí faoi deara go bhfuil sé níos fusa ag na páistí cur síos a dhéanamh ar shaolré ainmhithe a mbíonn céimeanna suntasacha acu, mar shampla frog nó féileacán, ach tá níos mó deacrachta acu le mamaigh. Déanann Iníon Sawyers machnamh ar thorthaí na trialach agus athchóiríonn sí an chéad topaic eile, próisis na beatha, d'fhonn tascanna éagsúla a ionchroprú ionas go gcuirtear níos mó béime ar shaolré mamach.

# Gníomhaíocht shamplach 2.18
# Ag baint úsáide as taisc

| | |
|---|---|
| Réimse curaclaim | **Teanga** |
| Ábhar | **Gaeilge** |
| Snáithe | **Labhairt** |
| Snáithaonad | **Ag úsáid teanga** |
| Cuspóir curaclaim | **Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste usáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.** |
| Leibhéal ranga | **Ranganna a haon agus a dó** |

Tá an múinteoir ag iarraidh cumas labhartha na gcailíní i rang a haon a mheas trí dhráma beag a chumadh. Iarrann sí ar bheirt chailíní scéal beag a chumadh. Déanann siad é seo go rúnmhar le cabhair ón múinteoir agus ansin cuireann siad an dráma ar siúl go tostach ag usáid míme chun an scéal a insint. Caithfidh na cailíní eile sa rang an scéal a insint in abairtí simplí. Is é ábhar an scéil ná go dtéann Caitríona go dtí an siopa chun seacláid a cheannach mar bhronntanas mar inniu breithlá Mhamaí.

Glaonn na cailíní abairtí amach:
*Bhí airgead ag Caitríona. Chuaigh sí go dtí an siopa. Cheannaigh sí barra seacláide. Chuir sí an tseacláid i mála. Chuaigh sí abhaile. Fuair sí paipéar agus rinne sí cárta. Ansin scríobh sí air.* (Taispeánann sí a bhfuil scríofa aici don rang). *Tháinig Mamaí isteach. Thug Caitríona an cárta do Mhamaí. Thug sí an seacláid di freisin. Dúirt sí, 'Breithlá Shona', a Mhamaí. Bhí áthas ar Mhamaí. Bhris sí an tseacláid agus thug sí píosa do Chaitríona.*

Cloiseann an múinteoir cuid mhaith botún á ndéanamh, go háirithe ós rud é nach bhfuil an leagan ceart de na briathra á usáid. Ach níl sí buartha faoi seo. Ta sí sásta faoi láthair go bhfuil na cailíní ag caint, agus ag baint taitnimh as an dráma. Tugann an múinteoir faoi deara na cailíní a labhraíonn go minic agus iad siúd a bhíonn ciúin. Meallann sí iadsan chun iarracht a dhéanamh. Tugann sí seans dóibh an mhím a dhéanamh nuair a bhíonn sé ar siúl arís.

# Trialacha caighdeánaithe

## Cad is trialacha caighdeánaithe ann?

Úsáidtear triail chaighdeánaithe le scileanna léitheoireachta agus matamaitice páiste a thomhas, agus le dul chun cinn páistí sna réimsí sin a mheas. Tá an t-eolas a fhaightear as na trialacha tábhachtach mar go mbíonn ról ríthábhachtach ag litearthacht agus ag uimhearthacht i ndáil le rochtain iomlán páiste ar an gcuraclam.

Uirlis mheasúnaithe atá sa triail chaighdeánaithe ina bhfuil nósanna imeachta caighdeánaithe ann le haghaidh a riartha agus a scórála agus le haghaidh léirmhínithe a torthaí. Is é sin le rá déantar an triail a riaradh, a scóráil agus a léirmhíniú ar an mbealach céanna, is cuma cá huair nó cá háit a n-úsáidtear í. Tá roinnt trialacha caighdeánaithe atá ar fáil do scoileanna in Éirinn normaithe ar dhaonra bunscoileanna na hÉireann. Beidh múinteoirí ar an eolas orthu seo. Ciallaíonn normaithe go mbíonn an múinteoir ábalta feidhmíocht páiste sa triail a chur i gcomparáid le feidhmíocht páistí den leibhéal ranga sin nó den aois sin i mbunscoileanna na hÉireann. Baineann míreanna na trialach le hábhar de *Churaclam na Bunsoile* chomh maith. Nuair a úsáidtear í in éineacht le modhanna eile measúnaithe cuireann torthaí na trialach caighdeánaithe le cruinneas monatóireachta an mhúinteora, agus cuidíonn siad le riachtanais pháistí aonair a shainaithint.

## Cén dóigh a mbailítear agus a thaifeadtar eolas measúnaithe má úsáidtear trialacha caighdeánaithe?

Éilítear ar bhunscoileanna uile na hÉireann trialacha caighdeánaithe a thabhairt dá ndaltaí sa Bhéarla agus sa mhatamaitic faoi dhó le linn a mblianta ar an mbunscoil—ag deireadh rang a haon nó ag tús rang a dó agus ag deireadh rang a ceathair nó ag tús rang a cúig. De ghnáth riarann múinteoir an ranga na trialacha faoi choinníollacha atá sonraithe i lámhleabhar na trialach, lena chinntiú go mbíonn torthaí na dtrialacha baileach. Tá sé tábhachtach go n-ullmhaítear go maith roimh riar na dtrialacha. I lámhleabhar na trialach soláthraítear miontreoracha maidir leis seo, ach tá sé iontach tábhachtach go gcinntítear go bhfuil riocht an tseomra ranga oiriúnach agus go bhfuil na trialacha á riaradh ag am oiriúnach, agus go n-ullmhaítear na hábhair riachtanacha go léir roimhré.

Marcálann agus scórálann an múinteoir na trialacha de réir na gcritéar atá leagtha amach i lámhleabhar na trialach. Tá teimpléad sa lámhleabhar fosta do thaifeadadh eolais ar na trialacha caighdeánaithe. Taifeadtar torthaí trialach páiste aonair ina C(h)omhad Daltaí. (Féach Rannán 4, lch. 79 le haghaidh tuilleadh eolais a fháil ar an gComhad Daltaí.) Déantar plé níos déanaí i Rannán 4 maidir leis na torthaí seo a thaifeadadh ar Chárta Tuairisce an pháiste.

## Cad é an léirmhíniú atá ar thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe?

Ba chóir go mbeadh an múinteoir eolach ar phríomhchoincheapa mar lomscóir, scóir chaighdeánacha, gráid pheircintíle, agus scóir STen nuair a bhíonn siad ag léirmhíniú agus ag taifeadadh torthaí trialacha. Mínítear na coincheapa sin sa lámhleabhar trialach agus tá achoimre orthu i dTábla 1.

Tá sé tábhachtach go n-úsáidtear raon eolas measúnaithe nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil páiste. Ba chóir go ndéanfadh an múinteoir dírbhreathnú rialta ar fheidhmíocht agus ar rannpháirtíocht an pháiste sa seomra ranga agus go dtaifeadadh sé/sí fianaise eile ar fhoghlaim an pháiste chun scór na trialach caighdeánaithe a chomhlánú. Feictear do mhúinteoirí go minic (ach ní i gcónaí) go ndearbhaíonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a mbreithiúnais agus a mbreathnuithe. Tá sé tábhachtach fosta go dtéann múinteoirí i gcomhairle leis na múinteoirí tacaíochta foghlama ábhartha agus/nó le múinteoirí acmhainne ábhartha le léargas níos iomláine a fháil ar dhul chun cinn, ar láidreachtaí agus ar laigí an pháiste. Tá sé tábhachtach nuair a bhíonn tuairiscí á n-ullmhú go háirithe.

**Tábla 1: Achoimre ar choincheapa a bhaineann le scóir trialacha caighdeánaithe**

| Ainm an scóir | An chiall atá leis an scór |
|---|---|
| Lomscór | Cuntas simplí de líon na míreanna a raibh freagraí cearta ag an bpáiste orthu. Is beag is fiú é i ndáil le tuairisciú feidhmíochta an pháiste. |
| Scór caighdeánach | Claochlú de lomscóir. De ghnáth, bíonn siad idir 55 agus 145, agus bíonn meánscór de 100. |
| Grád peircintíle | Léiríonn an grád peircintíle céadatán an ranga nó an aoisghrúpa ábhartha a bhfuil scór acu atá cothrom le scór an pháiste nó atá níos ísle ná an scór seo. Ní chiallaíonn sé céadatán na míreanna sa triail a raibh freagraí cearta ag an bpáiste orthu. |
| Scór STen | Scála deich bpointe. Is ionann 1 agus an chatagóir is ísle agus is ionann 10 agus an chatagóir is airde. Faightear an scór STen ó na scóir chaighdeánaithe. (Féach Tábla 3, lch. 63, le haghaidh tuairisceoirí a mhíníonn scóir STen.) |

Moltar do mhúinteoirí gan a bheith ag brath ar scór trialach amháin. Moltar a bheith cúramach toisc go gcaithfear na fachtóirí a leanas a chur san áireamh:

- Is féidir le triail chaighdeánaithe feidhmíocht an pháiste sa triail sin ar an lá sin a thomhas, ach ní hionann seo agus tomhas cinnte de chumas an pháiste.
- Bíonn lamháil earráide i gceist le trialacha caighdeánaithe, rud a chiallaíonn gurbh fhéidir go mbeadh fíorthoradh na trialach os cionn nó faoi scór trialach an pháiste.
- Éiríonn feidhmíocht an pháiste i dtrialacha níos seasta le himeacht ama.
- Is féidir go mbeadh tionchar ag fachtóirí seachtracha ar fheidhmíocht an pháiste sa triail, mar shampla, b'fhéidir go raibh an páiste tinn, nó b'fhéidir go raibh sé measartha neirbhíseach.
- Cuirfear torthaí as a riocht má dhéantar páiste a oiliúint don triail.
- In ainneoin fhorairdeall an mhúinteora, d'fhéadfaí go dtarlódh cóipeáil.
- Is fachtóir suntasach ar fheidhmíocht an pháiste sa triail é leibhéal forbartha teanga an pháiste. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh deacracht ag páiste a bhfuil scileanna laga léitheoireachta aige/aici le téacs cheisteanna matamaitice a léamh. D'fhéadfaí go mbeadh an triail mí-oiriúnach i gcás páistí nach é an Béarla a gcéad teanga. I lámhleabar na trialach cuirtear sonraí ar fáil ar na cásanna nuair nach bhfuil na trialacha oiriúnach. (Is féidir le múinteoirí féachaint ar Imlitir ROE 0138/2006 de Nollaig 2006, *Ag Tacú le Measúnú i mBunscoileanna*.)

## Cén dóigh ar féidir torthaí trialacha caighdeánaithe a úsáid?

Úsáidtear torthaí trialacha caighdeánaithe i mbunscoileanna in Éirinn go ginearálta chun na críocha seo a leanas:

- chun páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu a shainaithint ionas gur féidir tacaí cuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear soláthar tacaíochta foghlama, más gá. Cé go mbeidh feidhm scagtha tosaigh ag na torthaí trialach, beidh gá le tuilleadh trialacha diagnóiseacha d'fhonn sainriachtanais fhoghlama an pháiste a shainaithint. (Is féidir le múinteoir féachaint ar *Threoirlínte do Thacaíocht Foghlama* (ROE, 2000).)
- chun páistí a bhfuil scóir thar a bheith ard acu a shainaithint ionas gur féidir eispéiris fhoghlama chuí a chur ar fáil dóibh. (B'fhéidir go mbeadh *Treoirlínte do mhúinteoirí daltaí le sár-chumas* (CNCM, 2007) úsáideach do mhúinteoirí le tacú leis na páistí seo.)[3]
- chun gnóthachtáil agus dul chun cinn na bpáistí a thuairisciú dá dtuismitheoirí.

Breathnaítear ar thrialacha caighdeánaithe go ginearálta mar MdF, a léiríonn feidhmíocht an pháiste ag deireadh tréimhse foghlama. Déanann roinnt iar-bhunscoileanna trialacha caighdeánaithe a riaradh nuair a bhíonn páistí ag aistriú ón mbunscoil. Sa chás seo, d'fhéadfaí torthaí na trialach a úsáid le páistí a leithdháileadh ar ghrúpálacha ranga nó le páistí a bhfuil tacaí de dhíth orthu a shainaithint. Tá sé ríthábhachtach ar fad go mbíonn múinteoirí cúramach nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh ar bhonn scór trialach caighdeánaithe amháin.

Is féidir trialacha caighdeánaithe a úsáid le haghaidh McF chomh maith, mar cuirtear eolas ar fáil don mhúinteoir, eolas atá úsáideach le tuilleadh foghlama i litearthacht agus uimhearthacht a phleanáil. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoirí amharc ar shraith torthaí ranga lena fheiceáil an bhfuil patrúin nó gnéithe suntasacha ar bith atá follasach, go háirithe i ndáileadh na scór. Is féidir leis na patrúin seo eolas a chur ar fáil don mhúinteoir lena m(h)odhanna teagaisc, lena straitéisí difreáilte, le hábhar na n-eispéireas foghlama, agus araile a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais fhoghlama na bpáistí ar bhealach níos éifeachtúla. Tá torthaí ón scoil ar fad úsáideach fosta toisc gurbh fhéidir go léireodh siad an gá atá ann le díriú ar scileanna faoi leith nó réimsí foghlama thar gach leibhéal ranga.

Taispeánann gníomhaíocht shamplach 2.19 ar an gcéad leathanach eile an dóigh a léirmhínítear torthaí trialach caighdeánaithe faoi leith i léitheoireacht Bhéarla.

3 Tá sé beartaithe ag an gCNCM na treoirlínte seo a fhoilsiú san fhómhar 2007.



# Gníomhaíocht shamplach 2.19 Torthaí trialach caighdeánaithe i léitheoireacht Bhéarla a léirmhíniú

**Réimse curaclaim** **Teanga**
**Ábhar** **Béarla**
**Leibhéal ranga** **Ranganna a trí agus a ceathair**

D'fhéadfaí go mbeadh difear mór idir scór an pháiste i Stór Focal Léitheoireachta agus scór an pháiste i dTuiscint na Léitheoireachta, mar shampla, i gcás torthaí trialach Stephen O'Brien a thaispeántar thíos (ó rang a trí).

| Stór Focal Léitheoireachta | | | Tuiscint na Léitheoireachta | | | Iomlán | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| LS | SC | GP | LS | SC | GP | LS | SC | GP |
| 25 | 109 | 73 | 14 | 93 | 32 | 39 | 102 | 55 |

LS = Lomscór SC = Scór caighdeánach GP = Grád peircintíle

Tugann an múinteor an difear idir scóir Stephen faoi deara, agus seiceálann sí an lámhleabhar trialach ábhartha le cuidiú léi na scóir a léirmhíniú.

Cé gur thuig an múinteoir go bhféadfadh a leithéid de dhifear a tharlú trí sheans, ní raibh sí cinnte ar léirigh an difear seo go raibh deacracht léitheoireachta aige. Mar sin féin, bhí Scór Iomlán Chaighdeánacha Léitheoireachta de 102 ag Stephen, rud a léirigh gur gnáthléitheoir a bhí ann. Sa chás seo, tá sé úsáideach amharc ar an difear idir na Scóir Caighdeánacha. Má tá níos mó ná 15 phointe de dhifear eatarthu—faoi mar atá i gcás Stephen i Stór Focal Léitheoireachta agus i dTuiscint na Léitheoireachta—d'fhéadfaí gur fíordhifear i ngnóthachtáil an pháiste atá i gceist. Bheadh tuilleadh trialacha inmholta lena fháil amach an bhfuil tacaíocht de dhíth ar Stephen. Ba chóir a thabhairt faoi deara fosta gur féidir gur tháscaire maith é scór Iomlán na Léitheoireachta ar riachtanais fhoghlama an pháiste, de bhrí go gcuireann sé na scóir don Stór Focal agus Tuiscint le chéile.

## Cén dóigh ar chóir torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a thuairisciú do thuismitheoirí?

Is éard atá i gceist le tuairisciú do thuismitheoirí ná eolas measúnaithe a thabhairt dóibh chun tairbhe an pháiste. Tá sé tábhachtach go úsáideann múinteoirí teanga shimplí ar bhealach a dhéanann torthaí trialacha caighdeánaithe inrochtana do thuismitheoirí. Is féidir leis a bheith úsáideach le feidhmíocht an pháiste sa triail chaighdeánach a chur in iúl mar fheidhmíocht *atá comhsheasmhach le* nó *nach bhfuil comhsheasmhach le* dul chun cinn an pháiste mar a mheasúnaigh an múinteoir ar bhealaí eile, lena n-áirítear tascanna agus trialacha, chomh maith le dírbhreathnú. (Féach Rannán 2, lgh. 14-58 le haghaidh eolais ar mhodhanna eile measúnaithe.)

D'fhéadfaí go mbeadh claonadh le grádú peircintíle a úsáid toisc a shimplíochta, ach ní bhíonn sé furasta i gcónaí an difear idir céadatán agus peircintíl a mhíniú do thuismitheoirí. Dúshlán comhchosúil eile is ea míniú an ghaoil idir lomscóir agus scóir chaighdeánacha. D'fhéadfaí go mbeadh sé níos fusa scóir STen, a chuireann raon scór peircintíle le chéile, a chur in iúl agus a léirmhíniú. (Tá an téarma STen bunaithe ar *Standard TEN*). Tá sé tábhachtach go dtagraíonn an múinteoir don lámhleabhar trialach ábhartha de bhrí go bhfuil táblaí ann a chuireann feidhmíocht an pháiste in iúl ar na bealaí éagsúla seo.

Tá tuairisceoirí briathartha úsáideach nuair a bhíonn torthaí trialacha caighdeánaigh á dtabhairt do thuismitheoirí agus nuair a bhíonn na múinteoirí ag míniú céille na scór faoi ghnóthachtáil a bpáiste. Tugann Táblaí 2 agus 3 ar lch. 63 foramharc ar scóir trialacha agus an rud a léiríonn siad faoi ghnóthachtáil an pháiste. Luaitear tuairisceoirí i lámhleabhair thrialach fosta, agus tá sé tábhachtach go dtagraíonn an múinteoir don lámhleabhar trialach ábhartha agus iad ag úsáid na dtuairisceoirí seo. I gcás roinnt trialacha tá na tuairisceoirí nasctha le raonta scór caighdeánach agus d'fhéadfadh múinteoirí a bheith eolach orthu seo trí thuairiscí síceolaithe. Léiríonn na tuairisceoirí a úsáidtear i dTábla 2 na cinn a úsáidtear sna trialacha caighdeánaithe atá normaithe ar dhaonra bunscoile na hÉireann.

**Tábla 2: Scóir chaighdeánacha a léirmhíniú do thuismitheoirí**

| Raon na Scór Caighdeánach | Tuairisceoir | Clúdach |
|---|---|---|
| 130 agus níos mó | I bhfad os cionn an mheáin/Fíor-ard | 2% de dhaltaí |
| 120-129 | Os cionn an mheáin/Ard | 7% de dhaltaí |
| 110-119 | Meánach ard | 16% de dhaltaí |
| 90-109 | Meánach | 50% de dhaltaí |
| 80-89 | Meánach íseal | 16% de dhaltaí |
| 70-79 | Faoin meán/Íseal | 7% de dhaltaí |
| Faoi 70 | I bhfad faoin meán/Fíor-íseal | 2% de dhaltaí |

I dTábla 3 tá léiriú malartach ar scóir i gcúig chatagóir seachas i seacht gcatagóir. Seasann gach banna os cionn an mheáin agus faoin meán d'aon séú de dhaltaí agus seasann an meánbhanna sa tábla d'aon trian de dhaltaí.

Tá buntáiste ag an gcur chuige seo maidir leis na scóir a léiriú mar comhchothromaítear scóir STen le tuairisceoir a thugann bonn comónta le ghnóthachtáil páistí a thuairisciú do thuismitheoirí.

**Tábla 3: Scóir STen a léirmhíniú do thuismitheoirí**

| Raon na Scór Caighdeánach | Raon na Scór STen | Tuairisceoir | Clúdach |
|---|---|---|---|
| 115 agus níos mó | 8-10 | I bhfad os cionn an mheáin | Aon séú is airde de dhaltaí |
| 108-114 | 7 | Meánach ard | Aon séú de dhaltaí |
| 93-107 | 5-6 | Meánach | Aon trian lár de dhaltaí |
| 85-92 | 4 | Meánach íseal | Aon séú de dhaltaí |
| 84 agus faoi | 1-3 | I bhfad faoin meán | Aon séú is ísle de dhaltaí |

Cibé scór a úsáidtear le haghaidh tuairiscithe, tá sé níos tábhachtaí tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi thábhacht an scóir seachas míniú iomlán a thabhairt ar an modh a fuarthas an scór.

Taispeánann gníomhaíochtaí samplacha 2.20 agus 2.21 ar na leathanaigh seo leanas an dóigh a bhféadfadh múinteoirí scóir pháistí aonair ar thrialacha caighdeánaithe a thuairisciú do thuismitheoirí.

# Gníomhaíocht shamplach 2.20 Torthaí trialach caighdeánaithe sa mhatamaitic a thuairisciú

**Réimse curaclaim/Ábhar** **Matamaitic**

**Leibhéal ranga** **Ranganna a cúig agus a sé**

Rinne Niall triail chaighdeánaithe sa mhatamaitic i mí na Bealtaine ag deireadh ranga a cúig. Seo a leanas a scóir:

| Lomscór | Scór caighdeánach | Grád peircintíle | Scór STen |
|---|---|---|---|
| 72 | 116 | 86 | 8 |

Nuair a tháinig máthair Niall chuig an scoil lena thuairisc dheiridh bhliana a bhailiú mhínigh an múinteoir, Éamonn, torthaí na trialach di. D'inis sé di gur éirigh go han-mhaith le Niall mar gur thoradh meánach ard a bhí i scór STen de 8. Bhí an scór seo comhsheasmach le torthaí trialacha caighdeánaithe na mblianta roimhe sin agus le feidhmíocht Niall i dtrialacha an tseomra ranga a thug an múinteoir.

D'úsáid Éamonn gné dhiagnóiseach na trialach caighdeánaithe. Chomhairigh sé '% ceart' do gach mír den triail agus de bhrí sin bhí sé ábalta fadhbréiteach a shainaithint mar réimse ar chóir do Niall díriú air. Tháinig sé seo lena chuid nótaí maidir le breathnuithe rialta sa seomra ranga. Chuir máthair Niall ceist an mbeadh sí ábalta cuidiú le Niall sa bhaile ar dhóigh ar bith. Mhínígh Éamonn roinnt straitéisí fadhbréitigh a d'úsáid Niall sa rang a d'fhéadfaí a úsáid ina obair bhaile. Dúirt sé fosta go gcuireadh sé a chomhairle air seo, le cois torthaí na trialach, ar aghaidh chuig múinteoir Niall sa chéad bhliain eile.

# Gníomhaíocht shamplach 2.21
# Torthaí trialach caighdeánaithe i léitheoireacht an Bhéarla a thuairisciú

**Réimse curaclaim** **Teanga**
**Ábhar** **Béarla**
**Leibhéal ranga** **Ranganna a haon agus a dó**

Rinne Ciara triail chaighdeánaithe i léitheoireacht an Bhéarla ag deireadh ranga a haon nuair a bhí sí 6 bliana agus 10 mí d'aois.

| **Scóir rangbhunaithe** | | | | **Scóir aoisbhunaithe** | | | | **Aois léitheoireachta** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| LS | SC | STen | GP | LS | SC | STen | GP | LS | AL |
| 18 | 77 | 3 | 6 | 18 | 87 | 4 | 19 | 18 | 5.08 |

LS=Lomscór SC=Scór caighdeánaithe GP=Grád peircintíle AL=Aois léitheoireachta

Sheiceáil Bean Uí Rooney an lámhleabhar trialach ábhartha. Phléigh sí a buarthaí leis an bpríomhoide. Thug siad faoi deara go raibh scóir aoisbhunaithe Ciara níos airde ná a scóir rangbhunaithe. Rith sé leo gur seo mar a tharla toisc go raibh Ciara níos óige ná an meán do dheireadh rang a haon agus cuireann scóir aoisbhunaithe san áireamh má bhíonn páiste níos óige nó níos sine ná an meán dá leibhéal ranga. Léirigh torthaí na trialach go soiléir nach raibh ag éirí go ró-mhaith le Ciara nuair a chuirtear a torthaí i gcomparáid le páistí eile i rang a haon ar fud na tíre. Cheap Bean Uí Rooney agus an príomhoide go raibh sé go hiomlán réasúnta díriú ar an scór is ísle den dhá scór agus iad ag moladh go mbeadh tuilleadh trialacha diagnóiseacha á gcur ar Ciara. Bhuail Bean Uí Rooney le hathair Ciara ansin.

Mhínigh sí torthaí na trialach dó. Dúirt sí gur léirigh torthaí Ciara go bhféadfaí go mbeadh tacaíocht foghlama de dhíth uirthi sa Bhéarla toisc go bhféadfaí a scóir a rangú sa bhanna íseal nó meán íseal. Dúirt Bean Uí Rooney go mbuailfeadh Ciara leis an múinteoir tacaíochta foghlama i ndiaidh saoire an tsamhraidh le haghaidh trialacha diagnóiseacha, a thabharfadh léargas níos soiléire dá riachtanais fhoghlama sa réimse seo.

# Contanam de mhodhanna

Léirigh an rannán seo contanam d'ocht modh measúnaithe le modhanna bunaithe ar pháistí, amhail féinmheasúnú agus comhdháil, agus modhanna bunaithe ar mhúinteoirí, amhail tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir agus trialacha caighdeánaithe. Is féidir le gach ceann de na modhanna seo eolas a chur ar fáil le cuidiú leis an múinteoir cuntas cruinn a chruthú faoi fhoghlaim an pháiste ar fud an churaclaim do McF agus MdF araon.

Tugann Tábla 4 achoimre ar **chuid** de na pointí atá le breathnú agus na hocht modh measúnaithe á n-úsáid. Tagraíonn an colún *pleanáil agus eagrú* do ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha mar chuspóir an mheasúnaithe a shoiléiriú, agus do ghníomhaíochtaí níos fadtéarmaí mar thacaíocht a thabhairt do phróisis agus eispéiris fhorbartha an pháiste. Tagraíonn an colún *acmhainní* d'acmhainní inláimhsithe amhail samplaí d'obair na bpáistí, agus d'acmhainní eagrúcháin amhail am. Ar deireadh léiríonn an colún *láidreachtaí* cuid de na tairbhí a bhaineann le húsáid gach modha.

**Tábla 4: Roinnt pointí atá le breathnú agus na hocht modh measúnaithe á n-úsáid**

| | Pleanáil agus eagrú | Acmhainní | Láidreachtaí |
|---|---|---|---|
| **Féinmheasúnú** | • An cuspóir a shoiléiriú; cinneadh a dhéanamh faoin eolas a thaifeadfar agus faoin áit a dtaifeadfar é.<br>• Critéir le haghaidh ratha a chomhaontú.<br>• Scileanna féinmhachnaimh an pháiste a fhorbairt. | • ceisteanna agus uirlisí leide do pháistí<br>• am do pháistí le machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre | • Cuirtear neamhspleáchas agus spreagadh an pháiste chun cinn.<br>• Cuirtear eolas ó pheirspictíocht an pháiste ar fáil. |
| **Comhdháil** | • An cuspóir a shoiléiriú; cinneadh a dhéanamh faoin eolas a thaifeadfar agus faoin áit a dtaifeadfar é.<br>• Gníomhaíochtaí foghlama a eagrú do na páistí eile.<br>• Scileanna féinmhachnaimh an pháiste a fhorbairt.<br>• Teanga chuí a fhorbairt. | • sampla(í) d'obair páistí<br>• am le haghaidh labhairt leis an bpáiste, leis an tuismitheoir nó le comhghleacaí/comhghleacaithe | • Cuirtear eolas ó pheirspictíocht an pháiste ar fáil.<br>• Forbraítear naisc idir an baile agus an scoil.<br>• Cothaítear comhghleacaíocht—foghlaim agus roinnt le comhghleacaithe. |
| **Measúnú fillteáin tionscadail** | • An cuspóir a shoiléiriú; cinneadh a dhéanamh faoin eolas a thaifeadfar agus faoin áit a dtaifeadfar é.<br>• Scileanna féinmheasúnaithe agus comhdhála na bpáistí a fhorbairt. | • ábhair agus/nó bogearraí leis na fillteáin tionscadail a chruthú<br>• spás stórála<br>• am le haghaidh labhairt le gach páiste faoina f(h)illteán tioscadail | • Cuirtear neamhspleáchas agus spreagadh an pháiste chun cinn.<br>• Tugtar tacaíocht d'fhéinmheasúnú.<br>• Cuirtear samplaí d'obair páistí ar fáil mar fhianaise foghlama.<br>• Cuirtear eolas ó pheirspictíocht an pháiste ar fáil. |
| **Léarscáiliú coincheapa** | • An cuspóir a shoiléiriú; cinneadh a dhéanamh faoin eolas a thaifeadfar agus faoin áit a dtaifeadfar é.<br>• Scileanna léarscáilithe coincheapa páistí a fhorbairt.<br>• Léarscáileanna cuí a roghnú. | • ábhair agus/nó bogearraí leis na léarscáileanna coincheapa a chruthú<br>• am le haghaidh na léarscáileanna a léirmhíniú | • Cuirtear léirithe amhairc ar fáil faoin dóigh a smaoiníonn páistí agus faoin rud a smaoiníonn siad.<br>• Cuirtear fianaise ar fáil d'athruithe i smaointeoireacht na npáistí le himeacht ama. |

| | Pleanáil agus eagrú | Acmhainní | Láidreachtaí |
|---|---|---|---|
| **Ceistiú** | • An cuspóir a shoiléiriú; cinneadh a dhéanamh faoin eolas a thaifeadfar agus faoin áit a dtaifeadfar é.<br>• Cineálacha éagsúla ceisteanna a fhoirmiú.<br>• Tráthúlacht na gceisteanna a chinneadh. | • ceisteanna a thacaíonn le smaointeoireacht ardoird<br>• am le haghaidh cineálacha éagsúla ceisteanna a úsáid le páistí éagsúla | • Cuirtear aiseolas ar fhoghlaim páistí ar fáil láithreach.<br>• Ní bhíonn a lán acmhainní inláimhsithe ag teastáil.<br>• Múnlaítear ceistiú maith do na páistí. |
| **Dírbhreathnú an mhúinteora** | • An cuspóir a shoiléiriú; cinneadh a dhéanamh faoin eolas a thaifeadfar agus faoin áit a dtaifeadfar é.<br>• Tascanna oiriúnacha a phleanáil do na páistí atá á ndírbhreathnú.<br>• Gníomhaíochtaí a eagrú do na páistí nach bhfuil á ndírbhreathú, a íosmhéadaíonn cur isteach ar an múinteoir. | • teimpléid nó seicliostaí dírbhreathnaithe<br>• am le linn an ranga le dírbhreathnú a dhéanamh | • Cuirtear aiseolas ar fhoghlaim páistí ar fáil láithreach.<br>• D'fhéadfaí go mbeadh sé pleanáilte nó spontáineach. |
| **Tascanna agus trialacha** | • An cuspóir a shoiléiriú; cinneadh a dhéanamh faoin eolas a thaifeadfar agus faoin áit a dtaifeadfar é.<br>• Ceisteanna trialach agus tascanna a ullmhú a léiríonn tuiscint nó scileanna faoi leith. | • acmhainní do thascanna agus do thrialacha atá deartha ag an múinteoir<br>• am le linn an ranga le dírbhreathnú a dhéanamh ar thascanna | • Cuirtear fianaise foghlama ar fáil i gcomhthéasc (tascanna).<br>• Cuirtear samplaí d'obair an pháiste ar fáil mar fhianaise foghlama (trialacha). |
| **Trialacha caighdeánaithe** | • An cuspóir a shoiléiriú; an t-am a bheidh na trialacha ann le linn na bliana a chomhaontú; cinneadh a dhéanamh faoin eolas a thaifeadfar agus faoin áit a dtaifeadtar é.<br>• An lámhleabhar trialach a léamh.<br>• An lá agus an t-am cuí a roghnú, agus an rang a eagrú.<br>• Gníomhaíochtaí a phleanáil do na páistí nach mbeidh triail le déanamh. | • leabhrán trialach in aghaidh gach páiste<br>• lámhleabar trialach<br>• am le haghaidh na trialach a riaradh<br>• am le haghaidh trialacha a mharcáil agus torthaí a léirmhíniú | • Léirítear gnóthachtáil i gcomparáid le feidhmíocht go náisiúnta.<br>• Tugtar cuidiú le haghaidh láidreachtaí agus laigí páistí aonair a shainaithint. |





# RANNÁN 3

## AMHARC NÍOS DLÚITHE AR MCF AGUS MDF

# Rannán 3 Amharc níos dlúithe ar McF agus MdF

Cuireann an rannán seo an dá chur chuige ar mheasúnú i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile (léirithe i Rannán 1), **McF** agus **MdF**, de réir na ngníomhaíochtaí a chuimsítear sa sainmhíniú ar mheasúnú i Rannán 1 agus thíos. De réir mar a shracrianaítear i Rannán 1, forluíonn na gníomhaíochtaí seo agus is minic a bhíonn siad ar siúl ag an am céanna.

Is éard is measúnú ann ná an próiseas trína dhéantar eolas **a bhailiú**, **a thaifeadadh**, **a léirmhíniú**, **a úsáid** agus **a thuairisciú** faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil páiste maidir le forbairt a n-eolas, a gcuid scileanna agus a gcuid meonta.

Cuimsítear samplaí de chleachtas an tseomra ranga sa rannán seo mar aon le tagairtí do na modhanna measúnaithe a bhfuil cur síos orthu i Rannán 2. Amharcaimid ar an gcéad ghníomhaíocht mheasúnaithe ar dtús, is é sin *eolas measúnaithe a bhailiú*.

## 1. Eolas measúnaithe a bhailiú

Tá bailiú eolais le haghaidh **McF** mar chuid de ghnáthamh an tseomra ranga go ginearálta, agus ní chuireann sé isteach ar ghluaiseacht an teagaisc agus na foghlama. Dar leis an bpáiste, d'fhéadfaí go mbeadh seisiún ceisteanna agus freagraí leis an múinteoir mar chomhrá, ach bíonn an múinteoir oilte in ann eolas luachmhar measúnaithe a fháil faoin rud agus faoin dóigh a bhfuil i gceist agus an páiste ag foghlaim. Míníonn múinteoir tacaíochta foghlama don léitheoireacht, *Bím ag breathnú agus ag éisteacht leis na páistí i gcónaí agus déanaim athruithe ar mo chuid pleananna go rialta chun an méid atá feicthe agus cloiste agam a chur san áireamh.* Sna samplaí seo a leanas déanann múinteoirí cur síos ar an dóigh a mbailíonn siad eolas measúnaithe gan a bheith ag cur isteach ar na páistí, agus ar an dóigh a n-úsáideann siad an t-eolas seo le feabhas a chur ar fhoghlaim na bpáistí.

> *Le linn an dara ceachta ar nodaireacht deichithe mar dheachúlacha d'iarr mé ar na páistí pointe a chúig a dhathú ar an bhfigiúr ar a mbileog oibre. Nuair a d'amharc mé ar roinnt iarrachtaí chonacthas dom nár thuig formhór na bpáistí sa rang an coincheap. Leasaigh mé an bunchoincheap ag úsáid lipéad a chuirtear ar stiallacha daite cairtchláir. Fuair mé amach níos déanaí nuair a chuir mé ceisteanna orthu go raibh seo i bhfad níos éifeachtaí.* (Múinteoir, Rang a trí)

> *Agus mé ag léamh obair Bhéarla scríofa na bpáistí, thug mé faoi deara go raibh roinnt earráidí gramadaí á ndéanamh ag cuid de na páistí. Phleanáil mé roinnt gníomhaíochtaí chun na hearráidí seo a cheartú, ag díriú ar earráid amháin sa tseachtain.* (Múinteoir, Rang a cúig)

> *Thug mé faoi deara go raibh lón de chaighdeán lag cothaithe ag cuid de na páistí, agus phleanáil mé sraith ceachtanna faoi OSPS agus Eolaíocht—sneaic shláintiúil a dhearadh agus a dhéanamh.* (Múinteoir, Naíonáin shinsearacha)

Bíonn an foghlaimeoir gníomhach sa **McF** chomh maith. Bíonn an múinteoir ábalta rún na foghlama a roinnt leis na páistí chomh maith, trí phlé a éascú faoin rud atá le foghlaim acu. Lena chois sin, bíonn an páiste ábalta na critéir fhoghlama a mheas leis an múinteoir. Mar shampla, b'fhéidir go sainaithneoidh siad na príomhghnéithe a bhaineann le scéalaíocht mhaith ag úsáid rúibrice. Tugann na gnéithe seo den **McF** bealaí ina mbeidh baint ag an bpáiste le machnamh agus measúnú ar a (h)obair féin.

I gcodarsnacht leis seo, tarlaíonnn **MdF** ag deireadh tréimhse foghlama go ginearálta. Is féidir leis an múinteoir uirlisí éagsúla measúnaithe a úsáid, trialacha litrithe agus trialacha caighdeánaithe san áireamh. Is féidir leis an múinteoir modhanna eile a úsáid, amhail foghlaim páiste a cheistiú agus a bhreathnú. Stiúrann an múinteoir an measúnú agus bíonn a fhios ag an bpáiste go bhfuil sé/sí á mheasúnú. Déanann múinteoirí cur síos ar chuid de na dóigheanna a mbailíonn siad eolas faoi **MdF** thíos.

> *I ndiaidh sraith ceachtanna ar na Normannaigh thug mé mo rang a cúig ar cuairt chuig Caisleán Normannach atá sa cheantar. D'ullmhaíomar don chuairt agus lorgaíomar cuid de phríomhghnéithe an fhoirgnimh. Nuair a d'fhilleamar ar an rang d'iarr mé ar na páistí pictiúr den chaisleán a dhéanamh, ag taispeáint an oiread de na gnéithe seo a bhí siad in ann a chuimhneamh.* (Múinteoir, Rang a ceathair)

> *Tar éis sraith ceachtanna ar an saol sa chathair d'iarr mé ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar phictiúr den tsráid chun a gcumas labhartha a mheas.* (Múinteoir, Rang a sé)

> *Bhíomar ag obair ar mhéadú fada ar feadh roinnt seachtainí agus thug mé roinnt ceisteanna don rang ionas go mbeadh orthu an cothromóid a úsáid. Taispeánadh dom ón gceacht seo go raibh gá le níos mó oibre ar ríomh, cé go raibh tuiscint mhaith ag an gcuid is mó den rang ar úsáid an mhéadaithe fada.* (Múinteoir, Rang a cúig)

## 2. Eolas measúnaithe a thaifeadadh

Tá an rud agus an dóigh faoina ndéantar an t-eolas a thaifeadadh ag brath ar chuspóir an mheasúnaithe. Is féidir leis an múinteoir úsáid a bhaint as a lán eolais a bhailítear as **McF** láithreach, maidir le foghlaim an pháiste a struchtúrú agus a thacú. Measann an múinteoir cén sort eolais mheasúnaithe atá tábhachtach agus taifeadann sé/sí an t-eolas sin ina c(h)uid nótaí. Mar shampla, ní thaifeadfadh múinteoir mionsonraí de phlé ranga ach b'fhéidir go nglacfadh sé/sí nóta de dhíograiseacht a léiríonn páiste nach nglacann páirt sa phlé go minic. Ar an dóigh chéanna, ní ghlacfadh an múinteoir nóta d'earráidí mionsonraithe in obair mhatamaitice ach b'fhéidir go dtaifeadfadh sé/sí gur léirigh cuid mhór den rang

go raibh níos mó tacaíochta de dhíth orthu lena scileanna ríomha. Is féidir leis an bpáiste eolas a thaifeadadh faoin méid dul chun cinn atá déanta aige/aici san fhoghlaim fosta, mar shampla mar chuid de mheasúnú fillteáin tionscadail.

I gcás **MdF**, taifeadann an múinteoir torthaí trialacha ag deireadh tréimhse foghlama de ghnáth. Úsáidtear na torthaí seo le tuairiscí a scríobh, agus stóráltar iad i gComhad Daltaí an pháiste. Ar na samplaí eolais mheasúnaithe a thaifeadtar ar an dóigh seo, tá torthaí ó thrialacha caighdeánaithe agus scóir pháistí ar thrialacha deartha ag an múinteoir.

## 3. Eolas measúnaithe a léirmhíniú

Bíonn eolas an mhúinteora ar na páistí ina rang mar bhonn eolais ina léirmhíniú ar eolas as **McF**. Cinneann an múinteoir ar an eolas is fiúntaí agus ar an dóigh ar féidir é a úsáid le feabhas a chur ar fhoghlaim an pháiste. Bíonn an múinteoir in ann léargas mionsonraithe ar an bpáiste a fháil bunaithe ar an eolas a fhaightear as **McF** agus bíonn sé/sí in ann cinntí níos eolasaí a dhéanamh agus é nó í ag pleanáil le haghaidh foghlama difreáilte.

Bíonn páistí agus a dtuismitheoirí ábalta cur le léirmhíniú an eolais mheasúnaithe chomh maith. Ba chóir scileanna féinmheasúnaithe a fhorbairt i ngach páiste sa dóigh is go mbeidh siad ábalta measúnú a dhéanamh ar cé chomh oilte is atá siad i scileanna agus eolas. (Féach Rannán 2, lgh. 14-22.) Má chuirtear béim ar na critéir d'fhoghlaim rathúil in aiseolas an mhúinteora, cuidíonn sé leis an bpáiste a (h)obair féin a mheas, agus tugann sé treoir don pháiste maidir le hobair amach anseo. Is féidir le tuismitheoirí cuidiú a thabhairt le léargas níos iomláine a fhorbairt ar an bpáiste mar fhoghlaimeoir trí labhairt leis an múinteoir faoin dóigh a bhfoghlaimíonn an páiste sa bhaile agus faoi na suimeanna atá ag an bpáiste lasmuigh den scoil. D'fhéadfaí go mbeadh sé úsáideach fosta dá mbeadh fios ag an múinteoir faoin chineál tacaíochta a thugann na tuismitheoirí dá bpáistí lena n-obair bhaile.

Bíonn léirmhíniú eolais ón **MdF** ag brath ar chineál na trialach nó an cheachta atá i gceist. Mar shampla, i dtrialacha caighdeánaithe litearthachta agus uimhearthachta, ciallaíonn scóir faoi leith rud áirithe do na páistí. Rangaítear scór an pháiste i dtáblaí staitistiúla i gcoibhneas le noirm náisiúnta, nó le noirm a bhaineann le rang nó le haois. Úsáideann an múinteoir eolas teicniúil leis na noirm seo a léirmhíniú, chomh maith lena b(h)reithiúnas gairmiúil. Agus an t-eolas á léirmhíniú, déanann an múinteoir breithiúnas atá baileach agus iontaofa bunaithe ar fhianaise imleor. (Féach Rannán 2, lgh. 60-65.) Mar shampla, má bhíonn difríocht shuntasach idir scór páiste agus a f(h)eidhmíocht ghinearálta san ábhar roimhe sin, ní mór dlúthbhreithniú a dhéanamh air. Is féidir go lorgfaidh an múinteoir tuairimí comhghleacaithe chomh maith nuair a bhíonn sé/sí ag iarraidh scóir thrialacha a léirmhíniú. Ar cheann eile d'fhreagrachtaí gairmiúla an mhúinteora, tá cuidiú le tuismitheoirí eolas a thuiscint.

## 4. Eolas measúnaithe a úsáid

Úsáidtear eolas as **McF** go príomha le feabhas a chur ar fhoghlaim an pháiste ar bhonn laethúil. Nuair a thaifeadann an múinteoir deacrachtaí an pháiste de réir mar a tharlaíonn siad, nó má fhaigheann siad tuiscint ar na bealaí foghlama arbh fhearr leis an bpáiste, bíonn an múinteoir ábalta an t-eolas seo a úsáid chun a t(h)eagasc a choigeartú le bheith oiriúnach don pháiste, mar atá léirithe thíos:

> *Nuair a amharcaim ar na páistí agus iad ag obair, foghlaimím rud éigin faoina bhfoghlaim féin. B'fhéidir gurb é nach maith le Ciara obair a dhéanamh nuair a thugaim grúpobair dóibh, nó go gcuireann Shane ceist orm, rud a léiríonn dom nár thuig sé an rud atá mé i ndiaidh a theagasc dóibh. Sa chás sin, b'fhéidir go gcaithfeadh mé níos mó ama le Shane le linn gníomhaíochta atá bunaithe ar an ábhar céanna sa chéad cheacht eile.*
> (Múinteoir, Rang a dó)

Ba chóir go mbeadh baint ghníomhach ag an bpáiste chomh maith leis an múinteoir i gcás **McF**. Chomh maith leis an rún agus critéir fhoghlama a roinnt, tugann an múinteoir aiseolas do na páistí fosta. Léiríonn aiseolas a dhíríonn ar an bhfoghlaim agus ar an tasc atá á dhéanamh na chéad chéimeanna eile, díríonn sé ar ghnóthachtáil agus ar dhúshláin, agus bíonn tionchar dearfach aige ar fhoghlaim páistí.

> *Nuair a fhaighim mo chuid oibre ar ais ó Bhean Uí Riain luann sí rud éigin maith i gcónaí faoi phíosa atá scríofa agam. Insíonn sí dom fosta cén bealach ar féidir liom feabhas a chur ar mo scríbhneoireacht don chéad uair eile. Is maith liom fios a bheith agam ar an dóigh le feabhas a chur ar mo chuid oibre.*
> (Cathy, Rang a ceathair)

Is próiseas leanúnach é forbairt na scileanna féinmheasúnaithe i bpáistí agus is féidir tús a chur leis ag aois ar bith. Nuair a chuireann an múinteoir ceist ar pháistí i rang na naíonán faoin rud a dtaitníonn leo faoin obair nó faoi obair pháiste eile tá sé/sí ag cur túis le céad chéimeanna d'fhorbairt scileanna féinmheasúnaithe na bpáistí.

Ba chóir go dtiocfadh feabhas ar fhoghlaim an pháiste de bharr an eolais mheasúnaithe. Baineann an dóigh a n-úsáidtear an t-eolas le bunchuspóir na gníomhaíochta measúnaithe. Úsáidtear cuspóir **MdF** go minic leis an méid ar baineadh amach na cuspóirí curaclaim a chinneadh. Is féidir leis an múinteoir an t-eolas seo a úsáid ar bhealaí difriúla chun na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim an pháiste a phleanáil. Mar shampla, b'fhéidir go léireodh an t-eolas measúnaithe go bhfuil gá le dul siar ar an ábhar i gcoincheap matamaitice faoi leith, nó go bhfuil gá le níos mó béime a chur ar scileanna tuisceana. Tá an t-eolas úsáideach don mhúinteoir má bhailítear é le linn na scoilbhliana. Tá eolas a bhailítear ag deireadh na bliana úsáideach don mhúinteoir fosta maidir le clár a phleanáil don chéad bhliain eile. D'fhéadfaí go n-úsáidfí eolas comhbhailithe ó thriail chaighdéanaithe mar bhonn eolais

i bpleanáil scoile uile i litearthacht agus in uimhearthacht. Deir príomhoide:

> *D'athbhreithnigh mé torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a rinneadh sa mhatamaitic in éineacht leis an mball foirne atá freagrach as Curaclam na Matamaitice. Is léir nach raibh scileanna ríomha láidir ar fud na scoile agus mar sin thugamar cuireadh don Chuiditheoir a chuidigh linn mar fhoireann le straitéisí a cheapadh chun an cás a fheabhsú. Táimid ag cur na straitéisí sin i bhfeidhm i mbliana, ag díriú ar ranganna a haon, a dó agus a trí.*

Úsáidtear eolas ó **MdF** le tuairisc an pháiste a dhéanamh. D'fhéadfaí go mbeadh an tuairisc ina ábhar plé idir an múinteoir agus na tuismitheoirí maidir le láidreachtaí agus laigí foghlama an pháiste.

## 5. Eolas measúnaithe a thuairisciú

Go minic roinneann múinteoirí agus páistí eolas ó **McF** ar bhonn laethúil. Cuireann páistí eolas in iúl do mhúinteoirí i gcónaí. Is dúshlán é do mhúinteoirí go minic ilbhealaí cumarsáide na bpáistí a thuiscint agus bíonn sé deacair fáil amach cad é an rud a chiallaíonn an t-eolas do gach páiste. Trí scileanna féinmheasúnaithe a fhorbairt agus trí úsáid rialta d'fhillteáin tionscadail, rúibricí agus logleabhar foghlama, cuirtear ar chumas na bpáistí a bheith ina dteagmhálaithe eolais mheasúnaithe—eolas ar féidir le múinteoir freagra a thabhairt air. (Féach Aguisín A, lgh. 84-85.)

Mar shampla, cuirtear cuid den eolas seo in iúl do na tuismitheoirí trí obair bhaile, agus d'féadfaí go gcuirfear leanúnachas chun cinn san fhoghlaim idir foghlaim baile agus foghlaim scoile. Is féidir le múinteoirí bealaí a chur in iúl do thuismitheoirí ar féidir leo tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim an pháiste sa bhaile, go háirithe trí ghníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta. Is féidir le múinteoirí eolas measúnaithe a chur in iúl do pháistí, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí eile, agus do ghairmithe ábharta eile ar bhonn rialta freisin.

Cuirtear eolas **MdF** in iúl go ginearálta trí chruinnithe tuismitheora/múinteora, trí chártaí tuairisce, trí chruinnithe foirne, agus mar sin de. Is féidir le múinteoirí eolas measúnaithe a léirmhíniú do thuismitheoirí, ag cur béime ar an dóigh ar féidir é a úsáid le feabhas a chur ar fhoghlaim an pháiste. Mar sin, bíonn próiseas dhá bhealach idir an múinteoir agus an tuismitheoir.

> *Tá próiseas leanúnach ann trína n-idirghníomhaíonn eispéireas foirmiúil foghlama an pháiste sa scoil le heispéireas neamhfhoirmiúil forbartha an bhaile agus an teaghlaigh.*
> (Curacalam na Bunscoile, Réamhrá, lch. 21)

Sa rannán seo sainmhíníodh agus rinneadh cur síos ar dhá chur chuige chomhlántacha ar mheasúnú, Measúnú don Fhoghlaim agus Measúnú den Fhoghlaim, a fhorbraíonn ar an eolas measúnaithe atá curtha i láthair i *gCuraclam na Bunscoile*. Le chéile, cuireann an dá chur chuige fianaise faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil na bpáistí san fhoghlaim ar fáil do na múinteoirí. Cuireann an t-eolas seo ar chumas na múinteoirí cinntí a dhéanamh faoi theagasc a choigeartú le dul i ngleic le riachtanais fhoghlama na bpáistí ar bhealach níos éifeachtaí. Go bunúsach, má úsáideann an múinteoir **McF** agus **MdF**, bíonn sé/sí ábalta na timpeallachtaí foghlama is tacúla a chruthú ina spreagtar na páistí chun foghlama.



# RANNÁN 4

# POLASAÍ SCOILE AR MHEASÚNÚ



# Rannán 4 Polasaí scoile ar mheasúnú

Is é cuspóir an rannáin seo ná cuidiú a thabhairt do scoileanna polasaí ar mheasúnú a chruthú. Cuireann an tAcht Oideachais (1998) oibleagáid reachtúil ar gach scoil plean scoile a dhréachtú.


> *Is ráiteas é an Plean Scoile ar fhealsúnacht oideachasúil na scoile, ar a haidhmeanna agus ar an dóigh a bhfuil sí ag iarraidh na haidhmeanna seo a bhaint amach. Déileálann an Plean leis an gcuraclam iomlán agus le heagrúchán acmhainní na scoile …* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999, lch. 8)

Dá bhrí sin, tá forbairt pholasaí scoile ar mheasúnú mar chuid de chomhthéacs níos leithne d'fhorbairt agus de phleanáil scoile, agus bíonn sé bunaithe ar shamhail na Pleanála Forbartha Scoile faoi mar a léirítear i bhFigiúr 4. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an tsamhail seo ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Pleanála um Fhorbairt Scoile (Bunscoileanna) (SPFS) ag **http://www.sdps.ie**.

Is próiseas timthriallach é an próiseas pleanála, agus bíonn scoileanna ábalta tús a chur leis an bpróiseas ag an gcéim a bhaineann lena staid féin. Beidh polasaí ar mheasúnú ag roinnt scoileanna cheana ach d'fhéadfaí go bhfuil siad ag déanamh athbhreithnithe ar a bpolasaí i bhfianaise na dtreoirlínte seo. D'fhéadfaí go bhfuil cuid eile acu ag an gcéim deartha.

Tá sé tábhachtach go mbíonn baint ag gach ball den fhoireann teagaisc le forbairt, le cur i bhfeidhm agus le hathbhreithniú an pholasaí ar mheasúnú. Tá sé tábhachtach fosta go ndéantar an polasaí a mheas agus a athbhreithniú go rialta ionas gur féidir leis freastal ar riachtanais na scoileanna agus na bpáistí, riachtanais a bhíonn ag athrú ar bhonn leanúnach. Ba chóir go mbeadh baint ag tuismitheoirí leis an bpolasaí ar mheasúnú fosta. Má bhíonn, mothaíonn siad gur leo an polasaí agus is féidir é a chur i bhfeidhm níos éifeachtaí dá bharr seo. Amhail gach polasaí eile, léiríonn polasaí scoile ar mheasúnú bunluachanna agus croí-éiteas na scoile.

**Figiúr 4: Samhail na Pleanála Forbartha Scoile**



## Ábhar an pholasaí mheasúnaithe

Ceanglaíonn an tAcht Oideachais (1998) ar scoileanna *athbhreithniú a dhéanamh ar dhaltaí go rialta agus torthaí na meastóireachta a thuairisciú do na páistí agus dá dtuismitheoirí ar bhonn tréimhsiúil*. Agus an ceanglas seo á chomhlíonadh, forbraíonn scoileanna nósanna imeachta measúnaithe, a chuireann cuntas beacht ar fáil faoi dhul chun cinn agus ghnóthachtáil na bpáistí. Leagtar amach an dóigh, an uair agus an áit ina ndéantar na nósanna imeachta seo i bpolasaí measúnaithe na scoile.

I dtéarmaí ginearálta, cuimsíonn polasaí measúnaithe na scoile ráiteas scríofa ar aidhmeanna, agus déanann sé cur síos ar an dóigh a n-úsáidfidh an scoil measúnú le freastal ar riachtanais na bpáistí, an mhúinteora, na dtuismitheoirí, agus pháirtithe leasmhara eile. Chomh maith leis seo, d'fhéadfaí go bhfuil breac-chuntas ar a leanas:

- **an dóigh a forbraíodh an polasaí**
- **an caidreamh idir an polasaí agus ráiteas misin na scoile agus a héiteas**
- **cuspóir an pholasaí**
- **róil agus feagrachtaí na foirne maidir leis an bpolasaí**
- **ábhar an pholasaí—an próiseas measúnaithe sa scoil**
  **–cuspóirí an mheasúnaithe**
  **–modhanna measúnaithe (bailiú eolais measúnaithe)**
  **–léirmhíniú, taifeadadh, úsáid agus tuairisciú an eolais mheasúnaithe**
- **impleachtaí d'oiliúint agus d'acmhainní foirne**
- **nósanna imeachta athbhreithnithe agus meastóireachta.**

Glacadh an méid seo ó *Cheisteanna molta i dtreo polasaí ar mheasúnú a dhréachtú* ar láithreán gréasáin SPFS (Bunscoileanna) ag **www.sdps.ie/policies/Assessment.doc**.

Caithfidh an polasaí ar mheasúnú a chur in iúl cén uair agus cén dóigh a n-úsáidfidh an scoil TFC le foghlaim páistí a mheas, le heolas measúnaithe a thaifeadadh agus a stóráil, agus a chur in iúl, an réasúnaíocht a rialaíonn an próiseas seo.

Tá ceisteanna molta a éascaíonn dréachtú polasaí ar mheasúnú ar fáil ar láithreán gréasáin SPFS (Bunscoileanna) ag **http://www.sdps.ie**. Tá sé tábhachtach go dtagraíonn an polasaí go follasach do gach gné atá luaite thuas. Ba chóir go mbeadh mionsonraí an phróisis mheasúnaithe sa scoil mar phríomhghné den pholasaí. (Féach an cúigiú pointe thuas.) Ina thaobh seo, ba chóir go mbeadh freagra ar na ceisteanna seo a leanas sa pholasaí, ceisteanna faoi chleachtais na scoile maidir le foghlaim na bpáistí a mheasúnú:

- **Cén fáth ar chóir foghlaim páistí a mheasúnú?**
- **Cad é ar chóir measúnú a dhéanamh air?**
- **Cén uair ar chóir measúnú a dhéanamh?**
- **Cén dóigh ar chóir foghlaim na bpáistí a mheasúnú?**
- **Cén áit ar chóir eolas ó mheasúnú a thaifeadadh?**
- **Cé leis ar chóir eolas ó mheasúnú a roinnt?**
- **Cén dóigh ar chóir eolas ó mheasúnú a roinnt le daoine eile?**
- **Cén fad ama ar chóir eolas ó mheasúnú a stóráil?**

Sa chuid eile den rannán seo de na treoirlínte tugtar freagra ar na ceisteanna sin. Luaitear na himpleachtaí a bhaineann leis an reachtaíocht ar pholasaí agus ar chleachtas ar fud na coda eile den rannán. (Féach Aguisín C, lgh. 95-96 le haghaidh achoimre mhionsonraithe ar impleachtaí na nAchtanna éagsúla do scoileanna.)

## Cén fáth ar chóir foghlaim páistí a mheasúnú?

Faoi mar a leagtar amach i Rannán 1, tá measúnú mar chuid de theagasc maith agus d'fhoghlaim mhaith. Cuireann sé eolas ar fáil do mhúinteoir a chuidíonn leis/léi cinntí a dhéanamh faoin rud agus faoin dóigh atá i gceist agus an páiste ag foghlaim. Leis an eolas seo bíonn an múinteoir ábalta na chéad chéimeanna eile i ndul chun cinn foghlama an pháiste a shainaithint agus a straitéisí teagaisc agus/nó a g(h)níomhaíochtaí foghlama a oiriúnú, de réir mar is cuí. Má úsáidtear eolas measúnaithe le teagasc agus foghlaim a oiriúnú ar an dóigh seo d'fhéadfaí go mbeadh an t-eispéireas foghlama níos pléisiúrtha agus níos dúshlánaí ag an bpáiste, agus d'fhéadfaí go mbeadh an t-eispéireas gairmiúil níos fearr agus níos luachmhaire ag an múinteoir.

## Cad é ar chóir measúnú a dhéanamh air?

Ba chóir go rachfadh polasaí measúnaithe na scoile i ngleic le gach réimse ábhair/curaclaim de *Churaclam na Bunscoile*, agus ba chóir go gcuimseodh sé an t-eolas a ghnóthaíonn an páiste, na scileanna a fhoghlaimíonn an páiste, an dearcadh agus na luachanna a fhorbraíonn an páiste agus na meonta a léiríonn an páiste. Tá sé tábhachtach go ndéantar measúnú ar na réimsí ábhair/curaclaim go léir le modhanna oiriúnacha. Tá modhanna áirithe níos oiriúnaí do chuspóirí measúnaithe áirithe agus d'ábhair áirithe mar a léirítear i Rannán 2 sna treoirlínte seo.

Tá an **rud** atá á mheasúnú bunaithe ar chuspóirí curaclaim i ngach réimse ábhair/curaclaim agus ar an rud atá an múinteoir ag iarraidh a dhéanamh le cuidiú leis na páistí foghlaim. Úsáideann an múinteoir modhanna oiriúnacha measúnaithe chun an méid atá na cuspóirí seo bainte amach ag na páistí a thomhas. (Féach samplaí de mhodhanna measúnaithe i Rannán 2.)

## Cén uair ar chóir foghlaim páistí a mheasúnú?

Is próiseas leanúnach é measúnú a dhéantar ar feadh eispéireas bunscoile an pháiste. Bíonn an próiseas bunaithe ar aois an pháiste agus ar chéim fhoghlama agus fhorbartha an pháiste. Bíonn léargas níos iomlánaíche ag an bpáiste ar an domhan agus ar a (h)eispéireas foghlama sna luathbhlianta den bhunscoil. Ag an gcéim seo, ní thugann an páiste mórán airde ar fhoghlaim ábhar difriúil. Cuireann an curaclam béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris fhoghlama chomhcheangailte don pháiste óg agus cuireann sé san áireamh go mbíonn foghlaim atá bunaithe ar ábhar níos ábhartha do pháistí, de réir mar a éiríonn siad níos sine.

Ba chóir go léirítear an fás agus an t-athrú seo i bpolasaí measúnaithe na scoile maidir leis an dóigh a dtugann páistí faoin bhfoghlaim agus an dóigh a bhfoghlaimíonn siad, agus ba chóir modhanna éagsúla measúnaithe a úsáid ag céimeanna éagsúla d'fhorbairt an pháiste. Ba chóir go gcinntítear sa pholasaí fosta go ndéantar breithiúnais ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na bpáistí thar thréimhse ama seachas ar bhonn fánach agus ba chóir go gcinntítear go n-úsáidtear eolas measúnaithe le hidirghabháil agus tacaíocht a chur ar fáil atá oiriúnach do chéim fhoghlama an pháiste.

Mar gheall ar an Acht Oideachais (1998) agus ar an Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004), ní mór don scoil a chinntiú go ndéantear riachtanais oideachais gach páiste a shainaithint, páistí faoi mhíchumas nó páistí le riachtanais speisialta oideachais eile san áireamh, agus ní mór don scoil freastal orthu. Dá bhrí sin, ba chóir go dtagraíonn polasaí measúnaithe na scoile do ról an mheasúnaithe dhiagnóisigh, agus ba chóir go sonraítear na huirlisí diagnóiseacha a úsáidfear chomh maith le scála ama na n-idirghabhálacha. Ar an dóigh chéanna, ba chóir go sonraítear nósanna imeachta na scoile maidir le riachtanais pháistí ardchumais a shainaithint agus a fhreagairt. Faoi théarmaí an Achta um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004), ba chóir go mbeadh Plean Oideachais pearsanta ag gach páiste a meastar riachtanais speisialta oideachais a bheith acu. Ba chóir go léirítear i bpolasaí measúnaithe na scoile na nósanna imeachta le haghaidh an plean seo a dhréachtú agus a úsáid d'fhonn tacú le foghlaim an pháiste. Agus an Plean Oideachais á ullmhú, ní mór dul i gcomhairle le tuismitheoirí an pháiste, leis an Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) atá freagrach as an scoil atá i gceist agus le *duine ar bith eile a mheasann an príomhoide a bheith iomchuí* (Acht EPSEN, 2004, Alt 9 (a)).

**Measúnú sna luathbhlianta**

Páirt neamhfhoirmiúil agus nádúrtha d'idirghníomhaíochtaí an mhúinteora leis na páistí is ea measúnú sna luathbhlianta. Déantar cuid mhór den mheasúnú trí dhírbhreathnú a dhéanamh ar an pháiste, plé a dhéanamh leis an bpáiste, agus éisteacht leis an bpáiste i gcásanna éagsúla foghlama.

De bhrí gurb iad na luathbhlianta a thugann bonn d'fhoghlaim ina dhiaidh sin, tá sé tábhachtach go sainaithnítear páiste a bhfuil deacrachtaí foghlama aige/aici chomh luath agus is féidir. D'fhonn é seo a éascú, ba chóir go gcuireann an scoil polasaí scagtha i bhfeidhm sa dara bliain scoile, roimh mhí Feabhra sa dara téarma más féidir. Is éard atá i gceist le scagadh ná dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste agus trialacha grúpaí agus daoine aonair i luath-litearthacht, i luath-uimhearthacht agus i luath-scileanna forbartha. Nuair a fhaigheann múinteoir na naíonán eolas ó thrialacha scagtha, agus ó dhírbhreathnú ó lá go lá, bíonn measúnú níos cruinne ar láidreachtaí agus riachtanais fhoghlama an pháiste. Tá seo tábhachtach i gcás páistí níos óige go háirithe nó ní bhíonn patrún seicheamhach ar an bhfoghlaim.

Má dhéantar scagadh, tá sé níos fusa deacrachtaí foghlama a shainaithint go luath agus is féidir cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí an pháiste. Bíonn an múinteoir ábalta tacaíocht chuí a eagrú bunaithe ar *Shamhail Chéimnithe na hIdirghabhála* (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais) (féach lch. 97). De réir na samhla seo oibríonn an múinteoir le tuismitheoirí an pháiste, agus téann sé/sí i gcomhchomhairle le síceolaí de chuid NEPS, agus eagraíonn sé/sí tacaíocht fhoghlama nó teagasc acmhainne agus/nó rochtain ar theiripí éagsúla don pháiste, más gá. Tá eolas faoi fhorbairt phlean scoile uile maidir le tacaíocht foghlama le fáil sna *Treoirlínte do Thacaíocht Foghlama* (2000), agus cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm clár luath-idirghabhála.

Foilsofar tuilleadh treoirlínte mionsonraithe ar mheasúnú sna luathbhlianta in 2008 mar chuid den *Chreat don Luath-Fhoghlaim*.

**Measúnú sna ranganna láir agus sna ranganna sinsir**

Faoi mar a bhíonn sé i gcás páistí óga, ba chóir go leagtar amach na modhanna measúnaithe a úsáidtear le páistí sna ranganna láir agus sna ranganna sinsir i bpolasaí na scoile. Ina theannta sin, ba chóir socruithe do thrialacha caighdeánaithe na scoile a shonrú. **Caithfidh scoileanna an t-íoschaighdeán a chomhlíonadh maidir le trialacha caighdéanaithe a riaradh i litearthacht agus in uimhearthacht ag deireadh rang a haon/tús rang a dó agus ag deireadh rang a ceathair/tús rang a cúig.** Ba chóir go sonraítear na trialacha a úsáidfear, an uair a ndéanfar na trialacha, agus an dóigh a n-úsáidfear na torthaí sa pholasaí measúnaithe.

Beidh an uair a ndéanfar na trialacha ag brath ar chuspóir na dtrialacha, is é sin cé acu a ndéanfar iad ag deireadh nó ag tús an ranga ábhartha. Go ginearálta, dá luaithe a dhéantar measúnú ar chúiseanna diagnóiseacha, is ea is dóchúla é go dtiocfaidh idirghabháil chun leasa an pháiste. Má dhéantar trialacha ag tús na bliana bíonn scoileanna ábalta idirghabhálacha cuí a fhorbairt do pháistí áirithe, agus má dhéantar trialacha ag deireadh na bliana bíonn scoileanna ábalta cinntí socrúcháin agus cinntí a bhaineann le dul chun cinn a dhéanamh bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe. Roghnaíonn múinteoirí amanna agus seichimh éagsúla agus iad ag clúdach gnéithe éagsúla den churaclam le ranganna éagsúla. Cruthaíonn seo dúshláin maidir le cinneadh ar an am den bhliain scoile ar chóir trialacha a thabhairt. Ina ainneoin seo, is é cuspóir an mheasúnaithe an rud is tábhachtaí.

## Cén dóigh ar chóir foghlaim páistí a mheasúnú?

Má úsáideann múinteoirí eolas a bailíodh ó mhodhanna éagsúla measúnaithe, thar thréimhse ama, bíonn siad ábalta léargas mionsonraithe a fháil de dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an pháiste. Mar a luadh cheana, is amhlaidh atá seo ábhartha i gcás páistí óga go háirithe de bhrí go mbíonn a bhfoghlaim an-chomhthéacsaithe, agus dá bhrí sin ní bhíonn an t-eolas meaúnaithe (ó scóir thrialach chomh maith) chomh iontaofa is a mbíonn i gcás páistí níos sine. Má thuigeann an múinteoir an comhthéacs ina ndéantar an measúnú, bíonn léirmhíniú níos fearr

aige/aici ar an eolas a bailíodh. Dá bhrí sin, bíonn sé níos fusa aige/aici an próiseas foghlama a thuiscint ó pheirspictíocht an pháiste.

I Rannán 2 de na treoirlíne seo soláthraítear eolas ar raon leathan modhanna measúnaithe do scoileanna. Tá sé tábhachtach go roghnaítear modhanna atá oiriúnach do chuspóir an mheasúnaithe agus d'aoiseanna agus céimeanna forbartha na bpáistí chomh maith. Tá impleachtaí ag an Acht um Chomhstádas (2000) do scoileanna maidir leis an rogha seo a dhéanamh fosta. Cuireann an tAcht seo comhionannas chun cinn agus cuireann sé cosc ar chineálacha áirithe leatroim, mar shampla, leatrom de bharr creidimh, aoise, míchumais, nó ballraíochta de phobal mionlaigh. Dá bhrí sin, ní féidir leis na modhanna measúnaithe a úsáidtear le heolas a bhailiú ar pháistí leatrom a dhéanamh orthu ar bhealach ar bith. Ní mór do scoileanna bheith feasach ar na héifeachtaí a bhíonn ag comhthéacs, cultúr agus teanga ar mheasúnú agus ní mór a chinntiú go ndéantar measúnuithe ar bhealach atá oiriúnach do pháistí. Mar shampla, ba chóir go sainaithneodh agus go rachfadh baill foirne i ngleic le gnéithe den mheasúnú a bhaineann le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus bealaí cuí eile a úsáid más gá. I gcás roinnt páistí, b'fhéidir go mbeidh ar an múinteoir bealaí a scrúdú leis an dul chun cinn agus an ghnóthachtáil atá oiriúnach go leor do leibhéal ábaltachta gach páiste a shainaithint. B'fhéidir go gcuirfear níos mó luacha ar an dóigh a dtugann an páiste faoi ghníomhaíocht agus ar an dóigh a bhfreagraíonn sé/sí don ghníomhaíocht sin, nó b'fhéidir go dtabharfar breis ama don pháiste le gníomhaíocht a chur i gcrích. De rogha air sin, b'fhéidir nach mbeadh an oiread tacaíochta de dhíth ag an bpáiste le gníomhaíocht a chur i gcrích. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar mheasúnú do dhaltaí le míchumais ghinearálta foghlama ar *Threoirlínte do Mhúinteoirí a bhfuil Daltaí le Míchumais Ginearálta Foghlama sa rang—Réamhrá* (CNCM, 2007), agus ar láithreán gréasáin na CNCM ag **www.ncca.ie/uploadedfiles/Publications/SEN_introduction.pdf**.

## Cén áit ar chóir eolas measúnaithe a thaifeadadh?

Agus ceanglais an Achta Oideachais (1998) á gcomhlíonadh cruthaíonn agus coinníonn scoileanna taifid aonair d'fhoghlaim na bpáistí atá ag freastal ar an scoil. Cuireann siad tuairiscí measúnaithe ar fáil do na tuismitheoirí, tuairiscí ina mbíonn eolas cruinn agus so-aimsithe faoi dhul chun cinn agus ghnóthachtáil a bpáistí. Coinníonn an scoil trí chineál taifead:

- taifid laethúla an mhúinteora
- Comhad an Dalta
- an Cárta Tuairisce.

**Taifid an Mhúinteora**

De ghnách, coinníonn an múinteoir taifead laethúil dírbhreathnuithe, nótaí, teagmhas, srl de réir mar a tharlaíonn siad sa seomra ranga agus sa chlós. Leis an gcineál seo taifid, bíonn eolas breise faoin pháiste ag an múinteoir, rud a chuidíonn leis/léi freastal ar riachtanais páistí aonair ar bhealach níos éifeachtúla. Bíonn sé mar bhonn eolais d'eagrú sheomra ranga an mhúinteora chomh maith.

**Comhad an Dalta**

Úsáideann múinteoirí Comhad an Dalta d'fhonn eolas ar gach gné d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an pháiste a thaifeadadh. Soláthraíonn an Comhad stair bheacht oideachasúil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil an pháiste i rith gach scoilbhliana. Ba chóir comhad amháin in aghaidh an pháiste a choinneáil. Ba chóir é a úsáid le cáipéisí a stóráil a líon an múinteoir ranga, a líon an múinteoir tacaíochta foghlama, agus a líon an múinteoir acmhainne (más infheidhme). Is iad príomhfheidhmeanna Chomhad an Dalta ná

- tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus do pháistí araon maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim agus an fhoghlaim in a struchtúrú
- eolas a chur ar fáil do mhúinteoirí agus iad ag ullmhú tuairiscí do thuismitheoirí
- eolas a chur ar fáil do mhúinteoirí a bheidh freagrach as oideachas an pháiste amach anseo.

I gComhad an Dalta cuirtear san áireamh láidreachtaí agus laigí an pháiste, an dul chun cinn atá déanta aige/aici, agus réimse ar bith foghlama nó forbartha lena bhfuil gá le breis airde. Is féidir eolas úsáideach nó ábhartha ar bith eile a stóráil i gComhad an Dalta chomh maith, cosúil le sonraí teagmhála baile, sonraí rollaithe, taifead ar thinreamh scoile, stair leighis (más cuí), eolas faoi eispéiris sa réamhscoil (má cuireadh ar fáil don scoil é nuair a d'aistrigh an páiste), agus táirgí an mheasúnaithe (mar shampla, leabhráin chomhlánaithe de trialacha caighdeánaithe). D'fhéadfaí go roghnaíonn an scoil Comhad an Dalta a chruthú i bhfoirm scríofa (cóip chrua) nó i bhfoirm leictreonach. Má stóráiltear go leictreonach é, ba chóir cóip chrua a choinneáil mar chúltaca.

**Cárta Tuairisce**

Is gné thábhachtach í an Cárta Tuairisce de Chomhad an Dalta ina dtaifeadtar eolas suntasach faoi dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an pháiste (lena n-áirítear suimeanna, láidreachtaí agus riachtanais). Is é príomhchuspóir an Chárta Tuairisce ná eolas measúnaithe a roinnt le tuismitheoirí i bhformáid inrochtana sa dóigh is go mbeidh siad ábalta an t-eolas a úsáid d'fhonn cuidiú lena bpáistí foghlaim, agus mar sin bíonn nasc níos láidre idir an scoil agus an baile.

Is féidir eolas measúnaithe a thaifeadadh ar an gCárta Tuairisce dhá uair sa bhliain. Líonann gach duine a thugann teagasc don páiste an cárta i rith oideachas bunscoile an pháiste sin. Taifeadtar torthaí measúnaithe na bpáistí d'fhonn an eolas is ábhartha agus is úsáidí faoi dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an pháiste a roinnt le tuismitheoirí, le múinteoirí, agus le gairmithe eile a bhfuil baint acu le hoideachas an pháiste. Tá an CNCM ag comhoibriú le scoileanna faoi láthair d'fhonn teimpléid do chártaí náisiúnta tuairisce a fhorbairt.

## Cén dóigh ar chóir eolas measúnaithe a thaifeadadh?

Is féidir eolas measúnaithe a thaifeadadh i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear marcanna, grádanna, seicliostaí, próifílí, agus tráchtanna insinte. (Féach Rannán 2.) Ba chóir go gcuimhníonn múinteoirí gur ceart go dtugann siad tráchtanna cothroma a thabharfaidh treoir don pháiste. Moltar go scríobhtar tráchtanna a chuirtear isteach i gComhad an Dalta agus ar an gCárta Tuairisce ar bhealach dearfach d'fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt do theagasc agus d'fhoghlaim. Ní mór do scoileanna aire a thabhairt ar lucht léitheoireachta na gcáipéisí seo agus iad á líonadh isteach.

Ba chóir go bhfuil an t-eolas measúnaithe atá i gComhad an Dalta agus ar an gCárta Tuairisce inrochtana agus sothuigthe do gach páirtí leasmhar. Mar sin de, beidh gá le sóiléireacht agus le comhsheasmhacht i dtaifeadadh agus i dtuairisciú an eolais mheasúnaithe ó mhúinteoir go múinteoir laistigh den scoil agus i dtuairisciú an eolais do thuismitheoirí ag céimeanna éagsúla d'oideachas bunscoile a bpáistí. Tá gá le comhsheasmhacht agus soiléire i roinnt an eolais mheasúnaithe idir scoileanna, go háirithe má chuirtear gluaiseacht mhéadaithe dhaonra scoile san áireamh.

## Cé lenar chóir eolas measúnaithe a roinnt?

De réir an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003 tá sé de cheart ag tuismitheoirí eolas rialta a fháil ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil a bpáistí faoin Acht Oideachais. Faoin Acht tá tuismitheoirí daltaí atá faoi ocht mbliana déag d'aois (agus na daltaí féin, nuair a shroicheann siad ocht mbliana déag) i dteideal rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta uile a bhaineann leis an dalta sin, cé acu a stóráiltear iad i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm cóipe crua agus/nó cóipe láimhe i gcóras comhdaithe struchtúrtha sa scoil. (Bíonn eolas measúnaithe nó sonraí pearsanta ar bith a thaifeadann an scoil faoi théarmaí an Achta seo, lena n-áirítear taifid fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla scoile, cé acu atá siad i bhfoirm uathoibrithe nó i bhfoirm láimhe.)

Éilíonn reachtaíocht ar an scoil eolas measúnaithe a thuairisciú nuair a iarrtar é ó mhúinteoirí eile, scoileanna eile nó ó na páistí féin, más cuí. Tá sé d'oibleagáid ar an scoil eolas measúnaithe a roinnt le daoine aonair a bhfuil baint acu le hoideachas an pháiste chomh maith. Áirítear orthu seo cigirí REO, síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), Eagraithe um Riachtanais Speisialta Oideachais (SENOana), agus Oifigigh Leasa Oideachais, chomh maith le gairmithe eile cosúil le teiripeoirí urlabhra agus teanga agus teiripeoirí ceirde. Má roinntear an t-eolas seo le gairmithe eile, bíonn eispéiris oideachasúla níos fearr ag an bpáiste. Trí polasaí ar mheasúnú a fhorbairt, ní mór do scoileanna breac-chuntas a thabhairt ar an dóigh a gcinntóidh siad go mbeidh achoimre bheacht iomlán ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil gach páiste ar fáil do na daoine ábhartha thuasluaite.

In Aguisín D (lch. 97) tugtar breac-chuntas ar róil na n-eagraíochtaí éagsúla maidir lena n-obair leis an scoil chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim na bpáistí.

## Cén dóigh ar chóir eolas measúnaithe a roinnt le daoine eile?

Ba chóir go bhfuil eolas measúnaithe a chuirtear i láthair inrochtana do pháirithe ábhartha. Agus polasaí measúnaithe na scoile á fhorbairt acu, ní mór don scoil an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- **Cé dó a dhéanfaidh an scoil an t-eolas measúnaithe a thuairisciú?**
- **Cén dóigh a ndéanfar an t-eolas measúnaithe a thuairisciú?**
- **Cé chomh minic is a ndéanfar an t-eolas measúnaithe a thuairisciú?**
- **Cad é an téarmaíocht a úsáidfear le heolas measúnaithe a thuairisciú (is é sin, cad é an téarmaíocht a bhfuil baill foirne agus tuismitheoirí eolach uirthi)?**

Ba chóir torthaí an mheasúnaithe a thuairisciú do thuismitheoirí **dhá uair i ngach scoilbhliain. Ba chóir tuairisc scríofa a chur chucu ar cheann de na hócáidí seo ag deireadh na scoilbhliana**, más féidir. D'fhéadfaí gur cruinniú é an ócáid eile nó cruinniú le tuairisc scríofa. Socraíonn an scoil an t-am is oiriúnaí do na tuairiscí agus na cruinnithe seo, agus is féidir an t-amchlár seo a chuimsiú i bpolasaí measúnaithe na scoile. Chomh maith leis na cruinnithe foirmiúla seo, is féidir le múinteoirí bualadh le tuismitheoirí go neamhfhoirmiúil. Ba chóir go bhfuil cuntas soiléir sa pholasaí measúnaithe ar na cinntí a dhéanann an scoil maidir le cé chomh minic a thuairiscíonn an scoil do na tuismitheoirí agus an modh tuairiscithe a úsáideann sí.

Is dócha go mbeadh sé úsáideach do scoileanna dá ndéanfaí formáid do chruinnithe tuismitheora/múinteora a chomhaontú. D'fhéadfaí *Treoir chruinnithe* a fhorbairt le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun na cruinnithe seo a shocrú. Sa Treoir chruinnithe seo, b'fhéidir go mbeadh freagra ar cheisteanna ar an úsáid is fearr a bhaint as an am atá ar fáil, ar thuairisc an pháiste a chur i láthair ar an modh is dearfaí agus is cuidiúla, ar úsáid focal a thuigeann na tuismitheoirí uile seachas téarmaí teicniúla agus sainiúla, agus ar threoirlínte a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le bealaí inár féidir leo tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim a bpáistí. Agus DVD do thuismitheoirí a fhorlíonadh, *The What, Why and How of children's learning in the primary school* (CNCM, 2006), forbróidh an CNCM acmhainn do scoileanna a chuideoidh le tuismitheoirí eolas measúnaithe a thuiscint agus a úsáid le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim a bpáistí. Cuimseoidh an acmhainn seo eolas maidir le scóir thrialacha caighdéanaithe a thuiscint.

Ba chóir go gceadódh an príomhoide rochtain ar eolas measúnaithe do dhaoine eile seachas tuismitheoirí na bpáistí (arna lua san fho-rannán roimhe seo). D'fhéadfaí go mbeadh gá le tráchtaireacht nó léirmhíniú ó mhúinteoir nó ón bpríomhoide don chineál seo rochtana.

Ar deireadh, maidir le heolas ábhartha a aistriú idir bunscoileanna (má athraíonn an páiste bunscoileanna), chomh maith le heolas ábhartha a aistriú idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ba chóir nósanna imeachta a ionchorprú sa pholasaí.

## Cén fad ama ar chóir eolas measúnaithe a stóráil?

Ba chóir breac-chuntas ar an dóigh agus ar an áit a stóráiltear eolas measúnaithe ar pháistí aonair a bheith i bpolasaí measúnaithe na scoile. Is féidir le páistí eolas measúnaithe a iarraidh faoi chionn roinnt blianta i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil. (Níl líon na mblianta sonraithe sa reachtaíocht go fóill.) Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go stórálann scoileanna an t-eolas seo ar mhodh sábháilte d'fhonn go mbeadh rochtain ag iardhaltaí air uair ar bith sula sroicheann siad fiche a haon. Is féidir an t-eolas measúnaithe a iarraidh ó scoileanna faoin Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003). Ní mór eolas a stóráiltear ar ríomhairí a chosaint sa dóigh is go mbíonn rochtain theoranta air. Ní mór cóipeanna cúltaca den eolas a chruthú, lipéad a chur orthu, agus iad a stóráil ar mhodh sábháilte.



# AGUISÍNÍ & LEABARLIOSTA



# Aguisín A
# Tuilleadh eolais ar mhodhanna measúnaithe sa seomra ranga

San aguisín seo cuirtear eolas breise i láthair ar fhéinmheasúnú, ar cheistiú, agus ar thascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir faoi mar a leagtar síos i Rannán 2. Áirítear air seo eolas ar na rudaí seo leanas:

**Féinmheasúnú**
- Rúibricí
- Ordóga suas/ordóga síos
- Soilse tráchta
- Léaráidí *Móide, Lúide agus Suimiúil (PMI)*
- Chomhpháirtithe/dlúthchairde cainte
- Dréimirí

**Ceistiú**
- Cineálacha ceisteanna

**Tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir**
- Pleanáil le haghaidh taisc bunaithe sa seomra ranga
- Cineálacha ceisteanna.

In Aguisín B soláthraítear roinnt acmhainní ar féidir fótachóip a dhéanamh dóibh le húsáid le féinmheasúnú, le measúnú fillteán tionscadail, agus le tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir. Foilseofar obair leanúnach CNCM maidir le tacú a thabhairt do mheasúnú i *gCuraclam na Bunscoile* ar líne ar láithreán gréasáin ACTION (Measúnú, Curaclam, agus Nuálaíocht Teagaisc ar an Idirlíon) ag **http://www.ncca.ie**.

## Féinmheasúnú

**Rúibricí**

Tugann Rannán 2 samplaí de rúibric á húsáid le haghaidh féinmheasúnaithe (lch. 15) agus le haghaidh comhdhála (lch. 25). Go hachomair, uirlis mheasúnaithe is ea rúibric a dhéanann cur síos ar leibhéil éagsúla cáilíochta i bpíosa oibre faoi leith. Is féidir í a úsáid le gníomhaíochtaí simplí foghlama a mheasúnú chomh maith le tascanna níos casta. Is féidir í a athchóiriú lena húsáid ar fud leibhéil ranga fosta.

Is féidir leis an múinteoir rúibric a dhearadh é/í féin nó is féidir leis an múinteoir í a dhearadh in éineacht leis na páistí. Nuair a thugtar rúibric isteach i rang ar dtús ba chóir go mbeadh sí i bhfoirm shimplí, agus ba chóir í a úsáid le réimse foghlama amháin go dtí go n-éiríonn na páistí cleachta léi agus leis an dóigh a n-úsáidtear í. Is féidir rúibricí simplí a úsáid le ranganna naíonán a bhfuil aghaidheanna nó siombailí eile d'fhonn 'leibhéil sástachtachta' a léiriú. Is féidir cuidiú le páistí lena n-obair féin a mheasúnú ar bhealaí an-simplí trí thráchtanna a thabhairt i bhfocail ar an méid atá déanta acu, ag díriú ar cé acu atá siad sásta leis, cad a bhí dúil acu faoi nó cad nach raibh dúil acu faoi, nó cad ba mhaith leo a dhéanamh le feabhas a chur air an chéad am eile. Is féidir leis an múinteoir rúibricí a úsáid leis na critéir ar a measfar a n-obair a chur in iúl do na páisti.

Tá dhá bhunghné ag rúibric: (1) liosta critéar, i.e. gnéithe tábhachtacha na hoibre, agus (2) leibhéil cáilíochta, i.e. cén chuma atá ar na gnéithe oibre ag gach leibhéal cáilíochta. Is é seo thíos rúibric arna fhorbairt ag Airasian (2000) d'fhonn scór a thabhairt do phíosaí scríbhneoireachta.

**Rúibric scórála—scríbhneoireacht le haghaidh smaointe pearsanta a chur in iúl**

| Pointí | An rud a chiallaíonn na pointí |
|---|---|
| 3 | • *Forbairt:* forbraítear smaointe go dtí smaointe críochnaithe dea-fhorbartha iomlána go seasta<br>• *Eagrúchán:* seichimh ar bhealach loighciúil agus éifeachtúil<br>• *Fócas ar an lucht léite:* réamh-mheastar agus freagraítear riachtanais agus ceisteanna an luchta léite<br>• *Teanga:* úsáidtear teanga a threisíonn scríbhneoireacht go seasta. |
| 2 | • *Forbairt:* forbraítear smaointe go páirteach ach ní bhíonn smaointe críochnaithe dea-fhorbartha iomlána ann<br>• *Eagrúchán:* ordaítear smaointe ionas gur féidir leis na léitheoirí iad a leanúint<br>• *Fócas ar an lucht léite:* réamh-mheastar agus freagraítear riachtanais agus ceisteanna an luchta léite de ghnáth<br>• *Teanga:* úsáidtear teanga a threisíonn scríbhneoireacht go minic. |
| 1 | • *Forbairt:* is annamh a fhorbraítear smaointe, bíonn smaointe lagfhorbartha agus neamhchríochnaithe ann<br>• *Eagrúchán:* ordaítear smaointe de ghnáth ach cuirtear isteach ar an scéal corruair<br>• *Fócas ar an lucht léite:* réamh-mheastar agus freagraítear riachtanais agus ceisteanna an luchta léite corruair<br>• *Teanga:* úsáidtear teanga a threisíonn scríbhneoireacht corruair. |
| 0 | • *Forbairt:* ní fhorbraítear smaointe go dtí smaointe iomlána<br>• *Eagrúchán:* Is annamh a léirítear ordú loighciúil smaointe<br>• *Fócas ar an lucht léite:* ní dhéantar iarracht riachtanais agus ceisteanna an luchta léite a réamh-mheas nó a fhreagairt<br>• *Teanga:* ní úsáidtear teanga a threisíonn scríbhneoireacht. |

**Ordóga suas/ordóga síos**
Is éard atá i gcéist le hordóga suas/ordóga síos ná go léiríonn páiste a leibhéal tuisceana nó a mothúcháin trína n-ordóga a chur suas nó síos.


**Soilse tráchta**
Tá soilse tráchta cosúil le hordóga suas/ordóga síos. Bíonn siad ábalta cuidiú le páiste a leibhéal tuisceana nó a mothúcháin a léiriú tríd an chárta daite cuí a thaispeáint:

- **cárta dearg = Ní thuigim.**
- **cárta ómrach = Níl mé cinnte go fóill.**
- **cárta glas = Tuigim!**

Is féidir leis na páistí soilse tráchta a úsáid ag am ar bith le linn ceachta. Tá an teicníocht seo úsáideach in obair ghrúpa agus seisiúin an ranga uile go háirithe, agus le páistí óige chomh maith.

**Léaráidí Móide, Lúide agus Suimiúil (PMI)**
Is féidir le páistí léaráidí PMI a úsáid lena n-obair féin a mheasúnú trí ghnéithe móide, lúide agus suimiúla dá gcuid oibre a shainaithint. Cuidíonn an teicníocht seo leo an rud a d'oibrigh dóibh agus an rud nár oibrigh dóibh ina gcuid foghlama a shainaithint. Is féidir léaráid PMI a tharraingt mar ghraif, mar chairteacha nó mar tháblaí. Seo thíos sampla de chairt PMI.

**Cairt PMI shamplach**





**Comhpháirtithe/dlúthchairde cainte**
Is éard atá i gceist le comhpháirithe/dlúthchairde cainte ná go roinneann páistí eolas lena chéile faoina bhfoghlaim. Mar shampla, b'fhéidir go sainaithneodh páistí trí rud nua atá foghlamtha acu, rud a bhí furasta acu, rud a bhí deacair acu, agus rud éigin a bheadh dúil acu a fhoghlaim amach anseo lena chomhpháirithe/dlúthchairde cainte. Go hidéalach is éard a bheadh sa chomhpháirtí/dlúthchara cainte ná duine a bheadh múinín ag an bpáiste ann/inti agus lena mbeadh an páiste sásta smaointe a roinnt.

**Dréimirí**
Uirlis féinmheasúnaithe is ea dréimire a chuidíonn le páistí réimsí soiléireachta agus codanna dá gcuid oibre ina bhfuil deacracht acu a ghrádú, a chur in ord tosaíochta agus a shainaithint. Déanann páistí cinntí faoina bhfoghlaim trí fhreagairt ar cheisteanna amhail:

- **Cén chuid den obair ba thábhachtaí?**
- **Cén chuid den obair a bhí níos mó tuisceana agam uirthi?**
- **Cén chuid den obair nár thuig mé?**
- **Cén chuid den obair a bhí deacair?**

Grádaíonn siad na freagraí ar na ceisteanna seo ar an dréimire.

**Dréimire samplach**



## Ceistiú

Tá breac-chuntas ar chineálacha éagsúla ceisteanna bunaithe ar Tacsanamaíocht Bloom (Krathwohl, 2002) sa tábla seo a leanas, mar aon le samplaí do gach cineál.

**Tacsanamaíocht um cheistiú Bloom**

| |
|---|
| **Meastóireacht** |
| **Sintéis** |
| **Anailís** |
| **Feidhmiúchán** |
| **Tuiscint** |
| **Eolas** |

**Eolas**

| **Leideanna ceiste** | | **Ceisteanna samplacha** |
|---|---|---|
| inis | déan liosta | Cad a tharla i ndiaidh …?<br>Ca mhéad …?<br>Cé a …?<br>An bhfuil tú ábalta … a ainmniú?<br>Déan cur síos ar a tharla …<br>Cé a labhair le …?<br>Inis cén fáth …?<br>Cad é an chiall atá le …?<br>Cad é …?<br>Cé acu atá fíor nó bréagach …? |
| sainmhínigh | ainmnigh | |
| cá huair | cá háit | |
| sainaithin | taispeáin | |
| abair | aimsigh | |
| inis | cé | |

**Tuiscint**

| **Leideanna ceiste** | | **Ceisteanna samplacha** |
|---|---|---|
| athinis | achoimrigh | An bhfuil tú ábalta … a scríobh i d'fhocail féin?<br>An bhfuil tú ábalta breac-chuntas gairid a scríobh …?<br>I do bharúil, cad é a d'fhéadfaí tarlú ina dhiaidh sin?<br>Cad a shíleann tú …?<br>Cad é an príomhsmaointe …?<br>Cé hé/hí an príomhcharachtar …?<br>An féidir leat idirdhealú a dhéanamh idir …?<br>Cad iad na difríochtaí idir …?<br>An féidir leat sampla a thabhairt faoin rud atá i gceist agat?<br>An féidir leat sainmhíniú a thabhairt ar …? |
| déan cur síos | mínigh | |
| pléigh | léirmhínigh | |
| tabhair breac-chuntas | tuar | |
| athabair | déan comparáid | |
| meas | cuir i gcodarsnacht | |

**Feidhmiúchán**

| Leideanna ceiste | | Ceisteanna samplacha |
|---|---|---|
| réitigh | taispeáin | An bhfuil a fhios agat faoi chás eile nuair …?<br>An bhféadfaí seo a tharlú …?<br>An féidir leat tréithe cosúil le … a ghrúpáil?<br>Cad iad na fachtóirí a n-athrófá dá …?<br>An féidir leat an modh a úsáideadh a léiriú i gcás eispéiris de do chuid féin …?<br>Cad iad na ceisteanna a chuirfeá ar …?<br>Ón eolas a tugadh, an bhfuil tú ábalta roinnt treoracha a fhorbairt faoi …?<br>An mbeadh an t-eolas seo úsáideach dá mbeadh … agat? |
| úsáid | léirigh | |
| tóg | críochnaigh | |
| scrúdaigh | rangaigh | |
| cuir | taispeáin | |
| comhairigh | mionathraigh | |

**Anailís**

| Leideanna ceiste | | Ceisteanna samplacha |
|---|---|---|
| déan anailís | dean idirdhealú | Cad iad na himeachtaí a d'fhéadfadh tarlú …?<br>Dá dtarlódh …, cén deireadh a d'fhéadfadh a bheith air?<br>Cén dóigh a raibh seo cosúil le …?<br>Cén buntéama a bhí ar …?<br>Cad iad na torthaí féideartha eile dar leat …?<br>Cén fáth ar tharla athraithe …?<br>An féidir leat do … a chur i gcomparáid lena léiríodh i …?<br>Cén dóigh a bhfuil … cosúil le …?<br>Cén fhadhb a bhí le …?<br>Cén fhianaise ar féidir leat a liostáil do …? |
| déan comparáid | cuir i gcodarsnacht | |
| fiosraigh | catagóirigh | |
| sainaithin | deighil | |
| ordaigh | mínigh | |
| nasc | infeirigh | |

**Sintéis**

| Leideanna ceiste | | Ceisteanna samplacha |
|---|---|---|
| cruthaigh | ceap | An féidir leat … a dhearadh chun …?<br>An féidir leat amhrán a chumadh faoi …?<br>An féidir leat réiteach féideartha a fheiceáil ar …?<br>Dá mbeadh rochtain agat ar gach acmhainn cén dóigh a ndéileálfá le …?<br>Cum do bhealach féin le déileáil le …?<br>Cad a tharlódh dá …?<br>Cá mhéad bealach ar féidir leat …?<br>An féidir lear úsáidí nua agus neamhghnácha a chruthú do …?<br>An féidir leat moladh a fhorbairt a …? |
| cum | tuar | |
| pleanáil | tóg | |
| dear | samhlaigh | |
| mol | cum | |
| foirmligh | comhcheangail | |

**Meastóireacht**

| Leideanna ceiste | | Ceisteanna samplacha |
|---|---|---|
| meas | roghnaigh | An bhfuil réiteach níos fearr ar …?<br>Meas luach an/na …?<br>An féidir do dhearcadh faoi … a chosaint<br>An síleann tú gur rud maith nó olc atá i …?<br>Cén dóigh a láimhseálfa …?<br>Cad iad na hathruithe a mholfá ar …?<br>Cad é a thuarfá/a bhainfeá as …?<br>Cé chomh héifeachtúil is atá …?<br>Cad a shíleann tu faoi …?<br>Cén dóigh a gcruthfá/ndearfá … nua? |
| roghnaigh | socraigh | |
| tabhair cúis le | pléigh | |
| fíoraigh | tabhair argóint | |
| mol | measúnaigh | |
| grádaigh | cuir in ord tosaíochta | |

## Tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir

**Bileoga pleanála**

Bíonn bileoga pleanála úsáideach nuair a bhíonn tascanna á n-ullmhú mar mhodh measúnaithe. Taispeántar bileog pleanála shamplach thíos agus tá leagan ar féidir fótachóip a dhéanamh de le fáil in Aguisín B, lch. 94.

| **Rang(anna)** | **Dáta** | **Ábha(i)r** | **Cupsóirí curaclaim** |
|---|---|---|---|
| Cén rang(anna) a bhfuil na páistí ann/iontu? | Cén dáta a ndéanfaidh na páistí an tasc/na tascanna? | Cén ábha(i)r a bhfuil measúnú á dhéanamh air á ndéanamh orthú? | Cad iad na cuspóirí curaclaim a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu le linn an taisc/na dtascanna? |
| **Acmhainní** | **Am** | **Eagrúchán** | **Gníomhartha** |
| Cad iad na hacmhainní atá de dhíth ar na páistí? | Cá mhéad ama a ghlacfaidh sé leis na tascanna a dhéanamh? | Cén eagrúchán seomra ranga is oiriúnaí ó thaobh pháirteachas na bpáistí agus ó thaobh an ghá le measúnú an mhúinteora a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil? (rang uile, grúpa, péire, nó páiste aonair) | Cad iad na príomhghníomhartha ar chóir don mhúinteoir a ghlacadh ón gcéad chur i láthair do na páistí, trí chéimeanna éagsúla na dtascanna, go dtí an deireadh? |
| **Nótaí an mhúinteora:** | | | |

**Ceisteanna trialach samplacha**

Léiríonn samplaí 1-11 thíos raon de chineálacha ceisteanna a bheadh úsáideach do mhúinteoirí agus iad ag ullmhú trialacha páipéir agus pinn luaidhe.

**Sampla 1: Ceisteanna trialach iata**

Úsáidtear ceisteanna trialach iata de ghnáth le freagra sainiúil a fháil a bhíonn ceart nó mícheart, faoi mar atá sa sampla seo a leanas.

Ceist trialach iata shamplach: 2, 4, 8, … Cad í an chéad uimhir eile? B'fhéidir go léireodh freagra de 10 gur ceapadh gur méadú simplí de 2 a bhí sa nasc idir na huimhreacha, in áit an uimhir dheireanach a dhúblail.

**Sampla 2: Ceisteanna trialach oscailte**

Bíonn níos mó freagraí i gceist le ceisteanna trialach oscailte ná a bhíonn le ceisteanna trialach iata faoi mar a léirítear sa sampla seo a leanas.

Ceist trialach oscailte shamplach: Ainmnigh ceann de na locha ar an Sionain.

**Sampla 3: Ceisteanna ilfhreagartha**

Is féidir go mbeadh raon freagraí ar cheisteanna ilfhreagartha agus is féidir iad a réiteach ar roinnt bealaí faoi mar a léirítear sa sampla seo a leanas.

Ceist ilfhreagartha shamplach: ☐ + ☐ = 9

**Sampla 4: Ceisteanna saorfhreagartha**

Bíonn raon freagraí níos fairsinge fós ar cheisteanna saorfhreagartha ná mar a bhíonn le ceisteanna ilfhreagartha. Is féidir le ceisteanna a éilíonn freagraí insinte eolas a sholáthar don mhúinteoir faoi dhoimhneacht agus fairsinge tuisceana an pháiste, faoi smaointeoireacht an pháiste, agus faoi na réimsí a mbeadh tuilleadh tacaíochta nó oibre de dhíth air/uirthi.

Ceist saorfhreagartha shamplach: Scríobh alt faoi chuspóir na dtithe súip i rith an Ghorta Móir.

Tá sé inmholta go gcuirtear struchtúr ar an gceist lena shainaithint cé acu a léiríonn an páiste fíorthuiscint ar an topaic nó ar an saincheist a phléitear sa cheist, seachas freagra neamhstruchtúrtha a iarraidh, rud a d'fhéadfaí bearnaí in eolas an pháiste a cheilt, mar shampla:

Ceist saorfhreagartha shamplach: Aimnigh trí fhachtóir a chuir le tús an Ghorta Móir.

**Sampla 5: Freagraí a cheartú**

Is éagsúlacht shuimiúil de ceisteanna trialach í má ullmhaíonn an múinteoir freagraí dea-scríofa ach a bhfuil lochtanna coincheapúla iontu agus má iartarr ar na páistí iad a cheartú agus a chur in eagar. D'fhéadfaí go mbeadh míthuiscintí coitianta, freagraí cearta nach bhfuil críochnaithe, nó fíricí agus tuairimí atá go hiomlán mícheart sna freagraí seo.

**Sampla 6: Meaitseáil**

Bealach éifeachtúil is ea an fhormáid mheaitseála d'fhonn aitheantas an pháiste ar ghaoil idir focail agus sainmhínithe, imeachtaí agus dáta, catagóirí agus samplaí a scrúdú.

**Sampla 7: Ceisteanna ilroghnacha**

Soláthraíonn freagraí ar cheisteanna ilroghnacha eolas faoi chumas an pháiste chun freagra ceart a roghnú má tá rogha d'fhreagraí eile atá mícheart. Mar sin de, léiríonn freagra an pháiste a c(h)umas chun freagra ceart a aithint seachas é a thabhairt.

Ceist ilroghnach shamplach:
**297 + 352 = 649**
Tá an fhíric uimhreach seo i gcló dubh fíor.
Cén ceann de na fíricí uimhreach a leanas atá fíor?
a) 397 + 362 = 659
b) 649 - 352 = 317
c) 29.7 + 35.2 = 6.49
d) 287 + 342 = 629

**Sampla 8: Ceisteanna 'fíor nó bréagach'**

Is féidir ceisteanna 'fíor nó bréagach' a úsáid le heolas a bhailiú faoi mhíthuiscintí coitiana páistí.

Ceist 'fíor nó bréagach' shamplach:
Amharc ar an suim. An bhfuil an freagra fíor nó bréagach?
Cuir tic (√) sa bhosca má shíleann tú, **is ea, tá an freagra fíor**.
Cuir X sa bhosca má shíleann tú, **ní hea, tá an freagra bréagach**.

$$\begin{array}{r} 18 \\ +23 \\ \hline 311 \end{array} \quad \square$$

D'fhéadfadh an múinteoir colún 'mínigh' a chur leis ina scríobhann an páiste abairt nó dhó a thugann cúis lena f(h)reagra.

**Sampla 9: Ceisteanna atá léirithe ar bhealach nua**

Is féidir ceisteanna a léiriú i bhfoirm neamhnósmhar le tuiscint páistí ar choincheap faoi leith a scrúdú.

Ceist shamplach atá léirithe ar bhealach nua:
D'fhonn tuiscint an pháiste ar luach áite a mheasúnú tabhair colún d'uimhreacha mí-ailínithe dó/dí.

$$\begin{array}{r} 4 \\ 35 \\ +24 \\ \hline \end{array}$$

Iarr air/uirthi na huimhreacha a léamh agus an freagra a scríobh. Nuair atá sé sin déanta iarr ar an bpáiste an freagra a léamh os ard. Iarr air/uirthi cúis a thabhairt leis an bhfreagra, ag cur ceiste iniúchta, mar shampla *an dóigh leat go bhfuil sé sin ceart?*

**Sampla 10: Scálaí**

Is féidir scálaí a úsáid le cuidiú le páistí freagairt ar cheisteanna oscailte. Tugann seo struchtúr éigin do pháistí agus ag am céanna bíonn siad ábalta roghnú ó raon freagraí.

Seo a leanas sampla de scála le cuidiú le páistí freagairt ar phíosa ealaíne.

Tulips by Afternoon Light, anaithnid.



Amharc go cúramach ar an bpictiúr seo. Taifead d'fhreagairt air ar scála 1-7 trí chiorcal a chur thart ar uimhir. Mar shampla, cén t-am den lá atá sé sa phictiúr? Má cheapann tú gur an mhaidin atá ann, cuir ciorcal thart ar 1. Má cheapann tú gur an oíche atá ann cuir ciorcal thart ar 7. Má cheapann tú go bhfuil sé am éigin eatarthu sin, roghnaigh idir 2, 3, 4, 5 nó 6. Scríobh cúis le d'fhreagra nuair atá ciorcal curtha thart ar uimhir agat.

Cén cineál solais atá sa phictiúr?
Geal? 1 2 3 4 5 6 7 Dorcha?
Tabhair cúis le do scór.

______________________________

An bhfuil imeallacha rudaí
Soiléir agus géar? 1 2 3 4 5 6 7 Bog agus clúmhach?
Tabhair cúis le do scór.

______________________________

An bhfuil an phéint
Éadrom? 1 2 3 4 5 6 7 Trom?
Tabhair cúis le do scór.

______________________________

An bhfuil atmaisféar an phictiúir
Sona? 1 2 3 4 5 6 7 Brónach?
Tabhair cúis le do scór.

______________________________

# Aguisín B
# Acmhainní ar féidir fótachóipeanna a dhéanamh díobh





San aguisín seo tá acmhainní ar féidir fótachóipeanna a dhéanamh díobh agus is féidir iad a úsáid le féinmheasúnú, le measúnú fillteán tionscadail, agus le tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir. Áirítear orthu seo

- **Greille Know, Want to know, Learned (KWL).** Má líonann páiste greille díríonn sé/sí ar an rud atá ar eolas aige/aici cheana, ar an rud ba mhaith leis/léi a bheith ar eolas acu, agus ar na rudaí nua atá foghlama aige/aici. (Féach Rannán 2, lgh. 20-21 le haghaidh eolais ar fhéinmheasúnú.)

- Is féidir leis an bpáiste **teimpléad machnaimh** a úsáid le cuidiú leis/léi cinneadh a dhéanamh ar cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh sé/sí píosa oibre faoi leith ina f(h)illteán tionscadail. (Féach Rannán 2, lgh. 30-33 ar mheasúnú fillteán tionscadail.)

- Is féidir leis an múinteoir **bileog phleanála** a úsáid le cuidiú leis/léi ullmhú le haghaidh tascanna a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim páistí. (Féach Rannán 2, lgh. 54-58 le haghaidh eolais ar thascanna agus thrialacha a atá deartha ag an múinteoir.)

| **Páiste:** | | **Dáta:** |
|---|---|---|
| **K**<br>(Cad atá ar eolas agam cheana) | **W**<br>(Cad ba mhaith liom a bheith ar eolas agam) | **L**<br>(Cad atá foghlamtha agam) |
| | | |

Comhlánaigh ag tús ceachta

Comhlánaigh ag deireadh ceachta

| **Nótaí an mhúinteora:** |
|---|
| |

| Páiste: | Dáta: |
|---|---|

**Cur síos ar an obair:**

**D'fhéach mé leis seo a dhéanamh:**

**An rud a rinne mé:**

**An rud atá foghlamtha agam:**

**An rud is maith liom faoin bpíosa oibre seo:**

**An rud a mbeidh orm obair a dhéanamh air:**

**Nótaí an mhúinteora:**

| Rang(anna) | Dáta | Ábha(i)r | Cuspóirí curaclaim |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Acmhainní** | **Am** | **Eagrúchán** | **Cad atá le déanamh** |
| | | | |

**Nótaí an mhúinteora:**

# Aguisín C
# Ceanglais reachtacha maidir le polasaí measúnaithe

Agus polasaí measúnaithe scoile á fhorbairt, ní mór do na scoileanna treoir a fháil ó cheanglais éagsúla reachtacha. **Ag am foilsithe an doiciméid seo** bhí na ceanglais reachtacha cumhdaithe iontu seo a leanas:

- **an tAcht Oideachais (1998)**
- **an tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003)**
- **an tAcht um Chomhstádas (2000)**
- **an tAcht Oideachais (Leas) (2000)**
- **an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004)**
- **na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (1997, 2003).**

Déanann an t-aguisín seo cur síos ar na ceanglais ar scoileanna, **ag am foilsithe an doiciméid seo**, a eascraíonn ó gach píosa den reachtaíocht seo.

## An tAcht Oideachais (1998)

Ceanglaíonn **an tAcht Oideachais (1998)** ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí *athbhreithniú a dhéanamh ar dhaltaí go rialta agus torthaí na meastóireachta a thuairisciú do na daltaí agus dá dtuismitheoirí ar bhonn tréimhsiúil*. I measc impleachtaí an cheanglais seo maidir le múinteoirí agus scoileanna tá

- **nósanna imeachta** measúnaithe le forbairt a thugann cuntas cruinn ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil na bpáistí
- **taifid** le cruthú agus le coinneáil de dhul chun cinn agus ghnóthachtáil na bpáistí agus iad ag freastal ar scoil
- **tuairiscí** measúnaithe le tabhairt do thuismitheoirí ina bhfuil eolas cruinn so-aimsithe maidir le dul chun cinn agus gnóthachtáil a bpáistí.

Cuireann an tAcht Oideachais freagracht ar scoileanna chomh maith maidir *lena chinntiú go sainaithnítear riachtanais oideachais na ndaltaí uile, lena n-áirítear na daltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu agus go bhfreastalaítear orthu ar fad*. Áirítear ar fhreagrachtaí sainiúla na scoileanna daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu a shainaithint agus freastal orthu trí idirchaidreamh leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), de réir mar is cuí, agus monatóireacht ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil na ndaltaí a chomhordú (ag an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta foghlama, an múinteoir acmhainne, agus ag gairmithe eile).

## An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003)

Tá eolas measúnaithe nó sonraí pearsanta ar bith a thaifeadann an scoil faoi réir ag téarmaí **an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003)**, lena n-áirítear taifid fhoirmiúla scoile agus taifid neamhfhoirmiúla, cé acu atá siad i bhfoirm uathoibrithe nó láimhe. Eascaíonn an tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003) an ceart atá ag tuismitheoirí faoin Acht Oideachais chun eolas rialta a fháil ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil a bpáistí. Faoin Acht um Chosaint Sonraí tá tuismitheoirí daltaí atá faoi ocht mbliana déag d'aois (agus daltaí atá ocht mbliana déag nó níos sine) i dteideal rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta uile a bhaineann leis an dalta sin, cé acu a stóráiltear iad i gcóras comhdaithe struchtúrtha sa scoil i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm cóipe crua agus/nó cóipe láimhe. Is féidir eolas a fháil ar na teidil seo ar láithreán gréasáin an Choimisinéara um Chosaint Sonraí ag **http://www.dataprivacy.ie/**. Lena chois sin, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, tá an ceart ag na tuismitheoirí eolas measúnaithe a fháil faoina bpáistí i bhfoirm intuisceana agus tá an ceart acu fios a bheith acu ar fhoinse an eolais mheasúnaithe, mar shampla ó mhúinteoir an ranga nó ón múinteoir tacaíochta foghlama.

Tá na daoine ainmnithe a leanas i dteideal rochtain dhíreach a fháil ar eolas measúnaithe páiste aonair, grúpa nó ranga:

- múinteoir ranga an pháiste
- an múinteoir ranga chuig a bhfuil an páiste ag aistriú, laistigh den scoil chéanna
- an príomhoide
- múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne
- cigire na ROE
- an síceolaí NEPS
- an Bord um Leas Oideachais agus a oifigigh
- gairmithe ábhartha eile (lena n-áirítear Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachas (SENO), teiripeoir ceirde, teoirpeoir urlabhra agus teanga, múinteoir páistí bodhra).

Lena chois sin, d'fhéadfaí eolas measúnaithe faoi pháiste aonair a chur ar fáil do scoil eile, bunscoil nó iar-bhunscoil, má tá an páiste ag aistriú ann.

Ceanglaíonn impleachtaí eile an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003) ar scoileanna an méid seo a leanas a shonrú ina bpolasaí measúnaithe

- cad é an t-eolas a bhailítear, mar shampla, peircintíl ar thriail chaighdeánaithe léitheoireachta ag deireadh gach scoilbhliana
- cén fáth a mbailítear an t-eolas, mar shampla, le páistí a bhainfeadh leas as tacaíocht fhoghlama a shainaithint
- an dóigh a mbailítear an t-eolas, mar shampla, trí thrialacha caighdeánaithe léitheoireachta agus/nó trí thrialacha diagnóiseacha léitheoireachta a úsáid
- an dóigh a stóráiltear an t-eolas, mar shampla, i bhfoirm cóipe crua nó i bhfoirm leictreonach.

Ní mór do pholasaí na scoile an áit a stóráiltear na comhaid agus an fad ama a stóráiltear iad a shainaithint.

Is féidir seicliosta bunúsach a fháil ar laithreán gréasáin an Choimisinéara um Chosaint Sonraí, a thabharfaidh le fios cé acu an bhfuil an scoil ag comhlíonadh ceanglais an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003). Tá an seicliosta seo le fáil ag **http://www.dataprivacy.ie/ViewDoc.asp?fn=/documents/responsibilities/3k.htm&CatID=55&m=y**.

## An tAcht um Chomhstádas (2000)

Bíonn impleachtaí ag an **Acht um Chomhstádas (2000)** ar pholasaí measúnaithe i scoileanna mar go gcuireann sé comhionannas chun cinn agus go gcuireann sé cosc ar chineálacha áirithe leatroim, mar shampla, leatrom de bharr creidimh, aoise, míchumais, nó ballraíochta de phobal mionlaigh. Dá bhrí sin, maidir le modhanna measúnaithe a úsáidtear le heolas a bhailiú ar pháistí, níl sé ceadmhach leatrom a dhéanamh orthu ar bhealach ar bith. Ní mór don mhúinteoir bheith cúramach faoi chlaonadh nuair a thugtar trialacha éirimiúlachta sa Bhéarla le páiste nárbh é an Béarla a gcéad teanga. Ba chóir go mbeadh scoileanna feasach ar na héifeachtaí a bhíonn ag comhthéacs, cultúr agus teanga ar mheasúnú agus ba chóir dóibh a chinntiú go ndéantar na próisis measúnaithe ar bhealach atá oiriúnach do pháistí. Mar shampla, ba chóir go sainaithneodh agus go rachfadh baill foirne i ngleic le haon constaic ar mheasúnú do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus bealaí cuí eile a úsáid más cuí. Ba chóir go gcinntíonn scoileanna go bhfuil na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach, ag cur aoiseanna agus céimeanna forbartha na bpáistí san áireamh.

Is féidir tuilleadh eolais ar an Acht um Chomhstádas (2000) a fháil ar láithreán gréasáin an Údaráis Chomhionannais ag **http://www.equality.ie**.

## An tAcht Oideachais (Leas) (2000)

Cuireann Alt 28 den **Acht Oideachais (Leas) (2000)** freagracht ar phríomhoide scoile maidir le heolas faoi leas an pháiste a chur ar aghaidh chuig gairmithe eile a bhfuil baint acu le tacaíocht a thabhairt d'oideachas an pháiste. Cinntíonn Rialacháin an Achta Oideachais (Leas) (2000) (Alt 28) (Comhlachtaí Forordaithe) 2005 gur féidir eolas a roinnt sna cásanna seo a leanas nuair a roinntear an eolas le haghaidh monatóireachta agus le haghaidh tuilleadh feabhais a chur ar fhoghlaim an pháiste.

- Is féidir eolas a roinnt idir scoileanna nuair a aistríonn páiste (bunscoil go bunscoil agus bunscoil go hiar-bhunscoil).
- Is féidir eolas a roinnt idir an scoil agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta nuair atá an scoil ag iarraidh cuidithe ón Chomhairle.
- Is féidir eolas a roinnt idir an scoil agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, Cigireacht an REO, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, agus mar sin de.

## An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004)

Faoi théarmaí an **Achta um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004)** éilítear ar scoileanna measúnú a dhéanamh ar pháiste nuair a mheastar nach bhfuil siad ag baint leasa as an gclár oideachais a sholáthraíonn an scoil, d'fhonn go dtuigfear an fáth a dtarlaíonn sé seo. Má léirítear sa mheasúnú go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag an bpáiste, tá freagracht ag an bpríomhoide *plean oideachais d'oideachas oiriúnach* an pháiste a ullmhú. Ullmhaíonn sé/sí an plean i gcomhchomhairle le tuismitheoirí an pháiste agus is féidir leis/léi dul i gcomhchomhairle leis an Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais áitiúil. Leagtar síos ceannteidil na n-ábhar ar chóir don scoil a úsáid i bhforbairt an phlean oideachais san Acht. Áirítear orthu seo

- nádúr an pháiste agus an chéim ar a bhfuil an páiste maidir leis na rudaí seo a leanas
  - cumais, scileanna agus tallanna
  - riachtanais speisialta oideachais agus an bealach a dtéann na riachtanais sin i bhfeidhm ar a f(h)orbairt oideachais
- leibhéal reatha d'fheidhmíocht oideachais an pháiste
- riachtanais speisialta oideachais an pháiste
- an t-oideachas speisialta agus na seirbhísí tacaíochta eile a chuirtear ar fáil le cur ar chumas an pháiste
  - leas a bhaint as an oideachas agus páirt a ghlacadh i saol na scoile.
  - aistriú go héifeachtúil ó oideachas réamhscoile go dtí oideachas bunscoile nó ó oideachas bunscoile go dtí oideachas iar-bhunscoile, más cuí.

Ba chóir go gcuimseodh an plean oideachais na spriocanna atá le baint amach ag an bpáiste thar thréimhse nach mó ná 12 mhí.

## Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (1997, 2003)

Agus iad ag tabhairt tacaíochta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt páistí, stórálann scoileanna eolas measúnaithe agus sonraí pearsanta faoi gach páiste i dtaifid fhoirmiúla agus taifid neamhfhoirmiúla scoile araon. Faoi théarmaí an **Achta um Shaoráil Faisnéise (1997)** agus an **Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú) (2003)** ní mór eolas a choinnítear faoi dhuine aonair a chur ar fáil don duine sin nuair a iarrann sé/sí é. Lena chois sin, tá sé de cheart ag an duine iarraidh ar an scoil an t-eolas a bhaineann leis/léi féin a leasú má bhíonn sé neamhiomlán nó mícheart. Tá sé de cheart aige/aici fosta cúiseanna ar chinntí a bhaineann leis/léi a iarraidh. Faoi láthair, ní áirítear scoileanna faoi théarmaí na n-Achtanna um Shaoráil Faisnéise (1997, 2003). Dá n-athrófaí seo, bheadh impleachtaí ag na hAchtanna seo ar pholasaí agus ar chleachtais mheasúnaithe na scoile, go háirithe i ndáil le taifeadadh agus stóráil eolais mheasúnaithe.

# Aguisín D
# Róil na n-eagraíochtaí seachtracha maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim páistí

Agus polasaí measúnaithe á fhorbairt ag scoileanna, ba chóir dóibh róil roinnt eagraíochtaí a chur san áireamh maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim páistí. Áirítear orthu seo

- **an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)**
- **an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)**
- **an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB).**

## An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

Cuidíonn **an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)** leis an scoil le *hoideachas* a sholáthar *do dhaltaí atá oiriúnach dá gcumas agus dá riachtanais* … (An tAcht Oideachais (1998) lch. 9). Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go bhfuil dlúthchaidreamh oibre idir an scoil agus an síceolaí ábhartha NEPS. Ba chóir go n-ainmneodh scoileanna a síceolaí NEPS ina bpolasaí scoile agus mionléiriú a thabhairt ar an gcur chuige measúnaithe agus ar na nósanna imeachta atreorúcháin atá leagtha síos i gcáipéisí treoirlínte NEPS. Ba chóir go mbeadh an próiseas atreorúcháin cuimsithe sa pholasaí ar mheasúnú agus ba chóir go mbeadh cóipeanna de na foirmeacha, a sholáthraíonn NEPS, comhdaithe leis an bpolasaí.
Ba chóir go mbeadh cúiseanna le hatreorúchán sainiúil agus soiléir.

**Tábla 5: Samhail Chéimnithe Idirghabhála**

| **Trí Chéim, Próiseas Amháin** | | |
|---|---|---|
| Céim 1<br>Céim an Ranga Uile | Céim 2<br>Céim Tacaíochta Scoile | Céim 3<br>Céim Chomhairliúcháin/ Mheasúnaithe |
| Tuismitheoirí<br><br>Múinteoir(í)<br><br>Páiste<br><br>Comhairliúchán le síceolaí NEPS | Tuismitheoirí<br><br>Múinteoir(í)<br><br>Páiste<br><br>Múinteoir(í) Tacaíochta<br><br>Comhairliúchán le síceolaí NEPS | Tuismitheoirí<br><br>Múinteoir(í)<br><br>Páiste<br><br>Páirteachas díreach síceolaithe NEPS<br><br>Gairmithe eile |
| I ndiaidh comhchomhairle le síceolaí NEPS d'fhéadfaí tús áite a thabhairt do ghéarchásanna le dul ar aghaidh go dtí Céim 3. | | |

Tá samhail trí chéim forbartha ag NEPS d'fhonn cuidiú le scoileanna freastal ar pháistí le riachtanais speisialta oideachais. (Féach Tábla 5). Ba chóir an tsamhail seo a chuimsiú i bpolasaí na scoile ionas go mbeidh gach duine ábhartha eolach ar a bhfreagrachtaí maidir le páistí.

Tá eolas breise le fáil faoi obair an NEPS ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag **http://www.education.ie**.

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Téann **an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)** i dteagmháil le scoileanna lena chinntiú go mbíonn rochtain ag páistí le riachtanais speisialta oideachais ar oideachas agus ar sheirbhísí eile tacaíochta, ag úsáid líonra d'Eagraithe um Riachtanais Speisialta Oideachais (SENOanna).

Oibríonn SENOanna le scoileanna agus le tuismitheoirí le tacaíocht a thabhairt do pháistí le riachtanais speisialta oideachais ar na dóigheanna seo a leanas. Déanann siad

- iarratais scoileanna le haghaidh tacaíocht múinteora acmhainne a phróiseáil agus cinneadh a dhéanamh ar leibhéal na tacaíochta atá oiriúnach don scoil
- iarratais scoileanna a phróiseáil agus cinneadh a dhéanamh ar leibhéal na tacaíochta atá cuí le haghaidh cúnamh riachtanas speisialta do pháistí atá faoi mhíchumas
- iarratais scoileanna le haghaidh trealamh speisialta/ teicneolaíocht cúnta a scrúdú
- iarratais scoileanna le haghaidh socruithe iompair do pháistí atá faoi mhíchumas a scrúdú agus moltaí a thabhairt don Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- an timpeallacht chuí oideachais a shainaithint do pháistí aonair a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is féidir tuilleadh eolais ar obair NCSE a fháil ar láithreán gréasáin na heagraíochta ag **http://www.ncse.ie**.

## An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB)

Is é **an Bord Náisiunta Leasa Oideachais (NEWB)** an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as freastal rialta ar scoil a spreagadh agus a thacú. Bunaíodh an Bord lena chinntiú go bhfreastalaíonn gach páiste ar scoil go rialta, nó go bhfaigheann siad oideachas eile nó go nglacann siad páirt in oiliúnt. Oibríonn an Bord le scoileanna le cuidiú leo a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht Oideachais (Leas) (2000) trí líonra d'Oifigigh Leasa Oideachais. Agus a n-obair á gcomhlíonadh acu, d'fhéadfadh na hoifigigh seo rochtain a iarraidh ar eolas measúnaithe a choinníonn an scoil faoi pháiste áirithe.

Is féidir tuilleadh eolais ar obair an NEWB a fháil ar láithreán gréasáin na heagraíochta ag **http://www.newb.ie**.

# Leabharliosta

**Airasian, P. W.**
*Assessment in the Classroom, A Concise Approach.* (2th edition)
Bostún, McGraw Hill, 2000

**Allyn agus Bacon**
*Taxonomy of educational objectives.*
[arna ghairm 2007 Bealtaine 29].
Le fáil ó: URL: http://www.coun.uvic.ca/learn/program/hndouts/bloom.html

**American Federation of Teachers, the National Council on Measurement in Education, and the National Education Association**
*Standards for Teacher Competence in Educational Assessment of Students,* 1990.

**Association for Achievement and Improvement through Assessment**
*Assessment for Learning / Assessment Issues / Thinking Skills / Websites.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.aaia.org.uk/assessment.asp

**Atherton, J. S.**
*Learning and Teaching: Bloom's taxonomy.*
[arna ghairm 2007 Feabhra 24].
Le fáil ó: URL: http://www.learningandteaching.info/learning/bloomtax.htm

**Australian Government Department of Education Science and Training**
*Strategies for teaching reading in the middle years.*
[arna ghairm 2007 Iúil 13]. Le fáil ó: URL: http://www.myread.org/index.htm

*Classroom Organisation.*
[arna ghairm 2007 Iúil 13]. Le fáil ó: URL: http://www.myread.org/organisation.htm

*Self and Peer Assessment.*
[arna ghairm 2007 Iúil 13]. Le fáil ó: URL: http://www.myread.org/monitoring_self.htm

**Black, P.**
*Testing: Friend or Foe? The Theory and Practice of Assessment and Testing.*
Londain, The Falmer Press, 1998

**Black, P. agus Wiliam, D.**
*Inside the Black Box: Raising Standards through Classroom Assessment.*
Londain, Kings College, 1998

**Bloom, B. S.**
*Taxonomy of Educational Objectives. Vol. 1: Cognitive Domain.*
Nua-Eabhrach, McKay, 1956

**Blythman, MacLeaod agus Ciesla**
*Classroom Observation from Inside* (Spotlight 16).
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.scre.as.uk/spotlight/index.html

**Burden, R. agus Williams, M.**
*Thinking through the Curriculum.*
Londain & Nua-Eabhrach, Routledge, 1998

**Cashin, W.**
*Answering and asking questions,*
*IDEA Páipéar Uimh.31, Eanáir, 1995.*
[arna ghairm 2007 Bealtaine 29].
Le fáil ó: URL: http://honolulu.hawaii.edu/intranet/committees/FacDevCom/guidebk/teachtip

**Center for Educational Technologies**
*Concept Mapping.*
[arna ghairm 2007 Feabhra 13].
Le fáil ó: URL: http://www.cet.edu/ete/pbl2.html

**Ciesla, Blythman agus MacLeod**
*Fitting in Pupil Shadow Studies* (Spotlight 17).
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://scre.ac.uk/spotlight/index.html

**Clarke, S.**
*Unlocking Formative Assessment. Practical Strategies for Enhancing Children's Learning in the Primary Classroom.*
Londain, Hodder & Stoughton, 2001

**Clausen-May, T.**
*An Approach to Test Development.*
Berkshire, National Foundation for Educational Research, 2001

**Coalition of Essential Schools National web**
*Looking Collaboratively at Student Work: An Essential Tool.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.essentalschools.org/cs/resources/view/ces_res/57

**Cowie, B. agus Bell, B.**
A Model of Formative Assessment in Science Education.
*Assessment in Education.* Imleabhar 6, Uimh.1, lgh.101-116, 1999

**Dalton, J. agus Smith, D.**
*Extending Children's Special Abilities Strategies for primary classrooms, lgh. 36-7.*
[arna ghairm 2007 Bealtaine 29].
Le fáil ó: URL: **http://www.teachers.ash.org.au/resecrchskills/dalton.htm**

**Davis, B.**
*Quizzes, Tests and Exams.*
[arna ghairm 2007 Bealtaine 29].
Le fáil ó: URL: **http://honolulu.hawaii.edu/intranet/committees/FacDevCom/guidebk/teachtip/**

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
*Curaclam na Bunscoile.*
Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais, 1999

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
*Developing a School Plan: Guidelines for Primary Schools.*
Baile Átha Cliath, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
*Treoirlínte Tacaíochta Foghlama.*
Baile Átha Cliath, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
*School Development Planning, Phase 3 Schools: Guidelines and Resources.*
Baile Átha Cliath, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2001

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
*Ag Tacú le Measúnú i mBunscoileanna*
(Imlitir 0138/2006).

**Foras Taighde ar Oideachas**
*Drumcondra English Profiles.*
Baile Átha Cliath, Foras Taighde ar Oideachas, 2000

**Foras Taighde ar Oideachas**
*Triail Mhatamaitice Bhunscoile Dhroim Chonrach* (Eagrán leasaithe).
Baile Átha Cliath, Foras Taighde ar Oideachas, 2007

**Foras Taighde ar Oideachas**
*Drumcondra Primary Reading Test* (Eagrán leasaithe).
Baile Átha Cliath, Foras Taighde ar Oideachas, 2007

**An tÚdarás Comhionannais**
*Comhionannas in Éirinn na hIlghnéitheachta.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: **http://www.equality.ie**

**Goodrich, H.**
Understanding rubrics.
*Educational Leadership*, 54(4), lgh. 14-17, 1996

**Rialtas na hÉireann**
*An tAcht um Chosaint Sonraí.*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1988

**Rialtas na hÉireann**
*An tAcht um Shaoráil Faisnéise.*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1997

**Rialtas na hÉireann**
*An tAcht Oideachais.*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1998

**Rialtas na hÉireann**
*An tAcht um Stádas Comhionann.*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 2000

**Rialtas na hÉireann**
*An tAcht Oideachais (Leas).*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 2000

**Rialtas na hÉireann**
*An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú).*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 2003

**Rialtas na hÉireann**
*An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú).*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 2003

**Rialtas na hÉireann**
*An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair 2004

**Higgins, S., Baumfield, V. agus Leat, D.**
*Thinking through Primary Teaching.*
Cambridge, Chris Kington Publishing, 2001

**Cumann Múinteoirí Éireann**
*Acht EPSEN.*
[arna ghairm 2007 Iúil 10].
Le fáil ó: URL: **http://www.into.ie/ROI/WhatsNew/Issues/SpecialEducation/EPSENAct2004/**

**Kinds of Concept Maps**
© 2007 [arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: **http://classes.aces.uiuc.edu/ACES100/Mind/c-m2.html**

**Krathwohl, D. R., Bloom, B. S. agus Masia, B. B.**
*Taxonomy of educational objectives; Handbook 11: Affective domain.*
Nua-Eabhrach, David McKay Co., 1964

**Linn, R. L. agus Gronlund, N. E.**
*Measurement and Assessment in Teaching.*
New Jersey, Merrill Prentice Hall, 2000

**Loyd, B. H. agus Loyd D. E.**
Kindergarten through Grade 12 Standards: A Philosophy of Grading, in Phye, G.D. (Ed.),
*Handbook of Classroom Assessment, Learning Adjustment and Achievement.*
San Diego, Academic Press, 1997

**Coláiste Mhuire gan Smál**
*SIGMA-T Mathematics Assessment Test* (Eagrán leasaithe).
Luimneach, Coláiste Mhuire gan Smal, 2007

**Coláiste Mhuire gan Smál**
*MICRA-T Reading Assessment Test* (Eagrán leasaithe).
Luimneach, Coláiste Mhuire gan Smal, 2007

**Mason, K.**
*Assess and Progress.*
Berkshire, National Foundation for Educational Research, 1995

**McPhilips, T.**
*The Learning Support Teacher, a Practical Handbook.*
Baile Átha Cliath, Ionad Oideachais na Carraige Duibhe, 2003

**Nasen**
*Policy Document on Assessment.*
Londain, Nasen, 2002

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**
*Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sa Bhunscoil.*
Baile Átha Cliath, CNCM, 2004

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**
*Ag tacú le Measúnú i Scoileanna 1: Measúnú i mBunscoileanna.*
Baile Átha Cliath, CNCM, 2005

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**
*Tacú le Measúnú i Scoileanna 3: Comhairle ar Thástáil Chaighdeánaithe le linn na Scolaíochta Éigeantaí.*
Baile Átha Cliath, CNCM, 2005

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**
*Foghlaim Páistí sa Bhunscoil: Céard, Cén Fáth agus Conas—DVD do Thuismitheoirí.*
Baile Átha Cliath, CNCM, 2006

**Láithreán gréasáin chorparáide na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**
[arna ghairm 2007 Meitheamh 14].
Le fáil ó: URL: http://www.ncca.ie

**Láithreán gréasáin 'curaclam ar líne' den Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**
[arna ghairm 2007 Meitheamh 14].
Le fáil ó: URL: http://www.curriculumonline.ie

**Láithreán gréasáin ACTION na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**
[arna ghairm 2007 Meitheamh 14].
Le fáil ó: URL: http://www.ncca.ie

**Láithreán gréasáin na Comhairle Náisiúinta um Oideachas Speisialta**
[arna ghairm 2007 Meitheamh 14].
Le fáil ó: URL: http://www.ncse.ie

**Láithréan gréasáin an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais**
[arna ghairm 2007 Meitheamh 14].
Le fáil ó: URL: http://www.newb.ie

**An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais**
*Working Together to Make a Difference for Children, the NEPS Model of Service.*
Baile Átha Cliath, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta

**Láithreán gréasáin an National Literacy Trust**
[arna ghairm 2007 Iúil 10]. Le fáil ó: URL: http://www.literacytrust.org.uk

**Newton, D.**
*Teaching with Text. Choosing, Preparing and using Textual Materials for Instruction.*
Londain, Kogan Page Ltd., 1999

**Newton, D.**
*Teaching for Understanding.*
Londain & Nua-Eabhrach, Routledge Falmer, 2000

**New Zealand Ministry of Education**
*Te Kete Ipurangi—The Online Learning Centre.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.tki.org.nz/

**North Central Regional Educational Laboratory**
*Using Concept Mapping as an Assessment Method.*
[arna ghairm 2007 April 30].
Le fáil ó: URL:
http://www.ncrel.org/sdrs/areas/issues/content/cntareas/science/sc7conc.htm

**Novak, J. D. agus Gowin, D. B.**
*Learning how to learn.*
Nua-Eabhrach agus Cambridge, an Ríocht Aontaithe: Cambridge University Press, 1984

**Ogle, D.**
K-W-L-Plus: A strategy for comprehension and summarisation.
*Journal of Reading*, Imleabhar 30, lgh. 626-663, 1983

**Payne, J.**
*Mathematics for the Young Child.*
Stáit Aontaithe Mheiriceá, The National Council of Teachers of Mathematics, 1990

**Phye, G. D. (Eag.)**
*Handbook of Classroom Assessment, Learning Adjustment and Achievement.*
San Diego, Academic Press, 1997

**Qualifications and Curriculum Authority**
*An Ríocht Aontaithe, International Review of Curriculum and Assessment Archive Frameworks Internet Access.*
Le fáil ó: URL: http://www.inca.org.uk

**Rhodes, L. agus Shanklin, N.**
*Windows into Literacy.*
Portsmouth NH, Heinemann, 1993

**Ricket, M. A., Schudt Caldwell, J., Hilt Jennings, J., agus Lerner, J.**
*Reading Problems, Assessment and Teaching Strategies.*
Bostún, Allyn and Bacon, 2002

**Road Ahead**

*Childcare.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.newchildcare.co.uk/index.html

*Observation Techniques Anecdotal.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.newchildcare.co.uk/Anec.html

*Observation Techniques Event Sampling.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.newchildcare.co.uk/Event.html

*Observation Techniques Target Child.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.newchildcare.co.uk/Target.html

*Observation Techniques Time Sampling.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.newchildcare.co.uk/Time.html

**Rosenshine, B. agus Meister, C.**
The use of scaffolds for teaching higher-level cognitive strategies.
*Educational Leadership*, 49(7), lgh. 26-33, 1992

**Ruiz-Primo, M. A.**
Examining concept maps as an assessment tool in Canas, A. J., Novak, J. D. agus Gonzàlez, F. M., *Concept Maps: Theory, Methodology, Technology*. Proceedings of the First International Conference on Concept Mapping.
Universidad Publica de Navarra, Pamplona, an Spáinn, 2004

**Salvia, J. agus Ysseldyke, J.**
*Assessment* (8th eagrán).
Bostún, Houghton Mifflin, 1998

**Seirbhís Pleanála um Fhorbairt Scoile (Bunscoileanna)**
*A Whole School Approach, the School Development Planning poster.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: www.sdps.ie.

**Science Education Resource Center, Carleton College**
*Developing Concept Maps.*
[arna ghairm 2007 April 30].
Le fáil ó: URL: http://serc.carleton.edu/introgeo/browse_examples.html

**Stiggins, R. J.**
*Student-centred Classroom Assessment* (2nd edition).
New Jersey, Prentice Hall, 1997

**Sutton, R.**
*Assessment for Learning.*
Sasana, Ruth Sutton Publications, 2001

**Teaching Resources**
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://home.att.net/~teaching/

**An Coimisinéir Cosanta Sonraí**
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.dataprivacy.ie

**An Coimisinéir Cosanta Sonraí**
*Data Protection Acts 1988 and 2003: A Guide for Data Controllers.*
Baile Átha Cliath, An Coimisinéir Cosanta Sonraí, 2003

**The North Central Regional Educational Laboratory**
*Using Concept Mapping as an Assessment Method.*
[arna ghairm 2007 Iúil 18].
Le fáil ó: URL: http://www.ncrel.org/sdrs/areas/issues/content/cntareas/science/sc7conc.htm

**Thompson, M. agus Wiliam, D.**
*Tight but Loose: A Conceptual Framework for Scaling Up Reforms.*
Páipár a tugadh ag cruinniú bliantúil an American Educational Research Association (AERA), 9-13 Aibreán, 2007

**Torrance, H. agus Pryor, J.**
*Investigating Formative Assessment—Teaching, Learning and Assessment in the Classroom.*
Buckingham, Open University Press, 1998

**Veenema, S.**
*Portfolio Assessment, in the Project Zero Classroom:*
*New Approaches to Thinking and Understanding*,
(eagarthóirí Veenema, S., Hetland, L. agus Chalfen, K.).
Cambridge, MA, Harvard Graduate School of Education, 1997

**Westwood, P.**
*Commonsense Methods for Children with Special Needs*
(3ú eagrán).
Londain, Routledge Falmer, 1997

**Westwood, P.**
*Commonsense methods for children with special educational needs.*
Londain, Routledge Falmer, 2003

**Victorian Curriculum and Assessment Authority**
*Using cognitive organisers in the middles years* by D. Brown
[arna ghairm 2007 Feabhra 13].
Le fáil ó: URL: **http://www.vcaa.vic.edu.au/prep10/csf/publications/midyears/uscogorg.html**

**Wilen, W.**
*Effective Techniques of Questioning.*
[arna ghairm 2007 Bealtaine 29].
Le fáil ó: URL: **http://honolulu.hawaii.edu/intranet/committees/FacDevCom/guidebk/teachtip/**

**Wilson, L.**
*Newer Views of learning—Types of Questions.*
[arna ghairm 2007 Bealtaine 29].
Le fáil ó: URL: **http://www.uwsp.edu/education/lwilson/learning/quest2.htm**

**Woodward, H. agus Munns, G.**
*Self-Assessment: Ways to become a Classroom 'Insider'.*
Páipéar a tugadh ag Comhdháil IAEA, Philadelphia,
Pennsylvania, Meitheamh 2004.

**CNCM**
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Muirfean, Baile Átha Cliath 2
T: +353 1 661 7177
F: +353 1 661 7180
info@ncca.ie
www.ncca.ie
© CNCM 2007

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta



**www.ncca.ie**

Design_**www.reddog.ie**